Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Áiteanna do Dhaoine

## An Beartas Náisiúnta um Ailtireacht




Arna ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta 2022
www.gov.ie/housing

# Tugtar cuntas sa Bheartas Náisiúnta um Ailtireacht ar bhealaí le cáilíocht san ailtireacht agus sa timpeallacht thógtha agus nádúrtha a chur chun cinn agus a leabú sna blianta amach romhainn in Éirinn.

Tacaíonn réimse gníomhartha leis na cuspóirí beartais a bheartaítear a chuirfidh le fís an bheartais a bhaint amach:

Cumas na hailtireachta agus an dearaidh tacú le sochaí níos inbhuanaithe agus níos athléimní bunaithe ar eolas agus ar chruthaitheacht agus atá curtha chun cinn ag ceannaireacht agus rannpháirtíocht ionchuimsitheach

Braitheann cur i bhfeidhm rathúil ar an bhfís seo a chur in iúl le tacaíocht agus rannpháirtíocht réimse fairsing páirtithe leasmhara sa tsochaí phoiblí agus shibhialta a ghnóthú.

Dearadh tírdhreacha inbhuanaithe Champas Bhacastúin, Contae Chill Dara le hOifig na nOibreacha Poiblí. Grianghraf le hOifig na nOibreacha Poiblí.



## Leis an mBeartas Náisiúnta um Ailtireacht, cuirtear chun cinn cumhacht na hailtireachta agus an deartha chun sochaí níos inbhuanaithe a chothú

# Clár Ábhar

Brollach 1
Achoimre feidhmiúcháin 3

Réamhrá 7
An beartas seo a fhorbairt 17
Fís an Bheartais Náisiúnta um Ailtireacht 19
Socruithe rialachais 21
Cuspóirí 23
Dul i mbun Gnímh 53
Cén chuma a bheidh ar rathúlacht an Bheartais Náisiúnta um Ailtireacht? 73
Auguisín 75

Creidiuintí:

Creidiúintí: Tá cóipeanna de na grianghraif uile de thionscadail a bhfuil gradam faighte acu curtha ar fáil anseo le caoinchead Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

Grianghraf clúdaigh sa bharr ar chlé - Port Centre Precinct, Baile Átha Cliath le Darmody Architecture. Buaiteoir ghradam RIAI, 2018. Grianghraf le Enda Kavanagh

Grianghraf clúdaigh sa bharr ar dheis - Tooting Meadow, Droichead Átha, Co. Lú le McKevitt King Architects. Buaiteoir ghradam RIAI, 2020. Grianghraf le Richard Hatch Photography

Grianghraf clúdaigh ag an mbun – Stáisiún Gardaí Dhún na nGall, Rhatigan Architects. Buaiteoir ghradam RIAI 2021. Grianghraf le Paul Doherty

# Brollach.

## An tAire Darragh O'Brien



Creidim go mbaineann an ailtireacht le daoine agus go bhfuil sí ar mhaithe le daoine. Déanann na foirgnimh, na háiteanna agus na spásanna a dhéanann, a mhúnlaíonn, a úsáideann agus a bhainistíonn daoine comhthéacs sóisialta agus fisiciúil ár saolta a shainiú. Imríonn na cinntí a dhéanaimid faoi na timpeallachtaí atá mórthimpeall orainn tionchar díreach ar chaighdeán ár mbeatha, ar ár bhféiniúlacht, ar ár sláinte agus ár leas, ar mhórtas áite agus ar conas úsáidimid ár gcuid ama.

Ní hamháin go ndéanann na háiteanna ardchaighdeáin a fhaighimid le hoidhreacht agus iad siúd a dhéanaimid inniu freastal ar ár ngátar i dtaobh fothana, tráchtála, cultúir, fóillíochta agus soghluaisteachta, ceanglaíonn siad linn leis an am atá imithe thart agus déanfaidh siad sinn a thionlacan amach anseo.

Chuir Éire a hainm le gealltanais Eorpacha agus idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis na dúshláin chasta a chruthaíonn an Domhan agus a acmhainní a chothú agus a chobhsú. D'fhógraíomar go foirmiúil go bhfuil éigeandáil aeráide ann agus tá géarchéim thithíochta ann ag an tráth céanna. Lorgaíonn an Beartas Náisiúnta um Ailtireacht le hailtireacht a chur i gcroílár an bhealaigh a fhreagraímid do na brúnna casta idirspleácha seo chun torthaí atá dírithe ar dhaoine a bhaint amach.

Is furasta feidhm na hailtireachta i dtaobh conas a fhéadfaimid cóiríocht a sholáthar do dhaonra atá ag dul i méid a thuiscint; ach tá ceangal dlúth idir an ailtireacht freisin agus na bealaí a dhéanaimid pleanáil, athúsáid agus tógáil mhaith amach anseo, áfach, le hathrú aeráide a mhaolú agus a oiriúnú agus lenár bpláinéad a chothú.

Ó 1997, chabhraigh beartais ailtireachta i ndiaidh a chéile le feasacht a mhúscailt ar an iomaí bealach a théann an ailtireacht chun sochair gach duine dínn. Thacaigh na beartais seo le tionscnaimh nuálacha agus inbhuanaithe le go leor blianta anuas, a mhéadaigh an méid eolais agus líonraí eagraíochta atá ann.

Gné ríthábhachtach ratha i dtaobh an beartas seo a chur i bhfeidhm a bheidh i dtoilteanas eagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí cur chuige nuálach, cruthaitheach agus praiticiúil a ghlacadh i leith fadhbanna casta a réiteach i dtaobh na timpeallachta tógtha, trí struchtúir, próisis agus tionscadail idirdhisciplíneacha agus idireagraíochta.

**Darragh O'Brien, TD**
An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
2022

# Brollach.

## An tAire Malcolm Noonan



Léirítear inár n-oidhreacht iontach ailtireachta in Éirinn an luach atá ar dhearadh maith, ábhair ardchaighdeáin mharthanacha agus ar scileanna praiticiúla ceardaíochta. Déanann ár n-oidhreacht thógtha ár gceantair áitiúla a bheochan, spreagann sí cruthaitheacht nua agus meabhraíonn sí dúinn gur caitheadh dua mór le foirgnimh a thógáil d'ábhair áitiúla - cloch, cré, iarann, adhmad agus uisce - agus gur léiríodh meas orthu agus go ndearnadh iad a chothabháil le blianta fada anuas.

Léiríonn an oidhreacht thógtha dúinn an bealach chun cinn don gheilleagar ciorclach: meas a léiriú ar an gcarbón atá inti, oibriú le foirgnimh a chruthaigh cheana féin go bhfuil siad marthanach, iad a athúsáid agus a dheisiú go hincriminteach, meas a léiriú ar na scileanna daonna atá bainteach agus gan ach ábhair agus comhábhair nua a úsáid ach má tá siad comhoiriúnach, neodrach ó thaobh carbóin de nó mura bhfuil ach ísealmhéid carbóin iontu, agus má thagtar orthu go háitiúil.

Tá sé bunriachtanach go smaoinímid anois go soiléir faoi na bealaí a dhéanaimid idirchaidreamh lenár dtimpeallacht agus faoi conas a dhéanaimid ár dtimpeallacht a athúsáid agus a fhorbairt. Tá na hathruithe atá ag teacht ar ár n-aeráid ag tarlú níos tapúla agus tá éifeachtaí agus dúshláin shoiléire ag teacht aníos. Tá brúnna éiceolaíochta ag dul i dtreise. Tá ár n-acmhainní fisiciúla teoranta agus leochaileach do róshaothrú.

Leagtar amach inár mBeartas Náisiúnta um Ailtireacht nua na bealaí a ghlacfaidh an Rialtais seo ceannas maidir le gníomh ardchaighdeáin comhordaithe a sholáthar i dtaobh na timpeallachta tógtha agus nádúrtha, agus tacú leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí i gcomhthráth a leagtar amach in Tithíocht do Chách, an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Táim ag tnúth le hoibriú le chéile chun na gníomhartha a leagtar amach sa bheartas seo sna míonna agus sna blianta amach romhainn a thabhairt chun cinn.

**Malcolm Noonan, TD**
An tAire Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin
2022

# Achoimre feidhmiúcháin.

Déanfaidh an Beartas Náisiúnta um Ailtireacht cáilíocht san ailtireacht agus sa timpeallacht thógtha in Éirinn a chur chun cinn agus a leabú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht mhéadaithe chomhshaoil, gheilleagrach agus shóisialta.

Leagtar béim i bhfís an bheartais ar chumas na hailtireachta agus an deartha chun tacú le sochaí níos inbhuanaithe a bhfuil teacht aniar níos mó inti, sochaí atá bunaithe ar eolas agus ar chruthaitheacht, a mbrúitear chun cinn le ceannaireacht agus le rannpháirtíocht ionchuimsitheach. Léirítear san fhís seo na tosaíochtaí a scagadh trí anailís a dhéanamh ar na haighneachtaí comhairliúcháin.

Tacaíonn an beartas le tosaíochtaí ailtireachta agus timpeallachta tógtha a chur i bhfeidhm, Tionscadal Éireann 2040, an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021, Tithíocht do Chách agus Tús Áite do Lár an Bhaile. I gcomhthéacs na hEorpa, eascraíonn an treoir beartais agus na meicníochtaí cistithe ó Chomhaontú Glas na hEorpa, an 'Rabharta Athchóiriúcháin' (Renovation Wave), Aistriú Cóir (Just Transition) agus an Bauhaus Eorpach Nua san áireamh. Imríonn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe tionchar ar thosaíochtaí náisiúnta agus Eorpacha araon.

Tacaíonn ceithre chuspóir leis an bhfís bheartais:

## Inbhuanaitheacht

Meas a léiriú ar an am atá imithe thart – ár dtodhchaí a mhúnlú – tús áite a thabhairt d'fhoirgnimh agus áiteanna íogaire le spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach

## Cáilíocht

Foirgnimh agus spásanna ardchaighdeáin a dhearadh agus a sholáthar do chách

## Ceannaireacht

Tacú le ceannaireacht chun tús áite a thabhairt do thorthaí ardchaighdeáin ailtireachta

## Cultúr

Cultúr a chothú a léiríonn meas ar an ailtireacht mar ealaín agus eolaíocht araon, a fhreastalaíonn ar dhaoine, ar áiteanna agus ar an bpláinéad




Baineann go leor de na gníomhartha a mhol páirtithe leasmhara i rith an phróisis chomhairliúcháin leis na ceithre chuspóir go léir. Mar thoradh air sin, déantar an clár um chur i bhfeidhm a eagrú faoi thrí chatagóir ghníomhartha, seachas faoi na cuspóirí féin. Iad iad na trí chatagóir seo::

### Meas a Léiriú agus Cumasú

Meas a léiriú ar an ailtireacht, daoine a chumasú: athrú cultúir a chothú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht

### Clár Cáilíochta a Leagan Amach

Clár cáilíochta a leagan amach le hinbhuanaitheacht a bhaint amach

### Eolas a Ghiniúint

An bonn fianaise a fheabhsú trí thaighde, oideachas agus eolas a mhalartú

Baineann 'Meas a Léiriú agus Cumasú' go príomha le daoine agus an cultúr; baineann 'Clár Cáilíochta a Leagan Amach' le modhanna agus creataí daingne; agus baineann 'Eolas a Ghiniúint' le heolas a ghiniúint agus a úsáid. Cruthaíonn na trí chatagóir triantán idirspleách, a bhainfidh cuspóirí an bheartais amach nuair a théitear i ngleic go hiomlánaíoch leo.

Déanfaidh bord soláthair, ar a ndéanfaidh an Príomhailtire in Oifig na nOibreacha Poiblí/an tAiltire Stáit cathaoirleacht agus ina mbeidh ionadaithe ó Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí, maoirseacht ar an gclár um chur i bhfeidhm.

Sainaithnítear trí ghníomh tosaigh a dtugtar tús áite dóibh mar bhunchlocha don chlár um chur i bhfeidhm: lúb eolais earnála poiblí a chruthú; comhaontú le sraith critéir náisiúnta cháilíochta dearaidh; agus anailís a dhéanamh ar riachtanais taighde agus sonraí ailtireachta agus timpeallachta tógtha.

Beidh an bord soláthair freagrach as na gníomhartha a fhiosrú agus oibreoidh sé leis na páirtithe leasmhara go léir le tús áite a thabhairt do thionscadail agus le hiad a sceidealú le cur i bhfeidhm a chinntiú.





Gailearaí Butler, Cill Chainnigh le McCullough Mulvin Architects. Ardmholadh, Gradaim RIAI 2021.
Grianghraf le Ros Kavanagh







Teach Cathrach Ollscoil Kingston, Londain, le Grafton Architects.
Buaiteoir ghradam RIAI, 2021; Gradam Mies van der Rohe don ailtireacht chomhaimseartha, 2022.
Grianghraif le Dennis Gilbert agus Ed Reeve

# Réamhrá.

## Comhthéacs beartais náisiúnta

Tá an Beartas Náisiúnta um Ailtireacht suite laistigh de chomhthéacs fairsing náisiúnta beartais comhshaoil, lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Creat Náisiúnta Pleanála, an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021, Tithíocht do Chách, Tús Áite do Lár an Bhaile Ár dTodhchaí Tuaithe, oibleagáidí náisiúnta faoi Chreat-Treoir Uisce an AE agus straitéisí náisiúnta earnála, cosúil leis an bPlean Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021, Oidhreacht Éireann 2030 agus Cultúr 2025.

Freagraíonn na rialacháin, na beartais, na cláir agus na straitéisí seo do ghealltanais Eorpacha agus idirnáisiúnta, a cuireadh i bhfeidhm le dul i ngleic le dúshláin shóisialta agus chomhshaoil. Leag tionscnaimh Rialtais agus AE cuspóirí straitéiseacha amach don mhéid seo a leanas: borradh dlúth, geilleagair agus pobail threisithe tuaithe, athfhorbairt uirbeach agus réigiúnach, neodracht ó thaobh carbóin de agus athléimneacht aeráide, áineas agus oidhreacht níos fearr, bainistíocht inbhuanaithe ar acmhainní uisce, dramhaíola agus eile comhshaoil agus soghluaisteacht inbhuanaithe.

Tá infheistíocht shuntasach le déanamh sa timpeallacht thógtha le freastal ar an mborradh reatha agus tuartha ar an daoine (5.7 milliún duine faoin mbliain 2040). Ar an ábhar sin, ní mór d'Éirinn: athearraíocht a bhaint as foirgnimh (agus iad a athúsáid ar mhaithe le tithíocht), áiteanna poiblí agus bonneagar, glacadh le teicnící agus ábhair nua tógála, feabhas a chur ar chaighdeáin mhaireachtála agus freastal ar fhorbairtí nua, agus an t-aistriú á dhéanamh i gcomhthrath go dtí sochaí agus geilleagar ciorclach inbhuanaithe. Imríonn réimse saincheisteanna, inacmhainneacht, íseal-leibhéil taighde agus forbartha ar an timpeallacht thógtha á ndéanamh, íseal-leibhéil d'acmhainn tógála, agus amscálaí fadálacha forbartha ina measc tionchar ar an rath a bheidh ar an aistriú seo.

Is iad Tionscadal Éireann 2040, an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Tithíocht do Chách an chomhfhreagairt náisiúnta do na saghsanna saincheisteanna sistéamacha a shainaithnítear thuas. Tá Bord Soláthair agus Grúpa Earnála Tógála Thionscadal Éireann 2040 ag oibriú go comhoibritheach le heagraíochtaí ionadaíocha na hearnála tógála maidir le freagairtí comhordaithe, feabhsúcháin san áireamh ar tháirgiúlacht, nuálaíocht agus scileanna. Tá fairsinge leathan ag Tithíocht do Chách, caighdeáin tithíochta, inbhuanaitheacht agus saincheisteanna caighdeán beatha; a bhaineann cothromaíocht amach idir an córas pleanála i dtaobh úsáid talún, luach a roinnt agus gnóthachan pobail; agus dul i ngleic le folúntas agus athghiniúint uirbeach. Cuspóir de chuid Tithíocht do Chách é an beartas Tús Áite do Lár an Bhaile.

**Gné mhór i gcáilíocht na timpeallachta nádúrtha agus tógtha a chur i dtoll a chéile do dhaonra reatha agus amach anseo na hÉireann a bheidh i gcur ibhfeidhm rathúil an BNA.**

Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA) ar bheartas soláthair do thionscadail oibreacha poiblí; agus é ina chuspóir ionchur ardoilte a ghiaráil ar mhaithe le torthaí ardchaighdeáin a bhaint amach agus costas agus sceidil á rialú i gcomhthráth. Beartaítear sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 gníomhartha uaillmhianacha agus ilearnála a bhaineann le húsáid inbhuanaithe a bhaint as an timpeallacht agus as a hacmhainní nádúrtha agus cultúrtha go léir. Áirítear leis na gníomhartha seo tionscnaimh áitiúla cheantarbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an timpeallacht thógtha; cruthaitheacht agus smaointeoireacht nuálach le geilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh carbóin de; agus taighde, nuálaíocht, bailiú sonraí agus uirlisí le feidhmíocht chomhshaoil ábhar agus foirgneamh a mheasúnú agus a fheabhsú.

Baineann na pleananna um oiriúnú earnála d'athrú aeráide a cruthaíodh faoin gCreat um Oiriúnú Náisiúnta do go leor limistéar, Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta, Sláinte, Bithéagsúlacht, Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bonneagar Iompair agus Bonneagar Uisce san áireamh le hábhar freisin.


Is foirm ealaíne í an ailtireacht (an tAcht Ealaíon, 2003) agus is togra praiticiúil teicniúil í freisin. Tacófar léi le Ag Tacú le hAiltireacht, beartas nua ailtireachta na Comhairle Ealaíon. Tá trí phrionsabal ag Cultúr 2025, agus baineann gach ceann díobh go dlúth leis an mbeartas seo: luach an chultúir agus na cruthaitheachta i measc an duine aonair agus na sochaí a aithint, trí mhórtas áite; tacú le cleachtas cruthaitheach agus rannpháirtíocht chultúrtha agus meas a bheith ar ár n-oidhreacht chultúrtha.

Príomhfheidhm den Bheartas Náisiúnta um Ailtireacht is ea tacú le comhoibriú idir an rialtas láir agus áitiúil chun cur le cur i bhfeidhm na dtosaíochtaí náisiúnta timpeallachta tógtha agus cultúir a liostaítear thuas.

Cumasóidh an beartas gníomhartha a chabhraíonn le: an bonn fianaise a neartú trí thaighde, oideachas agus eolas a roinnt; na sochair a chruthaíonn an ailtireacht agus cruthaitheacht dearaidh do thimpeallacht, sochaí agus geilleagar ardchaighdeáin; agus cumas, ceannaireacht agus nuálaíocht a úsáid.

# Tírdhreach beartais na timpeallachta tógtha náisiúnta

- Straitéis nó beartas
- Caighdeáin
- Lámhleabhar
- Treoirlínte



**Tá ceangal dlúth idir an ailtireacht agus na bealaí a dhéanaimid pleanáil, athúsáid agus tógáil mhaith amach anseo, áfach, le hathrú aeráide a mhaolú agus a oiriúnú agus lenár bpláinéad a chothú**

## Comhthéacs beartais Idirnáisiúnta agus Eorpach

Is iad Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an NA an treoirphlean le todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do chách, trí dhul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda a chruthaíonn bochtaineacht, neamhionannas, athrú aeráide, díghrádú an chomhshaoil, síocháin agus ceartas.

Ar leibhéal Eorpach, dírítear ar riachtanas an athraithe aeráide i dtionscnaimh AE, pacáistí spreagthaí agus cláir thaighde, i gComhaontú Glas na hEorpa, thar aon ní eile, a bhfuil de chuspóir aige an chéad ilchríoch atá neodrach ó thaobh aeráide de a dhéanamh den Eoraip. Tá go leor céimeanna praiticiúla ar bun leis na haidhmeanna seo a chur i gcleachtas, cosúil le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach (2020), glacadh leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta Tomhais Tógála agus tionscnamh Leibhéal/Leibhéil an AE, creat tuairiscithe nua deonach le hinbhuanaitheacht foirgneamh a fheabhsú, a chur i bhfeidhm.

Tá an cur chuige i leith cistiú taighde, críche agus sóisialta ar scála Eorpach sna Creatchláir - cosúil le Fís Eorpach, Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, agus an Clár um Chomhar Críochach Eorpach (URBACT, ionstraim Bheartais Chomhtháthaithe) - ionchuimsitheach, comhoibritheach agus straitéiseach chun tacú le tosaíochtaí polaitiúla.

D'fhoilsigh an Coimisiún Cairt Leipzig Nua in 2020 maidir le cumhacht bhunathraitheach chathracha ar mhaithe le leas an phobail. Cuirtear creat beartais ar fáil sa Chairt do chur chuige comhtháite agus inbhuanaithe i leith forbairt uirbeach san Eoraip, agus tuiscint níos fairsinge ar an gcultúr agus ar oidhreacht chultúrtha mar acmhainní chun athléimneacht ionad uirbeach a mhéadú.

Deimhníonn na tionscnaimh iolracha seo go dtugann an Coimisiún Eorpach aird níos mó ar an tábhacht a bhaineann leis an timpeallacht nádúrtha, inbhuanaitheacht agus caighdeán beatha saoránach ar mhaithe le comhtháthú sóisialta. Tosaíocht chomhshaoil, gheilleagrach agus chultúrtha ar leibhéal Eorpach dá bharr é ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardchaighdeáin do chách. Tá an tosaíocht seo dírithe faoi láthair ar an Bauhaus Eorpach Nua, croílár cultúrtha agus cruthaitheach an Chomhaontaithe Ghlais, a seoladh in Eanáir 2021.

Beartaíonn an Bauhaus Eorpach Nua gur riachtanas straitéiseach í cáilíocht na timpeallachta tógtha

**Gníomhóidh an beartas mar dhroichead le beartas ailtireachta agus tosaíochtaí cáilíochta, idir tosaíochtaí reatha agus atá ag teacht chun cinn, ar leibhéal Eorpach a scaipeadh laistigh d'Éirinn.**

iomláine; go bhfreastalaíonn an tógáil ar riachtanais ealaíonta, aeistéitiúla, chultúrtha, shóisialta agus shíceolaíocha anuas ar chuspóirí comhshaoil, geilleagracha agus teicniúla. Déanann na riachtanais agus na cuspóirí seo, i dteannta a chéile, creat ilbhilliúin euro an Chomhaontaithe Ghlais a chur chun cinn go straitéiseach agus beidh páirt lárnach acu san aistriú go dtí ciorclaíocht an rialachais, an timpeallacht thógtha agus an tsochaí.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Conclúidí na Comhairle ar an gcultúr, ailtireacht ardchaighdeáin agus timpeallacht thógtha mar phríomhghnéithe thionscnamh an Bauhaus Eorpaigh Nua i Samhain 2021. Tugann an chumarsáid fhoirmiúil seo cuireadh do Bhallstáit tabhairt faoi réimse fairsing gníomhartha, 'comhtháthú beartais a fheabhsú d'ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardchaighdeáin trí chomhordú cuí ... cur chuige cáilíochtbhunaithe agus iomlánaíoch a leabú i ngach beartas agus gníomhaíocht a imríonn tionchar ar an timpeallacht thógtha agus bheo'. Is é an Beartas Náisiúnta um Ailtireacht freagairt na hÉireann don chuireadh seo agus rachaidh gníomhartha beartais a chur i bhfeidhm i ngleic lena mholtaí ar leith.

Bunaíodh an Bauhaus Eorpach Nua féin ar choincheap an Baukultur, a chiallaíonn 'cultúr foirgneamh' agus cothaíonn sé an coincheap ina ndéantar rudaí a thógáil go maith. Síníodh Dearbhú Davos, I dTreo Baukultur Ardchaighdeáin don Eoraip, ag Comhdháil Airí an AE in 2018. Fís roinnte í seo le cáilíocht a sholáthar sa timpeallacht thógtha, a mheastar go bhfuil sé ar mhaithe le leas coiteann as a bhfuil comhfhreagracht. Leagtar béim i nDearbhú Davos ar ról lárnach an chultúir agus na hoidhreachta cultúrtha sa timpeallacht thógtha.

Úsáidfidh an Coimisiún Eorpach an Bauhaus Eorpach Nua le Córas Cáilíochta Baukultur Davos a chur chun cinn, ar sraith prionsabail cháilíochta í a forbraíodh ó Dhearbhú Davos, chun buntacú le cinnteoireacht ardchaighdeáin, iomlánaíoch timpeallachta tógtha. Is iad ocht gcritéar Davos: rialachas, feidhmiúlacht, timpeallacht, geilleagar, éagsúlacht, comhthéacs, mórtas áite agus áilleacht. Caithfear breithniú a dhéanamh ar gach critéar fad a bhíonn tionscadal á dhearadh agus á sholáthar le toradh ardchaighdeáin a bhaint amach.

Is i dtuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh, I dTreo Cultúr Comhroinnte Ailtireachta: Infheistiú i dTimpeallacht Ardchaighdeáin do Gach Duine (2021), an chéad uair a rinneadh anailís agus sintéis ar leibhéal an AE ar bheartais agus cleachtais ailtireachta. Tá seicliosta measúnaithe

cáilíochta sa tuarascáil atá ar aon dul le Córas Cáilíochta Baukultur Davos agus leis na Prionsabail Cháilíochta Eorpacha d'Idirghabháil atá cistithe ag an AE ag a bhfuil tionchar féideartha ar Oidhreacht Chultúrtha (ICOMOS, 2020).

Léirítear sa tuarascáil freisin tionscadail dea-chleachtais, dhá chás-staidéar ó Éirinn ina measc – Cloich na Coillte 400 agus tionscnamh Athbhreithniú Dearaidh Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI). Léiríonn sé go bhfuil bearta cosúil le saineolas ailtireachta a shuíomh go straitéiseach, comhordú idir páirtithe leasmhara agus critéir ardchaighdeáin a úsáid ar gach leibhéal rialachais agus ag gach céim, indéanta i gcleachtas agus go n-eascraíonn torthaí timpeallacht ardchaighdeáin mhaireachtála atá duinelárnach uathu.

Chruthaigh uainiú na bpróiseas comhthreomhar ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta tairbhe mhór don Bheartas Náisiúnta um Ailtireacht a fhorbairt.

### Ról agus cuspóir an bheartais

Tacóidh an beartas le huaillmhianta náisiúnta agus áitiúla ailtireachta le timpeallacht thógtha ardchaighdeáin a sholáthar do gach duine, le húsáid stuama a bhaint as acmhainní finideacha agus le cáilíocht intomhaiste a bhaint amach i measc cláir earnála poiblí, fála agus soláthar tionscadal ar leibhéal náisiúnta

Tacóidh an Beartas Náisiúnta um Ailtireacht le cáilíocht agus inbhuanaitheacht nuair a bhíonn pleananna, cláir agus tionscadail timpeallachta tógtha ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil á ndearadh agus á soláthar agus déanfaidh sé iad a chur chun cinn.

## Scóip an bheartais

Tacóidh an Beartas Náisiúnta um Ailtireacht le agus cuirfidh sé cáilíocht chun cinn i dtaighde a dhéanamh ar ár sócmhainní reatha timpeallachta tógtha, a thuiscint, a dhearadh, a bhainistiú, a fheabhsú agus a athúsáid chomh maith le háiteanna agus spásanna inbhuanaithe nua a sholáthar. Tacóidh sé le straitéisí fadtéarmacha pleanála spásúlachta agus feasachta poiblí. Cuirfidh an beartas le dul i ngleic le saincheisteanna inbhuanaitheachta, folláine shochaíoch, athrú aeráide agus athghiniúint uirbeach ina measc. Cuirfidh sé taighde idirdhisciplíneach agus nuálaíocht dhigiteach chun cinn agus tacóidh sé leo mar na boinn ar a dtéitear i ngleic le dúshláin agus ar a gcuirtear eolas ar fáil dóibh.

I rith shaolré an bheartais seo, is dóchúil go dtitfidh athruithe suntasacha amach go náisiúnta, i láir bhailte agus i láir chathracha agus i measc na bpobal uirbeach agus tuaithe.

Teastóidh ó na hathruithe seo go mbeidh baint réamhghníomhach ag daoine ar gach leibhéal cinnteoireachta; chun cur lena smaointeoireacht, scileanna agus peirspictíochtaí cruthaitheacha; chun timpeallacht thógtha ardchaighdeáin a chomhchruthú, a thógáil, a bhainistiú agus a athghiniúint, atá inacmhainne agus inrochtana do gach duine. Tacóidh an beartas seo le rannpháirtíocht níos mó an phobail agus teacht níos mó ar eolas ag an bpobal faoin tábhacht a bhaineann lenár n-oidhreacht thógtha agus ár dtimpeallacht nádúrtha a chosaint.

Teastaíonn áiteanna ó fholláine shochaíoch atá in ainm is idirghníomhú sláintiúil agus ionchuimsitheach, inrochtaineacht agus rannpháirtíocht chultúrtha a spreagadh. Teastaíonn ó fholláine thimpeallachta go gcosnaítear agus go n-athchóirítear an timpeallacht nádúrtha chun tacú le héiceachórais faoi bhrú, foirgnimh chultúrtha agus a suíomhanna a dheisiú agus a oiriúnú, agus foirgnimh agus tírdhreacha nua a dhearadh go cuí.

Teastaíonn ó fhorbairt agus athghiniúint leanúnach ár lonnaíochtaí, sráidbhailte, bailte agus cathracha traidisiúnta go ndéantar ár n-oidhreacht thógtha reatha a chaomhnú agus a athshamhlú chomh maith le hailtireacht nua ar a ndearnadh dea-bhreithniú. Tacaíonn an beartas seo leis an gcur chuige straitéiseach i leith athbheochan lár an bhaile – an beartas Tús Áite do Lár an Bhaile (a bunaíodh mar chuid lárnach de Ár dTodhchaí Tuaithe agus Tithíocht do Chách). Baineann ríthábhacht le cur chuige comhordaithe chun folúntas agus tearcúsáid a bhaint as foirgnimh thraidisiúnta bhaile a chomhrac agus le forbairt a sholáthar atá: ar an scála cuí, a dheartar agus a leagtar amach go cuí; atá i gcomhréir le carachtar, scála agus uigeacht láir bhailte stairiúla; agus a fhreastalaíonn ar an timpeallacht reatha nádúrtha agus thógtha.

**Déanann réimse fairsing páirtithe leasmhara an timpeallacht thógtha a mhúnlú, a dhearadh agus a sholáthar.**

## Páirtithe leasmhara an bheartais

Aithnítear sa Bheartas Náisiúnta um Ailtireacht an ról ríthábhachtach a ghlacann muintir an phobail, pobail, agus gach gairmí timpeallachta tógtha inár n-aistriú chuig sochaí níos inbhuanaithe. Cuireann go leor páirtithe leasmhara, cibé acu más daoine aonair, corparáidí móra nó comhlachtaí poiblí iad, le hathchóiriú cruthaitheach foirgneamh, tithíochta agus áiteanna poiblí, agus le foirgnimh agus spásanna nua a fhorbairt.

Teastaíonn naisc threisithe, tras-chomhoibriú agus ceannaireacht agus rialachas spreagtha ó na dúshláin shuntasacha a chruthaíonn athléimneacht aeráide agus ciorclaíocht ábhar agus fuinnimh (leis an úsáid a bhaintear as carbón a íoslaghdú). Páirtithe leasmhara i gcur i bhfeidhm rathúil an bheartais seo iad gach roinn rialtais, earnáil, institiúid agus an tionscal tógála.

Anuas ar ghairmithe timpeallachta tógtha, déanann réimse fairsing páirtithe leasmhara eile an timpeallacht thógtha a mhúnlú, a dhearadh agus a sholáthar. Teastaíonn ó pháirtithe leasmhara timpeallachta nádúrtha go ndéantar comhtháthú breithnithe ar chaipiteal daonna agus nádúrtha lenár dtionchar ar acmhainní an Domhain a chobhsú. Lorgaíonn páirtithe leasmhara taighde, oideachais agus oiliúna taighde fianaisebhunaithe le scileanna traidisiúnta agus eolas nua a chothú lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais atá ag teacht chun cinn go síoraí.  Méadaíonn páirtithe leasmhara cumarsáide feasacht agus scaipeann siad dea-chleachtas, spreagann siad spéis agus rannpháirtíocht.

Léiríonn na páirtithe leasmhara go léir luach níos mó ar bhonn scileanna ceirdeanna traidisiúnta agus na gairmeacha beatha glasa, gorma agus digiteacha atá ag teacht chun cinn, atá ríthábhachtach maidir le fís an bheartais seo a fhíorú, chomh maith leis na cláir mhóra infheistíochta a dtugtar cuntas orthu i dTionscadal Éireann 2040 agus Tithíocht do Chách.

Tacóidh an beartas le comhoibriú ildisciplíneach, rannpháirtíocht an phobail agus tionscnaimh chomhdhearaidh faoi stiúir an phobail a úsáideann prionsabail dearaidh fhreagraigh le forbairtí nua a chomhtháthú isteach i suíomhanna baile agus sráidbhaile. Is féidir le háiteanna eascairt as comhchruthú ina mbíonn an rath ar an tsochaí agus an bheatha, agus ina ndéantar ár dtimpeallacht thógtha a dhícharbónú, ina gcomhtháthaítear réitigh dhúlrabhunaithe do limistéir abhantraí isteach i gcomhfhorbairt áite agus ina bhfreastalaítear ar dhaonra atá ag dul i méid i gcomhthráth.





Na Gairdíní Léibheann, Luimneach, le Carr Cotter Naessens agus
Denis Byrne Architects. Buaiteoir ghradam RIAI, 2019.
Grianghraf le Paul Tierney.



Gort, Balla Cloiche, Teach, Contae na Gaillimhe, le Taylor McCarney
Architects. Buaiteoir ghradam RIAI, 2021.
Grianghraf le Donal Murphy

# Léargas ar bheartas idirnáisiúnta agus Eorpach a raibh tionchar aige ar Áiteanna do Dhaoine







Teach Laighean, Baile Átha Cliath, le hOifig na nOibreacha Poiblí. Buaiteoir ghradam RIAI, 2020. Grianghraf le Con Brogan

# An beartas seo a fhorbairt.

Forbraíodh an Beartas Náisiúnta um Ailtireacht trí chomhoibriú idir réimse fairsing páirtithe leasmhara agus Ranna Rialtais agus trí phróiseas rannpháirtíochta an phobail agus comhairliúcháin.

Thacaigh grúpa comhairleach le forbairt an bheartais. Bhí ionadaithe sa ghrúpa seo ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (tugadh Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil araon ar an Roinn sin roimhe seo); an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (tugadh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an Roinn seo roimhe seo); Oifig na nOibreacha Poiblí; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann; na scoileanna ailtireachta, Cumann na nAiltirí Cathrach agus Contae; an Chomhairle Ealaíon; an Chomhairle Oidhreachta agus Foras Ailtireachta na hÉireann.

Leagtar amach sa cháipéis phlé, Áiteanna do Dhaoine, cúig théama ina gcuimsítear cur chuige dea-chleachtais (eolas agus nuálaíocht; ceannaireacht) agus trí limistéar ábhair a dtugtar tús áite dóibh (dearadh d'athléimneacht agus inbhuanaitheacht; áiteanna ardchaighdeáin a dhearadh ar mhaithe le leas an phobail; meas a léiriú ar an am atá imithe thart, ár dtodhchaí a mhúnlú).

Ghin próiseas rannpháirtíochta an phobail breis agus 120 aighneacht ó 123 duine aonair agus eagraíocht.

Rinne eagraíochtaí pobail, daoine aonair, comhlachtaí ionadaíocha, eagraíochtaí ballraíochta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis áitiúla, gairmithe tógála, dearthóirí, cleachtóirí oidhreachta, institiúidí acadúla agus an earnáil phoiblí na haighneachtaí.

Bhí 11 cheardlann ildisciplíneacha, suirbhé ar líne, a d'fhreagair 38 duine, 5 fhíseán a chruthaigh Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin agus gníomhaíocht ghaolmhar mheán ar siúl freisin. Rinneadh an t-ionchur seo a anailísiú agus a tharraingt le chéile isteach i dtuarascálacha faisnéisithe ar a ndearna an grúpa comhairleach scrúdú breise ansin chun tacú le forbairt an bheartais.

Anuas ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, tugadh faoi athbhreithniú ar bheartais náisiúnta agus AE lena chinntiú gur tháinig siad lena chéile, sa chás gur chuí. Ullmhaíodh tuarascáil chuimsitheach chomhairliúcháin tar éis go ndearnadh anailís ar aighneachtaí agus athbhreithniú ar an iar-Bheartas Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015.



Cearnóg Ardeaglais Phort Láirge le GKMP Architects. Ardmholadh, Gradaim RIAI 2014. Grianghraif le caoinchead Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge



Cóiríocht Lee Point do Mhic Léinn, Corcaigh le Scott Tallon Walker Architects. Buaiteoir ghradam RIAI, 2021. Grianghraf le Philip Lauterbach

# Fís an Bheartais Náisiúnta um Ailtireacht.

## Cumas na hailtireachta agus an dearaidh tacú le sochaí níos inbhuanaithe agus níos athléimní bunaithe ar eolas agus ar chruthaitheacht agus atá curtha chun cinn ag ceannaireacht agus rannpháirtíocht ionchuimsitheach

Déanann an Beartas Náisiúnta um Ailtireacht cumhacht na hailtireachta agus an dearaidh a chothú le sochaí níos inbhuanaithe a bhaint amach.  Tá baint lárnach ag ceannaireacht leis an bhfís seo cháilíochta a sholáthar, atá bunaithe ar thaighde, eolas agus nuálaíocht. Anuas ar chruthaitheacht dearaidh agus ar chritéir cháilíochta lena gcomhaontaítear, déantar spásanna agus áiteanna mealltacha, flaithiúla, inrochtana agus inrochtana de riachtanais úsáideora. Déanfaidh gníomhartha an bheartais seo dearadh agus tógáil ardchaighdeáin timpeallachta tógtha a chur chun cinn a rachaidh chun sochair gach duine.

Cuireann an Beartas Náisiúnta um Ailtireacht nasc díreach beartais ar fáil do na tionscnaimh uile-Eorpacha atá ar siúl a dtugtar cuntas orthu thuas. Leagfaidh iad seo tosaíochtaí ailtireachta amach don Aontas Eorpach sa todhchaí faoi scáth an Chomhaontaithe Ghlais Eorpaigh. Baineann siad le todhchaí inbhuanaithe trí chruthaitheacht, nuálaíocht agus samhlaíocht, agus é ina uaillmhian go mbeidh níos mó ná foirgnimh i gceist le foirgnimh, ar mhaithe le tairbhe a chruthú don tsochaí iomlán.

Baineann ríthábhacht freisin le trí fhrása a bhuntacaíonn le rún an Bauhaus Eorpaigh Nua le fís an bheartais seo a thuiscint:

- d'fhéadfadh áilleacht baint leis an rud atá riachtanach
- cuireann dearadh maith feabhas ar shaolta
- domhan níos áille agus níos daonnachtúla.

**“Is ionann Ailtireacht agus amharcinsint fisiciúil dóchais.” (Máire Mhic Róibín, Venice Biennale, 2018)**



Ceathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath, arna fhorbairt ó Mháistirphlean a raibh gradam faighte aige le Moore Rubell Yudel agus Duffy Mitchell O'Donoghue. Grianghraf le Tom Coakley, Barrow Coakley. Grianghraf agus Físeán a bhfuil cóip déanta díobh le caoinchead Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

# Socruithe rialachais.

Déanfaidh an tsamhail rialachais a dtugtar cuntas uirthi thíos an bhearna a líonadh idir fís an bheartais agus a chur i bhfeidhm. Cuirtear san áireamh ann struchtúir riaracháin phoiblí; uaillmhianta beartas agus clár náisiúnta agus idirnáisiúnta; samhlacha rathúla rannpháirtíochta an phobail san ailtireacht, cultúr agus pleanáil spásúlachta agus oibriú an mhalartaithe eolais idir gníomhaithe a bhfuil ábhair spéise agus cuspóirí éagsúla acu. Baintear cothromaíocht phraiticiúil amach, agus amhlaidh á dhéanamh, idir dea-chleachtas idirnáisiúnta agus struchtúir agus próisis Éireannacha.

Déanfaidh grúpa ardleibhéil maoirseacht ar an mbeartas (an Bord Soláthair) ar a ndéanfaidh an Príomhoide Ailtire in Oifig na nOibreacha Poiblí (an tAiltire Stáit) cathaoirleacht. Áireofar leis ionadaithe ardleibhéil ó rannóga Oidhreachta agus Tithíochta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, anuas ar Ranna Rialtais eile, comhlachtaí poiblí (an Chomhairle Ealaíon agus an Chomhairle Oidhreachta) agus Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann san áireamh.

## Ról an Bhoird Soláthair

Ullmhóidh an bord soláthair clár oibre ilbhliantúil, ina bhfuil solúbthacht lena chur ar a chumas freagairt do thosaíochtaí polaitiúla, timpeallachta, sóisialta agus geilleagracha atá ag teacht chun cinn.

Beidh sé freagrach as an gclár a bhainistiú agus bainisteoidh sé cumarsáid agus scaipeadh inmheánach agus i measc páirtithe leasmhara.

Ba cheart don bhord soláthair casadh lena chéile ceithre huaire sa bhliain, ar a laghad. Freastalóidh beirt ionadaithe sainghrúpa nó níos mó ar gach cruinniú, a bhunófar le cur i bhfeidhm a threorú.

## Áireofar le feidhmeanna an bhoird soláthair:

Idirchaidreamh struchtúrach a dhéanamh leis na comhlachtaí um chur i bhfeidhm tionscnaimh náisiúnta timpeallachta tógtha a dtugtar tús áite dóibh: Bord Soláthair Thionscadal Éireann 2040, Grúpa na hEarnála Tógála agus/nó Grúpa Comhordaithe; an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide; Tithíocht do Chách; Tús Áite do Lár an Bhaile (etc.)

Glacadh le spriocanna don chlár um chur i bhfeidhm ón tuarascáil bheartais, agus iad a fheabhsú, faoi mar is gá, ag treoir beartais náisiúnta agus Eorpach ailtireachta agus timpeallachta tógtha

Grúpa stiúrtha Éireannach an Bauhaus Eorpaigh Nua a bhunú chun tacú le tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua an Choimisiúin Eorpaigh, agus páirt a ghlacadh sa líonra neamhfhoirmiúil ar fud an AE a bheartaítear chun eolas agus taithí a mhalartú

Grúpa comhairleach saineolaithe a bhunú a dhéanann ionadaíocht do réimse fairsing páirtithe leasmhara timpeallachta agus cultúir agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht d'earnálacha ag a bhfuil sainchúram ailtireachta agus timpeallachta tógtha, leis an mbord soláthair a threorú i dtaobh an clár gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.

Clár gníomhaíochta ilbhliana a chomhaontú agus a shocrú i gcomhairle dlúth leis an sainghrúpa ag a bhfuil príomhtháscairí feidhmíochta, spriocanna, amlínte, sceideal athbhreithnithe agus tuarascálacha ar dhul chun cinn bliantúil

- Tús a chur leis na gníomhartha seo a leanas a dtugtar tús áite dóibh sa chéad bhliain (tá dearadh gníomhartha le fiosrú ag an sainghrúpa):
    - Lúb eolais fíorúil earnála poiblí a chruthú (seirbhís mhalartaithe eolais ar líne eolas atá i gceist leis an aschur)
    - Critéir cháilíochta dearaidh náisiúnta a chruthú (tuarascáil le moltaí atá i gceist leis an aschur)
    - Riachtanais taighde agus sonraí ailtireachta agus timpeallachta tógtha a anailísiú (tuarascáil athbhreithnithe atá i gceist leis an aschur)
- Sceideal uileghabhálach um chur i bhfeidhm a leagan amach
- Critéir ábhartha cháilitheachta agus mheasúnaithe a leagan amach agus a chaighdeánú don chlár cistithe i gcomhar leis an sainghrúpa, chun go n-áirítear le tionscadail chistithe spriocanna ar soiléir gur féidir iad a bhaint amach agus a léiriú (féach thíos)

Comhoibriú idir eagraíochtaí um chur i bhfeidhm a éascú le modhanna praiticiúla comhair, e.g. comhpháirtíochtaí, meabhráin tuisceana; prótacail; cóid chleachtais; comhaontuithe soláthair feidhmíochta a struchtúrú

Tacú le heagraíochtaí comhpháirtíochta le cuspóirí a thabhairt le chéile chun obair dheonach a dhéanamh ar mhaithe le gníomhartha as a mbaintear comhthairbhe a chur chun cinn

Gealltanais le haghaidh cistiú nó acmhainní eile a lorg ó chomhlachtaí earnála poiblí a bhainfidh tairbhe as gníomhartha ar leith an Bheartais Náisiúnta um Ailtireacht a sholáthar agus an t-údar a thabhairt le cistiú ilbhliantúil don chlár um chur i bhfeidhm an bheartais cosúil le cláir chomhionanna ar fud an rialtais (e.g. turasóireacht)

Réimse modhanna cistithe a cheapadh le gníomhartha a spreagadh faoina dtabharfaidh comhpháirtíochtaí comhlachtaí um chur i bhfeidhm trasearnála, agus gan breis agus 50% den bhuiséad bliantúil a leithdháileadh ar chistiú deontais iomaíoch

Modh a cheapadh le bheith ionchuimsitheach chun freastal ar réimse éagsúil grúpaí spéise i dtaobh gníomhartha a bheartaítear a chuíchóiriú agus a fhiosrú agus cothromaíocht á baint amach i gcomhthráth i measc glórtha daoine

Meicníochtaí cumarsáide, rianaithe, monatóireachta agus tuairiscithe a dhearadh agus a bhainistiú

- Sannfar táscairí intomhaiste do gach gníomh a dtugtar tús áite dóibh agus déanfar dul chun cinn a rianú (tá comhaontú le déanamh ar tháscairí leis an sainghrúpa)
- Aschur agus tuairisciú a críochnaíodh a scaipeadh ar gach tionscnamh / scéim chistithe, agus tuarascálacha a chur i dtaifead agus i gcomhad i láthair lárnach agus inrochtana
- Iarraidh ar thionscnóirí tionscnamh agus scéimeanna nuashonruithe bliantúla a sheoladh ar aghaidh ar stádas agus ar a dtuarascáil deiridh

Cuirtear nótaí breise ar fáil ar an mbeartas a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl ar fáil in Aguisíní 2 agus 3.

# Cuspóirí, réimsí gnímh agus torthaí a bhfuiltear ag súil leo.

Rinneadh na haidhmeanna don Bheartas Náisiúnta um Ailtireacht, a forbraíodh mar fhreagairt don phróiseas comhairliúcháin, a rinneadh a scagadh ina gceithre phríomhchuspóir:

## Inbhuanaitheacht

Meas a léiriú ar an am atá imithe thart – ár dtodhchaí a mhúnlú: Tús áite a thabhairt d'fhoirgnimh agus áiteanna íogaire le spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach

## Cáilíocht

Foirgnimh agus spásanna ardchaighdeáin a dhearadh agus a sholáthar do chách

## Ceannaireacht

Tacú le ceannaireacht chun tús áite a thabhairt do thorthaí ardchaighdeáin ailtireachta

## Cultúr

Cultúr a chothú a léiríonn meas ar an ailtireacht mar ealaín agus eolaíocht araon, a fhreastalaíonn ar dhaoine, ar áiteanna agus ar an bpláinéad

Ní dhéantar na ceithre chuspóir a chur in ord tús áite ná de réir mar a chuirfear i bhfeidhm iad.

Sainaithnítear roinnt limistéir fócais faoi gach cuspóir laistigh den téacs a leanann é. Déantar cur síos iontu seo ar chur chuige i leith na hailtireachta agus na timpeallachta tógtha lena mbainfidh príomhthábhacht i dtaobh an beartas a chur i bhfeidhm, agus trínar féidir torthaí dearfacha a bhaint amach.

Leagtar béim sna cuspóirí, agus ina limistéir fócais ghaolmhara, ar ailtireacht ardchaighdeáin a leabú ar gach leibhéal dearaidh, ceangail a éascú agus a neartú le cáilíocht a bhaint amach, agus an ailtireacht a chur chun cinn mar fhoirm ealaíne ag a bhfuil páirt lárnach i gcultúr agus folláine na hÉireann.

Tá roinnt de na limistéir fócais a ndéantar cur síos orthu sa chaibidil seo agus sna limistéir ghníomhaíochta a leagtar amach i dTáblaí 1 agus 2 nua, agus cuireann cinn eile le tionscnaimh ar cuireadh tús leo nó a críochnaíodh faoin iar-Bheartas Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015.

Gníomhóidh an beartas mar cháipéis bheo, mar bhealach chun torthaí beartaithe a shainiú agus solúbthacht á soláthar i gcomhthráth maidir leis an mbealach ina gcuirtear iad seo i bhfeidhm.

# Fís

## Ailtireacht & dearadh

- Eolas
- Cruthaitheacht
- Ceannaireacht
- Rannpháirtíocht Ionchuimsitheach
- Sochaí inbhuanaithe láidir

# Cuspóirí agus limistéir fócais

## Caighdeán

Cur chuige comhtháite i leith caighdeáin

Rannpháirtíocht phoiblí a mhéadú

Rialú feabhsaithe agus sofhreagrúil uirlisí agus cuir chuige pleanála foirmiúla agus neamhfhoirmiúla

Soláthar agus tairiscintí a lorg

## Ceannaireacht

Ceannaireacht an rialtais agus na hearnála poiblí agus tús áit a thabhairt do chaighdeán agus inbhuanaitheacht

Sonraí a úsáid agus foghlaim a dhéanamh uathu

## Cultúr

Ailtireacht mar chuid de chultúr agus de shochaí

Rochtain ar eolas

Tacaíocht chultúir do rannpháirtíocht ailtireachta

Ailtireacht in oideachas agus in institiúidí cultúir

# Limistéir ghnímh a roghnú chun spriocanna a chomhlíonadh

## Inbhuanaitheacht

An méid a chuireann ailtireacht le hinbhuanaitheacht


Dícharbónú áitbhunaithe

Dearcadh na saolré iomláine

Dearadh leis an nádúr agus don nádúr

- Fórsa oibre na hearnála poiblí a chumasú
- Anailís a dhéanamh ar riachtanais taighde agus sonraí maidir le hailtireacht agus an timpeallacht thógtha
- Seirbhís taighde náisiúnta maidir le hailtireacht agus an timpeallacht thógtha a bhunú
- Acmhainn oideachas agus malartú eolais maidir leis an timpeallacht thógtha a fheabhsú
- Caighdeán caiteachais phoiblí ar an timpeallacht thógtha a ráthú
- Caighdeán próisis rialála maidir leis an timpeallacht thógtha a ráthú
- Critéir cáilíochta deartha náisiúnta atá oibiachtúil agus cuimsitheach a leagan amach agus a chur i bhfeidhm
- Cultúr a chothú ina bhfuil meas ar ailtireacht

**Imríonn limistéir ghnímh tionchar ar an rogha príomhtháscairí feidhmíochta**




# Cuspóirí agus limistéir fócais



Ceanncheathrú Chomhairle Chontae na Mí le Bucholz McEvoy Architects. Buaiteoir ghradam RIAI 2018.
Grianghraf le Michael Moran.

# Cuspóir 1: Inbhuanaitheacht.

1

Is í aidhm Chuspóir 1 tús áite agus tacaíocht a thabhairt do chleachtais inbhuanaithe maidir le foirgnimh a athúsáid, a athchóiriú agus a chaomhnú anuas ar idirghabháil agus inlíonadh ar a ndéantar dea-bhreithniú, agus foirgnimh agus áiteanna nua, nuair is gá. Baineann ríthábhacht le neodracht ó thaobh carbóin de, agus fadsaolaí, solúbthacht agus inoiriúnaitheacht foirgneamh maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil.

# Meas a Léiriú ar an Am atá Imithe Thart – Ár dTodhchaí a Mhúnlú – Tús áite a thabhairt d'fhoirgnimh agus áiteanna íogaire le spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach

## An méid a chuireann an ailtireacht le hinbhuanaitheacht

Ba cheart foirgnimh a dhearadh agus a thógáil agus ionchur íosta fuinnimh agus feidhmíocht agus inoiriúnaitheacht optamach fhadtéarmach á mbaint amach chun cabhrú le hastaíochtaí ceaptha teasa a laghdú anuas go dtí leibhéil ar féidir iad a chothú. Tacóidh an beartas le bealaí cruthaitheacha le foirgnimh agus struchtúir atá ann faoi láthair a oiriúnú, a iarfheistiú agus a athúsáid leis an úsáid a bhaintear as scileanna traidisiúnta, ábhair chuí, fuinneamh agus acmhainní in-athnuaite a bharrfheabhsú, agus lena dhreasú teicneolaíochtaí, próisis agus teicnící atá neodrach ó thaobh carbóin de a oiriúnú, d'fhonn an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise a éascú.

Trí fhoirgnimh a athúsáid, a dheisiú, a oiriúnú agus a uasghrádú ar bhealach íogair agus iomlánaíoch, cabhraímid le hÉirinn a bhogadh i dtreo sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de (ag a bhfuil astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh de) agus geilleagar ciorclach. Tacóidh an beartas seo le comhpháirtíochtaí athghiniúna agus oiliúna, lena gcabhraíonn cláir AE, chun tabhairt faoi thionscadail ardchaighdeáin dearaidh agus chaomhnaithe, a mhúineann scileanna traidisiúnta agus nua-aimseartha dearaidh agus teicniúla d'fhoghlaimeoirí sna tionscadail siúd.

Ar aon dul le gealltanais a rinneadh trí Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (Comhaontú Pháras) (2015) agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (2015), agus Comhaontú Glas agus Clár Uirbeach an AE, gheall Rialtas na hÉireann d'astaíochtaí carbóin atá neodrach ó thaobh fuinnimh de a bhaint amach faoin mbliain 2050. I rith an chlaochlaithe chomh fada le 2050, déanfaidh an rialtas na billiúin euro a infheistiú i dtionscadail tógála agus athchóirithe.

Sonraítear sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide leibhéil agus saghsanna struchtúir agus próisis rialachais, spriocanna agus buiséid, chun cabhrú le hathrú claochlaitheach den saghas sin a bhaint amach. Cuid eile den dúshlán is ea a chinntiú go dtacaíonn cúnamh airgeadais agus bearta treorach le gach duine an méid is fíorchiall le hinbhuanaitheacht fhíor d'áiteanna cónaithe, foirgnimh agus áiteanna poiblí, tírdhreacha agus bonneagar agus an méid a theastaíonn uaidh a thuiscint. Gheall Éire d'Aistriú Cóir i ngníomhú ar son na haeráide lena chinntiú go leagtar ualaí an athraithe go cothrom ar gach earnáil den tsochaí agus nach mbíonn aon ghrúpaí ná pobail ar lár.

Tá baint lárnach ag na huaillmhianta seo le Tionscadal Éireann 2040 agus an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le hathbheochan fhadtéarmach ár n-ionad uirbeach agus ár mbailte agus sráidbhailte stairiúla. Tacóidh an beartas seo leo trí fheasacht a mhúscailt faoi ról na hailtireachta i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, iarfheistiú a dhéanamh agus timpeallacht thógtha inbhuanaithe ardchaighdeáin a dhearadh agus a sholáthar.

## Dícharbónú áitbhunaithe

Príomhghnéithe um chur chun cinn i dtaobh spriocanna athraithe aeráide a bhaint amach a bheidh in athruithe ar thalamhúsáid, beartas pleanála, agus cosaint agus barrfheabhsú na bithéagsúlachta agus ár stoic reatha sholáthair chun spriocanna athraithe aeráide a bhaint amach. Is iomaí athrú a bhainfidh siad amach ar ár dtimpeallacht nádúrtha thógtha agus nádúrtha, i dtaobh tithíochta, foirgnimh phoiblí agus spásanna poiblí agus na gcóras agus an bhonneagair níos fairsinge a thacaíonn leo siúd, cosúil le seirbhísí iompair, uisce agus dramhaíola, acmhainní agus fóntais chultúrtha. Ar an ábhar sin, teastaíonn aistriú cultúrtha ar rialachas ár dtimpeallachta tógtha agus nádúrtha ón gclaochlú chomh fada le hinbhuanaitheacht a bhaint amach. Ní éireoidh leis an aistriú go dtí carbón atá neodrach ó thaobh fuinnimh de mura nglacann an pobal leis agus mura mbíonn gníomhartha comhordaithe earnála poiblí agus príobháidí ar siúl.

Caithfear dea-bhreithniú a dhéanamh, ó pheirspictíocht timpeallachta, ar fhoirgnimh agus bonneagar nua a dhearadh. Ciallaíonn neodracht ó thaobh na haeráide de go ndéantar foirgnimh agus bonneagar nua a dhearadh agus a thógáil ag a bhfuil loirg charbóin tógála atá laghdaithe go han-suntasach agus saolréanna i bhfad níos faide tréimhse saoil. Tabharfaidh straitéisí áitiúla agus náisiúnta ailtireachta agus dearaidh tús áite d'fhoirgnimh atá ann faoi láthair a athúsáid agus a oiriúnú agus béim ar leith ar ionaid uirbeacha: scartáil struchtúr reatha a sheachaint nó a íoslaghdú, tús áite a thabhairt d'fhoirgnimh fholmha agus do láithreáin athfhorbraíochta agus sócmhainní cultúrtha a chosaint mar acmhainn phobail. Nuair a bhíonn údar le nuathógáil, d'fhéadfadh na straitéisí seo a bheith i bhfabhar struchtúir "scaoilte": foirgnimh sholúbtha, fadsaoil, a thógtar le hábhair inbhuanaithe is fearr a chuirtear in oiriúint do chúinsí amach anseo agus d'úsáidí athraithe.

Ciallaíonn dícharbónú áitbhunaithe go ndéantar scagadh cúramach ar an áit ba cheart foirgnimh a cheadú agus ar cén foirgnimh ba cheart a cheadú agus measúnú a dhéanamh ar a gcáilíocht, fadsaolaí agus inúsáidteacht mar chuid den anailís ar shaolré. Ciallaíonn sé oibriú leis an stoc foirgneamh atá ann faoi láthair agus é a dheisiú pé áit ar féidir, seachas tógáil nua a phleanáil trí réamhshocraithe, agus athearraíocht a bhaint as ábhair anuas ar fhoirgnimh a athshamhlú lena n-athúsáid.

Ba cheart go ndéanfaí níos fusa é ar an bpobal roghanna atá neodrach ó thaobh carbóin de agus ísealcharbóin a dhéanamh, mar shampla, maidir leis an áit a gcónaíonn siad agus conas a thaistealaíonn siad, trí fhoirgnimh agus spásanna poiblí ilfheidhmeacha a dhearadh. Ach is deacair ar go leor páirtithe leasmhara a shamhlú cad a chiallóidh na gealltanais seo: cén chuma a bheidh ar thimpeallacht thógtha ag a bhfuil astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh de, cad a chosnóidh sí, agus cén deiseanna agus sochair a d'fhéadfadh sí a chruthú. Cuirfidh gníomhartha an bheartais seo áis ar fáil ar féidir dul i ngleic léi, a thuiscint agus le timpeallacht thógtha inbhuanaithe a chur i gcleachtas.

Comhtháthófar sna gníomhartha beartais peirspictíochtaí agus cleachtais caomhnaithe isteach in athchóiriú príomhshrutha ardchaighdeáin a dhéanamh ar fhoirgnimh a tógadh go traidisiúnta agus in aire a thabhairt d'acmhainní nádúrtha. Cabhróidh an fheasacht níos fairsinge seo ar ábhair agus scileanna an ama atá imithe thart, oibriú le hacmhainní, uirlisí agus tírdhreacha nádúrtha áitiúla, le dearadh, ábhair agus teicneolaíochtaí foirgneamh agus áiteanna amach anseo a mhúnlú.

**"Samhlaigh dá mba áit í an Eoraip ina dtacófaí leis na daoine sin nach gcloistear an méid sin uathu de ghnáth, ina dtabharfaí aire dóibh agus ina n-éisteofaí leo; dá mba áit í ina ndéanfaí foirgnimh a athchóiriú le hárais chónaithe, scoileanna agus ionaid chultúir atá neodrach ó thaobh carbóin de, álainn agus sainiúil a dhéanamh díobh; áit ina ndéanfaí acmhainneacht i gcoinne teagmhais adhaimsire a threisiú trí leas a bhaint as réitigh bunaithe ar an nádúr; áit a mheallfadh daoine de gach aois chun saol maith a chaitheamh ina mbeadh ceangal sóisialta acu leis an saol mórthimpeall orthu."**

**(Orla Murphy, comhalta de Chruinniú Comhchéime Ardleibhéil de Bauhaus Eorpach Nua)**

Tacóidh gníomhartha le réitigh phraiticiúla maidir le rannpháirtíocht áitiúil agus earnála chun dul i ngleic le hathrú aeráide trí struchtúir agus comhpháirtíochtaí atá ann faoi láthair, ar nós slabhraí soláthair áitiúla a ghníomhachtú agus athearraíocht a bhaint as comhábhair agus ábhair thógála.

## Peirspictíocht saolré iomláine a ghlacadh

Is tábhachtach breithniú a dhéanamh ar na tionchair aeráide agus chomhshaoil i measc shaolré iomlán an fhoirgnimh, mar gheall go dtiteann iad seo amach i measc ionchur acmhainní agus ábhartha, oibriú agus tógála agus sa scartáil agus sa diúscairt. Is é coincheap an gheilleagair chiorclaigh úsáid, athearraíocht a bhaint agus athúsáid, agus iad a athphróiseáil a laghad agus is féidir agus go mbíonn slabhra soláthair gearr, atá áitiúil go hidéalach, ann. Áirítear le coincheapa atá ag teacht chun cinn agus idircheangailte, foirgnimh a dhearadh lena mbaint dá chéile, ábhair thógála a úsáid a dhéanann carbón a leithlisiú, áiritheoirí carbóin atá saor in aisce lena n-úsáid, nuálaíocht dhigiteach, réaltacht bhreisithe agus pobail chliste, tionscnaimh chosmhuintire, rannpháirtíocht an phobail agus rialachas ciorclach chun cabhrú leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe ciorclach.


Cabhróidh na tionscnamh faoina dtugtar mar chuid den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, anuas ar rialacháin nua, lena dheimhniú cibé acu agus conas ba cheart foirgnimh a athchóiriú agus a iarfheistiú nó - nuair is bunriachtanach amháin - iad a scartáil agus a ionadú ag roghanna nach gcruthaíonn carbón ar bith, agus a dhéantar a n-ábhair agus a gcomhábhair a bhaint dá chéile, a bhailiú i mbainc ábhar agus a athúsáid lena laghad athphróiseáil agus is féidir a dhéanamh. Teastaíonn taighde agus nuálaíocht chomhoibritheach ó na riachtanais nua seo ar ábhair a chruthaíonn carbón agus ardmhodhanna tógála a oireann do chúinsí na hÉireann. Teastaíonn oiliúint uathu freisin ar na scileanna cearta, ní hamháin ar mhaithe le huasghrádú éifeachtach fuinnimh – uasghrádú teirmeach san áireamh ar fhoirgnimh atá tógtha de bhallaí saoirseachta soladaí – ach iad a dhearadh freisin chun gur féidir iad a bhaint dá chéile, agus comhábhair thógála a shonrú agus a aisfheistiú go mbeidh siad oiriúnach go mbainfear sraith cuspóirí astu le himeacht ama, gnéithe nach dteastaíonn a thuilleadh a bhaint dá chéile agus a shórtáil, agus athearraíocht a bhaint astu nó iad athúsáid.

## Dearadh leis an dúlra agus ar mhaithe leis an dúlra

Beidh gá leis an timpeallacht thógtha a oiriúnú go mór chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí an athraithe aeráide, minicíocht agus fíochmhaire mhéadaithe teagmhais stoirmeacha agus tuile agus ardú leibhéal na farraige san áireamh, a bhagróidh do lonnaíochtaí cósta, a bheidh ina chúis le creimeadh cósta agus teasoileáin uirbeacha. Cabhróidh ionchur ailtireachta ag céim dhéanta pleananna an údaráis áitiúil le réiteach optamach a bhaint amach chun go ndéantar bearta um oiriúnú don aeráid a dhearadh agus a chomhtháthú go maith isteach i bpleananna bonneagracha agus sa ríocht phoiblí níos fairsinge, trí réitigh inbhuanaithe, dhúlrabhunaithe draenála uirbí, cosaintí tuile agus cósta agus fuinneamh inbhuanaithe a ghiniúint.

Tá tuiscint ag dul i méid de réir a chéile in Éirinn ar na drochthionchair iolracha a imríonn an timpeallacht thógtha ar an dúlra. Tá acmhainn agus éileamh méadaitheach ann ar bhonneagar glas agus gorm a fhorbairt chun draenáil agus carnadh teasa a rialáil, ar thionchair thráchta a sheach-chur i láir bhailte agus ar mhodh iompair eile a sholáthar, ar mhaithe le hábhair dhúchasacha a chomhtháthú agus ar réitigh dhúlrabhunaithe aeráide a dhearadh chun tuile uirbeach a mhaolú, agus is cur chuige tairbhiúil um oiriúnú don aeráid iad go léir.

Déantar gníomhartha a bhaineann leis an gcuspóir seo a chomhtháthú isteach i ngach ceann de na limistéir ghnímh in Aguisín 1 -
agus tá baint ar leith acu le limistéir
2: Clár Cáilíochta a Leagan Amach, agus
3: Eolas a Ghiniúint.




Togra do Cheathrú Cholbaird, Luimneach le Bucholz McEvoy Architects. Athbhreithniú dearaidh RIAI ar Cheathrú Stáisiún Cholbaird do Chomhairle Contae agus Cathrach Luimnigh agus don Ghníomhaireacht Forbartha Talún, 2020. Cóip déanta le caoinchead Merritt Bucholz



The Scale of Ply, Baile Átha Cliath, le John Monaghan, Noji Architects. Buaiteoir ghradam RIAI 2018. Grianghraf le Alice Clancyy





Teach do Gharraíodóir, Contae an Dúin le LiD Architecture. Buaiteoir ghradam RIAI, 2021. Grianghraf le Brian Cregan

Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath, obair chaomhnaithe le hOifig na nOibreacha Poiblí. Grianghraf le Naoise Culhane Photography

# Cuspóir 2: Cáilíocht.

2

Is í aidhm Chuspóir 2 ailtireacht agus áiteanna ardchaighdeáin a sholáthar, a dhéantar a dhearadh agus a phleanáil trí idirchaidreamh fairsing a dhéanamh agus a bhfuil teacht ag gach duine orthu, i gceantair thuaithe agus sráidbhailte, bailte, cathracha agus bruachbhailte mar ghné bhunriachtanach d'inbhuanaitheacht shóisialta.

# Foirgnimh agus spásanna ardchaighdeáin a dhearadh agus a sholáthar do chách

## Cur chuige comhtháite i leith cáilíochta

Éascaíonn áiteanna ardchaighdeáin ionchuimsiú agus rannpháirtíocht ghníomhach, agus baineann buntábhacht leo siúd chun go mbíonn pobail ag maireachtáil faoi bhláth. Cothaíonn siad inrochtaineacht gan baint d'athléimneacht na timpeallachta nádúrtha nó tógtha. Déanann siad an oidhreacht chultúrtha inbhraite agus na tírdhreacha stairiúla uirbeacha a bhronnann a gcarachtar uathúil ar áiteanna a chomhtháthú ar bhealach a léiríonn meas. Buntacaíonn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) na Náisiún Aontaithe le torthaí straitéiseacha náisiúnta Thionscadal Éireann 2040, a thacaíonn leis an iarracht chun athfhorbairt chothrom, inbhuanaithe uirbeach agus réigiúnach a bhaint amach.

Dírítear i dtuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh, 'I dtreo cultúr comhroinnte ailtireachta – infheistiú i dtimpeallacht thógtha ardchaighdeáin do gach duine' trína cás-staidéir ar idirchaidreamh a dhéanamh le pobail, agus ar an timpeallacht thógtha agus nádúrtha, agus déantar dea-chleachtas a cheangal go dlúth le SFI 11, cathracha agus pobail inbhuanaithe.

Cuireann tosaíochtaí reatha an AE, a ndéantar cur síos orthu thuas, eolas ar fáil do chomhthéacs agus treo fhorbairt an bheartais náisiúnta seo lena dhíriú ar chathracha, bailte agus sráidbhailte stairiúla, a bpobail agus a n-oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chomhdhlúthú agus a athbheochan. Léirítear trí phríomhphrionsabal an Bauhaus freisin sa bheartas seo: cur chuige il-leibhéil, cur chuige atá domhanda agus áitiúil araon; cur chuige rannpháirtíochta ina mbaineann an tsochaí shibhialta agus cur chuige trasdhisciplíneach i leith difríochtaí idir dearcthaí agus gairmeacha a réiteach.

Spreag an Coimisiún Eorpach gach páirtí leasmhar 'comhráite' faoin Bauhaus Eorpach Nua a eagrú le cur le comhdhearadh an phróisis nuair a bhí an beartas seo á ullmhú. Rinne IRAÉ agus an Roinn ceardlann mhúscailte smaointe agus chuiditheach a chomheagrú, d'fhoilsigh sé ar líne é agus sheol siad chuig an gCoimisiún é.

Dhírigh ceardlann an Bauhaus ar acmhainní a bhí tógtha cheana féin agus ar acmhainní nádúrtha, uisce ina measc, a bhainistiú agus ar leas a bhaint astu - agus ba iad cosaint, athchóiriú agus athúsáid an pointe tosaigh do dhearadh amach anseo, i gcaidreamh níos comhtháite agus níos freagraí leis an dúlra a fheabhsóidh torthaí sláinte poiblí. Tugadh chun solais sa cheardlann ar an ngá atá le

cur chuige fileata agus pragmatach a thabhairt le chéile: fuinneamh cruthaitheach agus rannchuidiú praiticiúil a shaothrú a thugann an ailtireacht d'áit agus cultúir dhaoine. Sainaithníodh an gá go dtacóidh struchtúir leis an idircheangal idir saineolas agus cruthaitheacht agus an gá atá le forbairt inbhuanaithe a thacaíonn le geilleagar atá go hiomlán ciorclach. Léirítear go soiléir i ndíriú na ceardlainne ar rannpháirtíocht, ionchuimsiú agus comhoibriú conas mar a thugann Bauhaus rudaí 'le chéile'.

## Rannpháirtíocht an phobail a mhéadú

Tá sé bunriachtanach go ndéantar tábhacht na cáilíochta agus an spáis a aithint nuair a bhíonn ár gcóiríocht chónaithe, scoileanna, foirgnimh chathartha, bonneagar agus spásanna á ndearadh, spásanna ilfheidhmeacha súgartha agus sóisialta san áireamh.

D'fhéadfadh an ailtireacht saolta pobal a shaibhriú, pobail imeallaithe ach go háirithe, agus cabhrú le hiad a dhéanamh athléimneach i dtaobh dúshláin agus fórsaí seachtracha amach anseo. Spreagann díospóireacht agus rannpháirtíocht phoiblí feasacht agus méadaíonn siad an tuiscint ar ailtireacht ón bpróiseas cruthaitheach dearaidh chomh fada le tuiscint níos doimhne ar na héifeachtaí dearfacha eispéiris a chruthaíonn foirgnimh agus spásanna poiblí maithe. Cabhraíonn tionscnaimh faoina dtugann eagraíochtaí móra agus beaga, údaráis áitiúla, comhlachtaí deonacha agus pobail, le rannpháirtithe trí chomhchruthú, a cheanglaíonn speisialtóirí le húsáideoirí, chun áiteanna agus foirgnimh nua a shamhlú go cruthaitheach, láithreáin oidhreachta a léirthuiscint agus áiteanna agus foirgnimh a bhainistiú agus a uasghrádú ar bhealaí éagsúla.

Tacaíonn tionscnaimh reatha, cosúil le Clár Éire Ildánach le daoine a gcumas cruthaitheach a bhaint amach chun tacú le folláine aonair agus phobail agus leis an ngeilleagar cruthaitheach, trí thionscadail chomhfhorbartha áite san áireamh.

Baineann rannpháirtíocht agus baint mhéadaithe an phobail i bpróisis dearaidh, phleanála agus forbartha torthaí dearfacha, feasacht agus úinéireacht ar thionscadail, agus bród amach as áit a mhairfidh an aimsir. Baineann tábhacht straitéiseach le ról an oideachais, taispeántas agus gradam ar mhaithe le tábhacht chultúr na hailtireachta a chur chun cinn agus a thuiscint i dtaobh spéis an phobail i gcoitinne a mhúscailt. Deimhníonn príomhchleachtais Éireannacha ar a mbronntar duaiseanna agus éachtaí idirnáisiúnta go bhfuil cáil chlúiteach ar ailtireacht na hÉireann. Tugann an t-aitheantas agus an moladh a fuair roinnt tionscadail Éireannacha i ngradaim Europa Nostra na hardchaighdeáin le fios a baineadh amach i gcleachtas chaomhnú na hailtireachta in Éirinn.

## Uirlisí feabhsaithe agus lúfara rialachais agus cur chuige pleanála

Teastaíonn uirlisí lúfara, scileanna boga agus crua agus cur chuige nuálach pleanála ó na dúshláin atá amach romhainn, cosúil le hathrú aeráide, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, athrú déimeagrafach agus samhlacha geilleagracha nua. Is í an ailtireacht an pointe ina dtagann na saincheisteanna seo le chéile: is uirlis ríthábhachtach í smaointeoireacht deartha chun feabhas a chur ar cháilíocht chinntí rialachais agus pleanála.

Caithfear cumas oibríochtúil an riaracháin phoiblí a fheabhsú agus caithfidh an cultúr éirí níos lúfaire chun go bhfreagróidh sé go héifeachtach. Feabhsófar an dóchúlacht go mbainfear torthaí ardchaighdeáin amach agus bainfear úsáid níos fearr as acmhainní trí shonraí spásúla, feidhmíochta agus cultúrtha a roinnt.

Áirítear le modhanna rannpháirtíocha agus luachmhara oibre comhchruthú agus comhdhearadh chun gur féidir le foirne dearaidh idirdhisciplíneacha riachtanais úsáideoirí a shainaithint ag luathchéim. Tugtar uirlisí digiteacha rannpháirtíochta agus obair chomhoibritheach thrasdisciplíneach chun solais freisin sa Bauhaus Eorpach Nua agus léiríonn siad tábhacht agus cumas an eolais agus an chleachtais chomhroinnte ar leibhéal Eorpach. Is féidir leis na gluaiseachtaí cultúrtha seo a léiriú do phobail agus páirtithe leasmhara sochaí sibhialta conas is féidir tithíocht

agus bonneagar sóisialta dea-dheartha a dhéanamh de riachtanais chasta agus cinntí il-leibhéil.

Cabhraíonn samhlacha pleanála chun cinn, cosúil le creatphleananna dearaidh uirbigh, athbhreithnithe dearaidh agus pleananna caomhantais leis an eolas atá ag an bpobal agus ag speisialtóirí faoi thoisí iolracha limistéir, coimpléisc nó foirgnimh, agus leis an gcur chuige is fearr a dheimhniú maidir leis na rudaí atá speisialta faoina shaintréithe agus a luachanna gaolmhara a choimeád, agus freastal ar fhorbairt nua nó ar úsáid nua i gcomhthráth.

Céim ríthábhachtach thosaigh iad critéir agus táscairí cuí cáilíochta dearaidh a fhorbairt nó a ghlacadh do thionscadail ailtireachta agus timpeallachta tógtha, a bhaineann leas as smaointeoireacht Eorpach reatha, chun buntacú le measúnú cáilíochta a dhéanamh i soláthar poiblí i measc na n-údarás conraitheoireachta go léir. Feabhsóidh táscairí cáilíochta dearaidh cáilíocht na pleanála chun cinn, athbhreithnithe dearaidh agus coimrí dearaidh, cinnteoidh siad go nglacann údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí le cur chuige comhsheasmhach agus go gcuirfidh siad leis an gcur chuige measúnaithe tionchair timpeallachta agus nádúr an tírdhreacha. Bealaí cuiditheacha iad athbhreithnithe dearaidh le díospóireacht a ghiniúint agus físeanna éagsúla a fhorbairt maidir le tionscadail chasta athghiniúna.

Rud taiscéalaíoch agus nuálach é an dearadh agus lorgaíonn an timpeallacht rialála cinnteacht phraghais, amlíne agus feidhmíocht a bhaint amach d'aschur inacmhainne. Fiosróidh an beartas seo na deiseanna do pháirtithe leasmhara timpeallachta tógtha agus don phobal dul i ngleic leis an gcomhthéacs rialála agus leis an iomaí próiseas a dheimhníonn todhchaí na timpeallachta tógtha. Cabhróidh seo le toimhdí a thuiscint, bunchúiseanna a scrúdú agus freagairtí cruthaitheacha a shaothrú i leith dúshláin agus teannas casta agus sistéamach maidir le bonneagar, tírdhreach, tithíocht agus áit. Leis an mbeartas seo, tacófar le hailtirí a bheith chun tosaigh i leith an athraithe chuig cleachtaí spárálacha tógála lena mbaineann táirgiúlacht mhéadaithe agus costais agus diomailt laghdaithe, lena n-áirítear trí ábhair agus comhbhaill inbhuanaithe a mhonarú go seachtrach. Braithfidh an rath ar iontaoibh agus comhoibriú a fhorbairt idir peirspictíochtaí agus tosaíochtaí éagsúla an rialtais, pobal agus an earnáil phríobháideach.

Déantar gníomhartha a bhaineann leis an gcuspóir seo a chomhtháthú isteach i ngach ceann de na limistéir ghnímh in Aguisín 1 - agus tá baint ar leith acu le limistéir
1: Meas a Léiriú agus Cumasú agus
2: Clár Cáilíochta a Leagan Amach.



Goethe Institut, Baile Átha Cliath le Henchion Reuter. Buaiteoir ghradam RIAI 2019. Grianghraf le Fionn MacCann



Ceathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath, arna fhorbairt ó Mháistirphlean a raibh gradam faighte aige le Moore Rubell Yudel agus Duffy Mitchell O'Donoghue. Grianghraf le Marie-Louise Halpenny, le caoinchead Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Ionad Príomhchúraim, Bré, Co. Chill Mhantáin le Henry J. Lyons. Ardmholadh, Gradaim RIAI 2021. Grianghraf le Donal Murphy







Ionad Amhairc Shlí an Atlantaigh Fhiáin,
Co. Chiarraí le Paul Arnold Architects.
Buaiteoir ghradam RIAI 2021.
Grianghraf le Lorcán Ó Cinnéide

Teach Cúirte Coiriúla Chorcaí le hOifig na nOibreacha Poiblí, Wilson Architecture agus Bluett agus O'Donoghue. Buaiteoir ghradam RIAI 2019.
Grianghraf le Ros Kavanagh

# Cuspóir 3: Ceannaireacht.

3

Is í aidhm Chuspóir 3 ceannaireacht laistigh den earnáil phoiblí agus tábhacht na ceannaireachta ar gach leibhéal rialachais agus i measc an phobail ailtirí, teicneolaithe ailtireachta agus gairmithe caomhnaithe ailtireachta ag a bhfuil róil chleachtais, oideachais, rannpháirtíochta agus bheartais/chomhairleacha/rialála a spreagadh chun tacú le beartais, cláir agus tionscadail timpeallachta tógtha ardchaighdeáin a sholáthar.

# Tacú le ceannaireacht chun tús áite a thabhairt do thorthaí ardchaighdeáin ailtireachta

## Ceannaireacht sa rialtas agus san earnáil phoiblí agus tús áite a thabhairt do cháilíocht

Teastaíonn díospóireacht, ceistiú, tuiscint agus glacadh i measc an phobail ó cheisteanna agus dúshláin a bhaineann leis an timpeallacht thógtha. Baineann buntábhacht le rannpháirtíocht an phobail agus baint páirtithe leasmhara (cosúil le hailtirí, innealtóirí, pleanálaithe agus tógálaithe) a fheabhsú agus a spreagadh le cáilíocht a bhaint amach in aschur agus torthaí soláthair, pleanála, bonneagair, dearaidh uirbigh, tithíochta, sláinte agus oideachais.

Déanfaidh na gníomhartha a chabhraíonn le Cuspóir 3 a sholáthar ceannaireacht a chur chun cinn i bpleanáil, maolú agus oiriúnú comhtháite spásúil agus um athrú aeráide ar mhaithe le hathléimneacht timpeallachta agus le hacmhainní finideacha na timpeallachta nádúrtha agus tógtha a chosaint. Aithnítear sa tuarascáil I dTreo Cultúr Comhroinnte Ailtireachta príomhról na hearnála poiblí i gcur chun cinn na ceannaireachta nuair a bhíonn an timpeallacht thógtha á dearadh, á hathshamhlú agus á caomhnú ar mhaithe le folláine shóisialta, inbhuanaitheacht chomhshaoil fhadtéarmach agus inmharthanacht gheilleagrach.

Tacóidh gníomhartha faoin gcuspóir beartais seo le cabhrú le ceannairí ar fud na hearnála le tionscnaimh reatha a d'fhorbair páirtithe leasmhara timpeallachta náisiúnta, áitiúla agus tógtha. I measc na gceisteanna arb ábhar spéise iad, tá sainchomhairle a mhalartú, idirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le huirlisí dearaidh agus measúnaithe teicneolaíochta, eiseamláirí, coimrí dearaidh, critéir roghnaithe cáilíochta a fhoilsiú, scéimeanna dámhachtainí a chuíchóiriú, agus ról agus scóip fheabhsaithe na réamhcháilíochta laistigh de chreataí. Maidir le comórtais ailtireachta a úsáid, ba cheart cur chuige 'cloch chora' a spreagadh lena cheadú do chleachtais níos nua agus níos lú iad féin a bhunú agus a scileanna a fhorbairt ar bhealach dearfach agus incriminteach i gcomhoibriú le cleachtais bhunaithe níos mó.

Infheisteoir mór é an Stát sa timpeallacht thógtha agus coimisinéir mór ailtireachta é. Déanann go leor feidhmeanna earnála poiblí idirnascadh le agus difear do cháilíocht na timpeallachta tógtha, idir bonneagar nua a dhearadh agus a thógáil agus freastal ar sheirbhísí bunriachtanacha. Cuireann saineolaí intí a chothú i ranna rialtais, eagraíochtaí earnála poiblí agus údaráis áitiúla ar chumas na n-eagraíochtaí seo iad féin a chur in iúl agus na torthaí is fearr a bhaint amach. D'fhéadfadh idir forbairt fhadtéarmach réadmhaoine, straitéisí bainistíochta agus athnuachana foirgneamh, agus comhoibriú ar mhaithe le cinnteoireacht trasearnála

níos fearr a bheith i gceist leis na tosaíochtaí e.g. beartais sláinte poiblí, timpeallachta nádúrtha nó chultúrtha, anuas ar thionscadail agus cláir tógála a sholáthar agus a bhainistiú. Is tosaíocht de thuarascáil na Foirne Gnímh um Thacú le Sármhaitheas (2021) de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é sármhaitheas san earnáil a ghiaráil chun cur leis an acmhainneacht seachadta caipitil atá aige. Tá a chuig ghníomhartha ar aon dul le cuspóirí an bheartais seo.

Tá cur i bhfeidhm an bheartais seo lárnach chun spriocanna athraithe aeráide na hÉireann a bhaint amach, go háirithe maidir le maireachtáil uirbeach a chomhdhlúthú mar an gcroímheicníocht chun pobail a chothú agus ardchaighdeán na beatha a sholáthar, a bhaineann sochar as an úsáid is éifeachtúla a bhaint as acmhainní, bonneagar agus seirbhísí. Teastóidh ceannaireacht láidir agus shoiléir uaidh le braistint cuspóra a chur in iúl agus le tabhairt faoi fhís chomhroinnte don timpeallacht thógtha agus nádúrtha. Iarrann sé ar eagraíocht Stáit cosúil le Ranna Rialtais, Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus údaráis áitiúla glacadh le príomhróil cheannaireachta.

Tá ar shárchumas Oifig an Ailtire Stáit in OOP gníomhú mar sheaimpín agus tacú le caighdeáin arda ailtireachta, chaomhnaithe agus tírdhreacha san earnáil phoiblí, agus díriú ar eolas a mhalartú agus ar chomhsheasmhacht maidir le caighdeáin agus critéir cháilíochta laistigh den ailtireacht agus an timpeallacht thógtha. Leis an mbeartas, tacófar le hAiltire an Stáit i ndáil leis an ról atá aige comhairle a chur ar fáil don Rialtas agus do Ghníomhaireachtaí Stáit maidir le riachtanais tógála agus réadmhaoine, lena n-áirítear cúram i leith foirgnimh oidhreachta atá faoi úinéireacht phoiblí agus a bhfuil úsáid phoiblí á baint astu, ar gníomh den thuarascáil Ag Tacú le Sármhaitheas é.

**“Ní mór dúinn a bheith oscailte do smaointe seachas d’idé-eolaíochtaí, agus don éirim agus don áilleacht a bhaineann le hailtireacht.”**

**(Ciaran O’Connor, Ailtire Stáit)**

## Sonraí a úsáid agus foghlaim ó shonraí

Baineann ríthábhacht le deiseanna digiteacha agus nuálaíocht a úsáid d’údaráis phoiblí chun bunachair shonraí a thógáil ar nádúr timpeallachta tógtha agus lena bhfeidhmíocht féin maidir le straitéis agus gníomh pleanála fhadtéarmach um athrú aeráide.

Baineann bunriachtanas le glacadh le bearta amhail Level(s), creat agus critéir deartha ardchaighdeáin an AE maidir leis an timpeallacht tógtha, chun measúnuithe inchomparáide a dhéanamh, príomhtháscairí feidhmíochta a shainaithint agus tuiscint a fháil ar cháilíocht na forbartha agus an tionchar a bhíonn aici ar shuíomhanna nádúrtha lena mbaineann tábhacht chultúir.

Baineann bunriachtanas le sonraí i measc údaráis phoiblí agus monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht thógtha le himeacht ama, le tosca um athrú aeráide a dheimhniú agus le tuartha leordhóthanacha a dhéanamh maidir le rioscaí agus leochaileacht fhadtéarmach.

Foirgnimh ardchaighdeáin, atá neodrach ó thaobh carbóin de nó foirgnimh ísealcharbóin mharthanacha phoiblí a chuireann leis an tírdhreach nádúrtha agus a thacaíonn le héiceachórais, a sholáthraíonn eispéiris an-láidre den ailtireacht agus de dhearadh comhaimseartha d’úsáideoirí agus do chuairteoirí. Trí dheiseanna foghlama, oideachais, agus scaipthe a chorprú, is féidir le cliaint choimisiúnaithe na hearnála poiblí an iomaí tairbhe a bhaineann leo do phobail, an cultúr agus an dúlra a mhéadú.

Díríonn roinnt tionscnaimh reatha an AE ar fheasacht a mhúscailt ar luach na hoidhreachta cultúrtha agus ar an deis a sholáthraíonn sé do cheannairí na hearnála poiblí chun idirchaidreamh a dhéanamh le pobail áitiúla do thionscadail athghiniúna faoi stiúir na hoidhreachta a leanann leis na tréithe agus na luachanna is fearr atá ag áit a choimeád, atá imithe i méid leis na céadta bliain agus le roinnt tréimhsí deich mbliana anuas. Tá anailís ilchritéir cuí i leith tionscadal ina mbaineann struchtúir is ábhar spéise cultúrtha agus/nó oidhreacht ailtireachta, idir coláistí agus ospidéil agus músaeim, mar gheall go ndéanann siad cur síos níos éifeachtaí ar na tairbhí agus na tionchair idirspleácha, chultúrtha, shóisialta agus chomhshaoil, nach gcuirtear san áireamh in anailís costais is tairbhe.

## Soláthar agus cur amach ar thairiscintí

Déantar breithniú a chur chun cinn sa bheartas ar shaolré iomlán foirgneamh - agus dearcadh fadtéarmach á ghlacadh i leith chostais chomparáideacha an dearaidh agus na forbartha, an oibrithe, na cothabhála, na scartála agus na diúscartha, an carbón atá ann agus an luach a léiríonn na pobail ar an bhfoirgneamh nó an áit a fhreastalaíonn ar na pobail sin. Tugann sé tús áite do dhearadh ardchaighdeáin ailtireachta ar mhaithe le luach fadtéarmach (torthaí sóisialta, comhshaoil agus geilleagracha) agus do dhíriú intuigthe ar bhuiséad agus inacmhainneacht.

Lorgaíonn soláthar poiblí le riosca a bhainistiú agus cothroime, trédhearcacht, margadh oscailte agus luach ar airgead á chinntiú i gcomhthráth. Caithfidh comhlachtaí coimisiúnaithe cothromaíocht a bhaint amach idir na héilimh a dhéanann cáilíocht, costas agus soláthar tráthúil, ar minic go dtéann siad in iomaíocht lena chéile. Is uirlis thábhachtach bhainistíochta riosca agus táscaire ratha sa chéim oibríochtúil é tús áite a thabhairt do cháilíocht dearaidh i rith na gcéimeanna soláthair agus tógála.

Ba cheart go lorgófaí seirbhísí dearaidh ailtireachta a sholáthar, go ginearálta, ar bhunús coimre údarásach dhearaidh agus buiséad réalaíoch caipitil. Is é seo bunchloch soláthar rathúil seirbhísí sainchomhairleoireachta agus an fhoirgnimh inmhianaithe; buntacaíonn sé le soláthar daingean agus laghdaíonn sé moilleanna ar dhearadh agus ar thógáil trí athruithe dearaidh leantacha i rith na tógála a theorannú.

Díríonn an t-athbhreithniú leanúnach ar an gCreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla (an CBOC), tionscnaimh atá ar bun ag Grúpa Earnála Tógála Thionscadal Éire 2040, agus obair Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais go léir ar luach ar airgead uasta a chinntiú agus earnáil tógála nua-aimseartha, nuálach agus athléimneach á cinntiú i gcomhthráth a chuireann ar chumas Thionscadal Éireann 2040 an rath a bhaint amach. Forbróidh an chéad chéim eile den CBOC straitéisí soláthair agus conraitheoireachta a thugann tús áite do réitigh ardchaighdeáin, a thacaíonn leis an mbealach is éifeachtúla soláthair, a leabaíonn bearta bainistíochta riosca cuí laistigh de chéimeanna forbartha, soláthair agus tógála an tionscadail, agus a chuireann réitigh dhigiteacha i bhfeidhm fad a bhíonn an tionscadal á sholáthar.

Is é an toradh inmhianaithe ar an gcuspóir ceannaireachta seo cur le huaillmhian Thionscadal Éireann 2040 trí cháilíocht dearaidh sa timpeallacht thógtha a chur chun cinn nuair a bhíonn creataí pleanála, próisis rialála agus cláir chistithe á gcur i bhfeidhm ar fud an Rialtais. Tá cuntas teiste ag eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha a éascaíonn sármhaitheas ailtireachta ina mbaintear athrú dearfach amach sa timpeallacht thógtha agus ina gcosnaítear oidhreacht ailtireachta. Baineann buntábhacht leis an méid a chuireann siad le torthaí straitéiseacha Thionscadal Éireann 2040 agus an bheartais seo a bhaint amach.

Scrúdaítear san Athbhreithniú Acmhainneacta Ag Tacú le Sármhaitheas: Tionscadal Caipitil agus Soláthar Cláir [Eanáir 2021] srianta ar chumas údarás conraitheoireachta cloí le dea-chleachtas nuair a bhíonn tionscadail chaipitil á soláthar acu. Beartaíonn Oifig Náisiúnta Infheistíochta an RCPA earnálacha a shainaithint óna dteastaíonn ionaid sármhaitheasa, chun tacú le haonáin soláthair agus comhairle a chur orthu. Cuireann an cur chuige seo in iúl go gcuirtear seirbhís chomhairleach ailtireachta san áireamh laistigh d'ionad sármhaitheasa. Baineann buntábhacht le scileanna deartha agus bainistithe ailtirí agus teicneolaithe ailtireachta maidir le héifeachtúlachtaí agus costais a fheabhsú, maidir le bheith rannpháirteach i dtaighde agus i nuálaíocht i ndáil le hábhair agus comhbhaill inbhuanaithe, agus maidir le huirlisí digiteacha amhail BIM a úsáid, ar tosaíochtaí iad sin uile sa tuarascáil Nuálaíocht a Fhorbairt (RCPA, 2020).

Déanfaidh an ghné Tógáil Dhigiteach (Build Digital) de Thionscadal Éireann 2040, a spreagann nuálaíocht san earnáil tógála, treoir agus saineolas a sholáthar agus a fhorbairt. Tá luas an bhorrtha an-tapa faoi uirlisí dearaidh agus cumarsáide teicneolaíochta faoi stiúir sonraí ag éirí níos tapúla. Tá róil na ngairmeacha beatha timpeallachta tógtha uile á n-athrú ag na hathruithe suaiteacha seo agus teastaíonn ceannaireacht agus plean straitéiseach uathu ag institiúidí oideachais agus údaráis phoiblí. Caithfear a áireamh leis na réitigh cruthú agus idir-inoibritheacht boinn dhigiteacha fianaise ar mhaithe leis an timpeallacht thógtha a phleanáil agus a bhainistiú, ní hamháin le dul chun cinn a thomhas ach lena chinntiú go léirítear sonraí foirgneamh agus timpeallachta Éireannacha sna bogearraí a úsáidtear le buntacú le cinntí dearaidh.

Déantar gníomhartha a bhaineann leis an gcuspóir seo a chomhtháthú isteach i ngach ceann de na limistéir ghnímh in Aguisín 1 -
1: Meas a Léiriú agus Cumasú,
2: Clár Cáilíochta a Leagan Amach, agus
3: Eolas a Ghiniúint.



Droichead Cavanagh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh le O'Donnell+Tuomey. Buaiteoir ghradam RIAI 2019.
Grianghraf le John Tuomey



Stáisiún Marconi Station ag Deirgimleach, Contae na Gaillimhe le Denis Byrne Architects i gcomhar le TTT (Thirty Three Trees). Buaiteoir ghradam RIAI 2017.
Grianghraf le John Lalor



Grúpa Bhailte Slachtmhara an Chóibh ag tabhairt cuairt ar fheabhsúcháin sa réimse poiblí i gCloich na Coillte, Contae Chorcaí. Grianghraf le caoinchead Aonad Chur i bhFeidhm na dTionscadal Caipitil, Comhairle Contae Chorcaí

Tionscadal Shráidbhaile Bhaile na Manach, Contae Bhaile Átha Cliath. DLR Architects. Gearrliosta na nGradam RIAI, 2019. Grianghraf le Donal Murphy



# Cuspóir 4: Cultúr.

4

Is í aidhm Chuspóir 4 an ailtireacht a chur chun cinn mar chantanam, atá fite fuaite, san am atá caite agus i láthair agus amach anseo sa tsochaí mar fhoirm ealaíne agus mar eolaíocht araon. Aithníonn an cuspóir seo an méid a chuireann an ailtireacht le foirm, carachtar agus sláinte áiteanna, phobal agus slite maireachtála.

# Cultúr a chothú a léiríonn meas ar an ailtireacht mar ealaín agus eolaíocht araon, a fhreastalaíonn ar dhaoine, ar áiteanna agus ar an bpláinéad

## An ailtireacht mar chuid den chultúr agus den tsochaí

Baineann an cultúr, san fhoirm is bunúsaí de, le nósanna a thagann chun cinn ón iliomad idirghníomhaithe idir daoine le himeacht ama, a chruthaíonn saintréithe áiteanna agus sochaithe ('an bealach a dhéanaimid rudaí anseo'). Cabhraíonn an fheasacht go bhfuil an ailtireacht mar chuid de chultúr gach sochaí leis an gcaidreamh a thabhairt chun cinn idir daoine, na háiteanna ina gcónaíonn siad agus a luachanna cultúrtha. Is éard a mbaineann gníomh na hailtireachta leis ná cruthú: an eolaíocht, an teicneolaíocht agus próiseas an dearaidh a thabhairt le chéile le réitigh phraiticiúla agus áille a chruthú don timpeallacht, riachtanais daoine agus do thodhchaí a bhraitheann ar cháilíocht na gcinntí dearaidh seo.

Déanann eolas a fhairsingiú agus a roinnt faoi chultúr na hailtireachta an tuiscint agus an meas ar an ailtireachta chomhaimseartha agus ar fhoirgnimh, lonnaíochtaí agus éachtaí ailtireachta agus seandálaíochta an ama atá imithe thart a mhéadú. Spreagann feasacht níos fearr suim sa phobal agus spreagann sí an chruthaitheacht agus an nuálaíocht i ndearadh comhaimseartha mar fhreagairt d'éachtaí a rinneadh san am atá imithe thart. Ina theannta sin uile, déanann taighde, anailís agus cur in iúl na hailtireachta réimse, infheictheacht agus inrochtaineacht na fianaise a mhéadú ar a mbunaítear cinntí faoin timpeallacht thógtha a dhéantar, chun sochair na bpáirtithe leasmhara go léir.

Tacaíonn an beartas seo le feasacht níos mó ar ról agus sochair na hailtireachta laistigh de chultúr na hÉireann. Is gnách go dtiteann athrú cultúrtha amach go mall agus ar go leor leibhéal, trí fheasacht ar bhealaí éagsúla smaointeoireachta agus le rudaí a dhéanamh, trí dhaoine a spreagadh athrú a aithint agus oiriúnú dó ar scála aonair agus eagraíochta. Déanfaidh cur i bhfeidhm an bheartais seo, trí thaighde, eiseamláirí agus treoracha, chomhtháthú na hailtireachta laistigh de chultúr na hÉireann a mhéadú. Léireoidh cur in iúl rathúil thorthaí na ngníomhartha seo na tairbhí a bhaineann le cruthaitheacht agus airgtheacht ailtireachta.

**"Tá na nithe a thógaimid, na déanmhais a fhoirgnímid ina n-ábhar fisiciúil, ina n-ionadaí ar an gcultúr atá againn. Baineann sé le hoidhreacht, ach anuas air sin, baineann sé leis na nithe ar a gcuirimid luach."**

**(Shelley McNamara, Grafton Architects)**

## Tacaíocht chultúrtha le rannpháirtíocht san ailtireacht

Cothaíonn eispéiris chultúrtha féiniúlacht, beocht agus pobal. Léirigh Bliain Oidhreachta Cultúrtha na hEorpa in 2018 an tábhacht a bhaineann le teacht a bheith ar an oidhreacht chultúrtha sa tsochaí. Chuir srianta na paindéime in 2020-2022 níos mó leis seo. Codanna lárnacha iad eispéiris chultúrtha agus forais chultúir d'fhorbairt uirbeach agus de chomhfhorbairt áite agus tá siad i gceartlár na hathghiniúna, agus is minic go gcuireann siad an chéad chéim ar fáil le spéis in áit a ligeadh i ndearmad a mhúscailt.

Chabhraigh an tacaíocht a thug beartais roimhe seo (Gníomhú ar son na hAiltireachta 2002-2005 agus Beartas an Rialtais ar an Ailtireacht 2009-2015) le heagraíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha cultúir baint mhór a bheith acu i gcónaí i dtaobh smaointe, próisis agus torthaí na hailtireachta a chur in iúl trí réimse formáidí agus cainéal, cosúil le taispeántais, féilte, díospóireachtaí, scannáin, imeachtaí comhchruthaithe, agus an teilifís.

Oibríonn roinnt clár le pobail le scrúdú a dhéanamh ar an mbonneagar reatha fisiciúil agus leis na deiseanna féideartha a shainaithint do phobail, ealaíontóirí, leanaí agus daoine óga chun tabhairt faoin gcruthaitheacht agus an chomhfhorbairt áite a shaothrú i gceantair áitiúla. Imríonn breithniú dea-chomhtháite a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cultúrtha, fóillíocht agus súgartha laistigh de thionscadail ailtireachta agus dearaidh uirbigh tionchair dhearfacha shóisialta agus gheilleagracha. Cothófar feasacht i measc cliant agus an phobail ar thairbhe chultúrtha tionscadail tógála trí bhonneagar na rannpháirtíochta san ailtireacht a chomhdhlúthú agus a fhairsingiú.

## Rochtain ar Eolas

Buntacaíonn eolas agus taighde le cultúr ailtireachta. Tá mar chuspóir ag an mbeartas seo luas, fairsinge agus doimhneacht an taighde ar an ailtireacht agus ag an ailtireacht in Éirinn a mhéadú, agus an teacht ar an eolas seo á mhéadú i gcomhthráth trí nuálaíochtaí digiteacha, comhpháirtíochtaí oideachais, cláir agus straitéisí taighde.

Tá athrú tapa ag teacht ar dhinimic an chultúir san aonú haois is fiche i dtaobh cleachtais ailtireachta: caithfear measúnú a dhéanamh anois ar thograí dearaidh i dtaobh 'oiriúnacht don chuspóir' in aghaidh réimse tosca inbhuanaitheachta atá ag dul i bhfairsinge, agus an fhéidearthacht a bheith go ndéanfar freagairtí iolracha a ghiniúint ar an toirt trí úsáid a bhaint as algartaim. Tá an réadúlacht, na rioscaí agus na deiseanna nua seo ag cur isteach ar an áit a mbíonn ailtirí agus daoine eile suite i slabhra luacha na timpeallachta tógtha. Tá athrú ó bhonn á dhéanamh acu ar na saghsanna eolais agus scileanna a theastóidh le gach disciplín sa timpeallacht thógtha a chur ar bun, bíodh tógáil as an nua nó obair ar fhoirgnimh agus áiteanna atá ann cheana féin i gceist leis sin. Caithfidh curaclaim agus modhanna soláthair an oideachais ar an timpeallacht thógtha oiriúnú go tapa don gheilleagar ciorclach agus an tsochaí seo atá faoi stiúir na teicneolaíochta.

Tá iallach á chur ag luas an athraithe dhigitigh, shóisialta agus timpeallachta faoi láthair chun cinntí gan choinne a dhéanamh faoin timpeallacht thógtha, faoi mar a chuimsítear in uaillmhianta Thionscadal Éireann 2040. Tá tearcfhorbairt déanta, áfach, ar an mbonn fianaise chun tacú le cinntí faoin timpeallacht thógtha, ar roinnt bealaí, murab ionann agus earnálacha cosúil leis an talmhaíocht agus an tsláinte. Ba cheart réimse níos fairsinge de bhonnshonraí agus de shonraí feidhmíochta bunriachtanacha faoin timpeallacht thógtha a shainaithint, a bhailiú agus a anailísiú go rialta trí úsáid a bhaint as próisis struchtúracha atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de lena chur ar chumas an lucht déanta beartas earnála agus leasanna tráchtála measúnú a dhéanamh ar láidreachtaí agus laigí, treochtaí a thuar, agus súil a bheith le freagairtí optamacha a dhearadh agus a sholáthar.

Tá ar Éirinn taighde agus eolas faoin timpeallacht thógtha a fheabhsú do gach lonnaíocht agus cás – stairiúil, comhaimseartha agus amach anseo – agus fóraim a chruthú ar mhaithe le rannpháirtíocht, scaipeadh agus aiseolas i measc institiúidí taighde, comhlachtaí rialála agus comhlachtaí ionadaíocha gairmeacha beatha sa timpeallacht thógtha. Tá seo bunriachtanach go gcuirfidh an ailtireacht feabhas ar na torthaí do dhaoine, d'áiteanna agus don phláinéad, go dtugtar tús áite do cháilíocht agus go seachnaítear botúin a dhéanamh a rinneadh roimhe seo.

Tacóidh cur i bhfeidhm an bheartais le hidirghníomhú a struchtúrú idir cistiú taighde, oideachas, cleachtas agus éiceachóras níos fairsinge na timpeallachta tógtha ar mhaithe le gach duine agus mar phointe tosaigh don

nuálaíocht chomhoibritheach. Áireofar leis eolas a fhorbairt agus a roinnt leis an bpobal chun tacú le rannpháirtíocht, scaipeadh agus plé fairsinge faoin ailtireacht. Ceanglóidh sé ailtireacht na hÉireann agus taighde faoin timpeallacht thógtha le deiseanna Eorpacha chun taighde agus comhoibriú a dhéanamh, cosúil leis na Pobail Eolais agus Nuálaíochta agus Moil Nuálaíochta na hInstitiúide Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus Saotharlann Bauhaus Eorpach Nua.

## An ailtireacht san oideachas agus i bhforais chultúir

Tugtar chun solais sa tuarascáil I dTreo Cultúr Comhroinnte Ailtireachta ról an oideachais ag go leor céimeanna ón idirchaidreamh tosaigh a dhéanann daoine an-óga le hoideachas na n-oideachasóirí féin. Oibríonn na cás-staidéir a cuireadh le chéile sa tuarascáil ar leibhéil éagsúla agus tá siad tairbhiúil ar mhaithe le heolas a chur ar fáil do dhearcthaí faoin iomaí gné a bhaineann le luach na hailtireachta. Tá oideachas a chur ar cheardaithe oilte agus sainlimistéir a chur chun cinn sa staidéar a rinneadh trí mhoil oideachais, cláir chistithe, dreasachtaí agus dámhachtainí cánach a dhéanamh.

Tacaíonn an beartas seo le cumas a mhéadú san oideachas ar an tríú agus an ceathrú leibhéal ar an timpeallacht thógtha agus cláir thaighde a chumasú chun tacú le beartais réigiúnacha agus áitiúla forbartha, bonneagar a fhorbairt agus bailte agus sráidbhailte stairiúla a chomhdhlúthú, chomh maith le sármhaitheas aonair a chur chun cinn agus a chothú. Cuireann an beartas seo comhordú straitéiseach ar oiliúint ar scileanna ceirdeanna chun cinn ina gcuirtear samhlacha feasachta ailtireachta san áireamh agus lena chinntiú go ndéanann riachtanais iarfheistithe scileanna tógála traidisiúnta agus dúchasaí agus tógála ‘glas’ agus scileanna uasghrádaithe fuinnimh a chothú.

Tacaíonn an beartas le neartú na gclár a bhaineann leis an ailtireacht i gcuraclaim bhunscoile agus mheánscoile agus iad a ailíniú le cláir thacaíochta múinteoirí agus scoláirí.  Spreagann an coincheap ina ‘moltar an óige’, a bhfuiltear ina fhabhar ar fud na hEorpa agus a úsáidtear i dtionscnaimh reatha in Éirinn, rannpháirtíocht níos mó i measc leanaí agus daoine óga. Cabhróidh feasacht a leabú ar an ailtireacht agus an timpeallacht thógtha ó na luathbhlianta ar aghaidh le rannpháirtíocht an phobail amach anseo i dtionscnaimh dhearaidh um athrú aeráide. Cabhróidh sé le ról na hailtireachta a chur chun cinn, trí na tairbhí a bhaineann le caighdeán maith a léiriú. Thar aon ní eile, spreagfaidh sé baint phraiticiúil san aistriú cultúrtha a chur i bhfeidhm lena chur ar chumas daoine strus ar an aeráid a laghdú. Tacaíonn an Bauhaus Eorpach Nua leis an gcur chuige seo agus léirítear é i ngníomhartha athraithe iompraíochta an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Aidhm thábhachtach den bheartas seo is ea feasacht a mhúscailt ar conas a imríonn an ailtireacht tionchar ar shaolta, leis an gcumas a bhronnadh ar dhaoine a chur in iúl cad a chiallaíonn ailtireacht ardchaighdeáin dóibh agus conas is féidir leis freastal ar a riachtanais chultúrtha agus timpeallachta, shóisialta agus gheilleagracha.

Spreagfaidh na gníomhartha rannpháirtíocht agus comhoibriú an phobail agus i measc leanaí ar aois scoile, agus rannpháirtíocht níos dlúithe sna próisis a n-eascraíonn tionscadail tógála ardchaighdeáin astu. Beartaítear réimse tionscnamh sa chlár um chur i bhfeidhm i measc earnálacha a chuirfidh cabhair ar fáil i dtreo an chuspóra seo ina saibhrítear an cultúr trí aidhm lárnach a dhéanamh den cháilíocht ailtireachta ina ndéantar an timpeallacht thógtha a chosaint, a bhainistiú agus a fhorbairt. Cabhróidh sé le daoine an dearcadh a bheith acu gur cuid thábhachtach de chultúr na hÉireann í an ailtireacht mhaith.

D’fhéadfadh cur i bhfeidhm rathúil bheartas na Danmhairge maidir leis an ailtireacht eolas a sholáthar do chur i bhfeidhm an bheartais seo, a lorg comhoibriú ó fhorais chultúir nuair a bhí siad ar an ngannchuid ó thaobh acmhainní de, chun go leor gníomhartha a chur chun cinn.

Déantar gníomhartha a bhaineann leis an gcuspóir seo a chomhtháthú isteach i ngach ceann de na limistéir ghnímh in Aguisín 1 -
1: Meas a Léiriú agus Cumasú,
2: Clár Cáilíochta a Leagan Amach, agus
3: Eolas a Ghiniúint.

# Dréimire an chomhtháthaithe ailtireachta i gcultúr

### IDIRBHEART

Feasacht theoranta ar ailtireacht agus tionchar teoranta na hailtireachta Bíonn daoine iomráiteacha ag dearadh tionscadail mór le rá, ach bíonn gnáthchliaint den tuairim gur gné roghnach sa bhreis atá in ailtirí.

### FEASACHT

De ghnáth, déantar tionscadail timpeallachta tógtha a dhearadh le hionchur ó ailtire. Aithnítear an luach eacnamaíochta a bhaineann le dearadh maith agus bíonn dea-thionchar ag a luach sóisialta ar áiteanna agus ar dhaoine.

### COMHTHÁITE I dTIONSCADAIL

Is iad ailtirí a oibríonn i bhfoirne ildisciplíneacha a smaoiníonn ar thionscadail timpeallachta tógtha agus comhfhorbartha áite agus a dhéanann iad a dhearadh, a phleanáil agus a sheachadadh. Cuirtear luach ar scileanna deartha, smaointeoireachta agus tionscadail. Fostaítear ailtirí san earnáil phoiblí chun críocha dearadh, soláthar agus bainistiú tionscadal.

### LEABAITHE I GCÓRAIS AGUS BONNEAGAR

Bíonn foirne ailtireachta agus deartha comhtháite in eagraíochtaí earnála poiblí ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal náisiúnta. Is minic a áirítear rannpháirtíocht phobail maidir le dearadh cláir timpeallachta tógtha agus ar fhorbairt beartais timpeallachta tógtha ar an obair, mar aon le tionscadail forbartha agus comhfhobartha áite. Aithnítear an luach timpeallachta a bhaineann le hailtireacht mhaith.

### GNÉ STRAITÉISEACH DEN CHULTÚR

Déantar buntáistí cumhachtaithe agus claochlaitheacha na hailtireachta, ar fud na timpeallachta, na sochaí agus an gheilleagair, a chomhtháthú i mbeartas pleanála agus tá meas ag cliaint ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach orthu. Tá baint lárnach ag ailtirí na hearnála poiblí ann. Éilíonn an tsochaí, go háitiúil agus go náisiúnta, na tairbhí cultúir, sóisialta agus timpeallachta a bhaineann le hailtireacht agus dearadh ardchaighdeáin agus déantar ailtirí a bhfuil duais buaite acu a cheiliúradh mar chuid de chultúr na tíre.

**TIONCHAR ÍSEAL**


Luach curtha le scileanna crua atá sonrach do thionscadail

**ARD-TIONCHAR**

Luach curtha le scileanna straitéiseacha nó scileanna boga freisin

# labhra feidhmiuil Baukultur - próiseas timthriallach

Federal Foundation of Baukultur basis for discussion




© Federal Foundation of Baukultur, design: Erfurth Kluger Infografik

Dearadh do Erfurth Kluger Infografik. Atáirgthe in I dtreo cultúir chomhroinnte ailtireachta - ag déanamh infheistíochta i dtimpeallacht ardchaighdeáin do chách (An Coimisiún Eorpach, 2021). Le caoinchead Fhondúireacht Fheidearálach Baukultur / Bundesstiftung Baukultur



Caisleán Chairlinn, Contae Lú, idirghabhálacha le Howley Hayes Architects / Oifig na nOibreacha Poiblí. Buaiteoir ghradam RIAI, 2021. Grianghraf le John Lalor, RTRAO



Coláiste na Coiribe, Gaillimh. An Clár Scoileanna Ildánacha, 2021. Grianghraf le Anita Murphy. Cóip déanta le caoinchead na Comhairle Ealaíon



Comórtas Deartha Theach Éireann i dTóiceo (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus RIAI). An dearadh a bhuaigh le Henry J. Lyons Architects, cóip curtha ar fáil le caoinchead Henry J. Lyons Architects agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála



Beach Road House, Contae na Gaillimhe le Ryan W. Kennihan Architects. Buaiteoir ghradam RIAI, 2021. Grianghraf le Shantanu Starick

# Dul i mbun Gnímh.

## Tosaíochtaí um chur i bhfeidhm a roghnú

Tugadh ceithre limistéar le fios go soiléir sa phróiseas comhairliúcháin a dtugtar tús áite dóibh: inbhuanaitheacht, cáilíocht, ceannaireacht agus cultúr, agus tá cuspóirí déanta díobh.

Déantar cur síos i bhfís an bheartais ar chumas na hailtireachta agus an deartha tacú le sochaí níos inbhuanaithe a bhfuil teacht aniar níos mó inti, sochaí atá bunaithe ar eolas agus ar chruthaitheacht, a mbrúitear chun cinn le ceannaireacht agus le rannpháirtíocht ionchuimsitheach.

Léirítear i bhfís agus cuspóirí an bheartais, i dteannta a chéile, an uaillmhian go mbeifear rannpháirteach go comhoibritheach i ngach gné den timpeallacht thógtha a shamhlú, a dhearadh, a fhorbairt, a bhainistiú agus a chosaint ar mhaithe le haschur agus torthaí ardchaighdeáin a bhaint amach. Léiríonn siad an gá atá le cur chuige iomlánaíoch, a chuimsíonn contanam an ama atá imithe thart, an ama i láthair agus an ama amach anseo agus an réimse iomlán acmhainní tógtha, cultúrtha (seandálaíochta san áireamh) agus timpeallachta nádúrtha.

## Limistéir Ghnímh

Baineann go leor de na moltaí a rinne páirtithe leasmhara an bheartais le breis agus ceann amháin de na ceithre chuspóir, nó go deimhin, le gach ceann de na ceithre chuspóir. Mar thoradh air sin, déantar an clár um chur i bhfeidhm a eagrú faoi thrí chatagóir ghníomhartha (limistéir ghnímh), seachas faoi na cuspóirí féin. Is ionann na limistéir ghnímh agus:

### Meas a Léiriú agus Cumasú

Meas a léiriú ar an ailtireacht, daoine a chumasú: athrú cultúir a chothú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht.

### Clár Cáilíochta a Leagan Amach

Clár cáilíochta a leagan amach le hinbhuanaitheacht a bhaint amach.

### Eolas a Ghiniúint

An bonn fianaise a fheabhsú trí thaighde, oideachas agus eolas a mhalartú.

Baineann ‘Meas a Léiriú agus Cumasú’ go príomha le daoine agus an cultúr; baineann ‘Clár Cáilíochta a Leagan Amach’ le modhanna agus creataí daingne; agus baineann ‘Eolas a Ghiniúint’ le faisnéis a ghiniúint agus a úsáid. Cruthaíonn na trí chatagóir triantán idirspleách, a bhainfidh cuspóirí an bheartais amach nuair a théitear i ngleic go hiomlánaíoch leo.

- Tacaíonn **Meas a Léiriú agus Cumasú** leis an lucht saothair ailtireachta agus timpeallachta tógtha chun fís an bheartais a chur i bhfeidhm go rathúil agus le feasacht agus rannpháirtíocht a mhúscailt sa tsochaí shibhialta. Beartaítear go dtacaíonn siad le gach duine a léiríonn ceannaireacht, a chuireann réitigh i ngníomh (ar gach leibhéal agus i measc go leor eagraíochtaí agus grúpaí) agus daoine a spreagadh páirt a ghlacadh, foghlaim, oiriúnú, múineadh agus roinnt.
- Cuireann gníomhartha **Clár Cáilíochta a Leagan Amach** ar chumas na ndaoine siúd chun oibriú i leith ardchaighdeán. Tugann siad modhanna agus uirlisí chun solais chun an cheannaireacht a chur i gcleachtas (e.g. critéir dhearaidh cáilíochta, ardáin mhalartaithe eolais).
- Soláthraíonn gníomhartha **Eolas a Ghiniúint** an fhianaise agus an t-eolas a theastaíonn chun oibriú i dtreo timpeallacht thógtha atá fíor-inbhuanaithe. Forbraíonn eolas cumas agus acmhainneacht sa lucht saothair agus imríonn sé tionchar ar cheannairí ar bheartais agus cláir a dhearadh. Feabhsaíonn agus cothaíonn gníomhartha Eolas a Ghiniúint an bonn fianaise ailtireachta agus timpeallachta tógtha (e.g. taighde, sonraí, oideachas).

## Teidil an chláir ghníomhaíochta

Sainaithnítear teidil an chláir ghníomhaíochta faoi gach ceann de na trí limistéar gnímh. Ábhair níos dírithe iad seo laistigh de gach limistéar gnímh. Cumasóidh siad gníomhartha aonair a shainaithint a chuireann le cuspóirí an bheartais a bhaint amach. Liostaítear thíos iad agus déantar cur síos níos mionsonraithe orthu sa téacs seo thíos.

1. Meas a Léiriú agus Cumasú
   1.1 Cultúr a chruthú a léiríonn meas ar an ailtireacht
   
   1.2 Lucht saothair na hearnála poiblí a chumasú

2. Clár Cáilíochta a Leagan Amach
   2.1 Critéir oibiachtúla agus chuimsitheacha náisiúnta cháilíochta a leagan amach a chur i bhfeidhm
   
   2.2 Caiteachas ar an timpeallacht thógtha phoiblí a dhearbhú ó thaobh cáilíochta
   
   2.3 Próisis rialála na timpeallachta tógtha rialála a dhearbhú ó thaobh cáilíochta

3. Eolas a Ghiniúint
   3.1 Seirbhís taighde náisiúnta ailtireachta agus timpeallachta tógtha a bhunú
   
   3.2 Acmhainn oideachais agus malartú eolais faoin timpeallacht thógtha a fheabhsú

## Gníomhartha um chur i bhfeidhm na chéad chéime

Déanann na limistéir ghnímh agus na teidil cláir a liostaítear thuas - agus a ndéantar cur síos níos mionsonraithe orthu thíos - creat a sholáthar faoinar féidir gníomhartha a shainaithint a chumasaíonn cur i bhfeidhm an bheartais i gcaitheamh an ghearrthéarma, an mheántéarma agus an fhadtéarma. Leagtar amach roinnt díobh seo sa tábla in Aguisín 1 faoi 'céimeanna i dtreo soláthair'.

Anuas air sin, sainaithníodh trí ghníomh a dtugtar tús áite dóibh a chumasóidh dul i ngleic le pointí gnímh níos mionsonraithe - nuair a bheidh siad i bhfeidhm. Is iad seo:

- **Líonra malartaithe eolais fíorúil earnála poiblí a chruthú** (seirbhís rochtana ag úsáideoirí atá i gceist leis an aschur)

  Déantar cur síos níos mionsonraithe ar an ngníomh seo i mbosca 1 thíos
- **Critéir cháilíochta dearaidh náisiúnta a fhoilsiú** fhoilsiú (tábla de chritéir lena gcomhaontaítear agus de tháscairí gaolmhara atá i gceist leis an aschur)

  Déantar cur síos níos mionsonraithe ar an ngníomh seo i mbosca 2 thíos
- **Riachtanais taighde agus sonraí ailtireachta agus timpeallachta tógtha a anailísiú** (athbhreithniú anailíseach agus tuarascáil scóipeála taighde ina bhfuil moltaí atá i gceist leis an aschur)

  Déantar cur síos níos mionsonraithe ar an ngníomh seo i mbosca 3 thíos

Cuirfidh an clár um chur i bhfeidhm le móiminteam, fairsinge agus doimhneacht trí aschur tionscadal lena dtacaítear a cheangal le gníomhartha a rinneadh roimhe seo, agus gnóthú carnach á ghiaráil dá bharr.

# Réimse Gnímh 1: Luach a chur agus Cumhacht a thabhairt .

1

## Luach a chur ar ailtireacht, cumhacht a thabhairt do dhaoine: athrú cultúir a chothú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht

### Aidhm :

Beidh tionchar ag scála mór agus ag éifeachtaí na n-athruithe aeráide atá le teacht ar an gcaoi agus ar an áit a dtógfaidh, a n-úsáidfidh, a oiriúnóidh agus a athchúrsálfaidh daoine foirgnimh agus áiteanna. Níl mórán tuisceana air seo agus is minic a aibhsítear é i dtéarmaí costais airgeadais agus slite beatha iomarcacha, rud a chruthaíonn fíor-riosca mearbhaill, támhaí agus pairilise. Comhlánaítear agus méadaítear anseo na gníomhartha um athrú iompraíochta agus rannpháirtíocht na saoránach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021, Tithíocht do Chách [go háirithe gníomh 22.2] agus Tús Áite do Lár an Bhaile. Tacóidh an limistéar gnímh freisin le sainghníomhartha timpeallachta tógtha agus athraithe cultúir ar nós Éire Ildánach Gníomhú Aeráide agus scéim um chomhfhorbairt áite Reimagine de chuid Fhondúireacht Ailtireachta na hÉireann, chun feasacht a ardú, rannpháirtíocht fhiúntach a ghníomhachtú agus ceannairí na hearnála poiblí a spreagadh chun dul i ngleic le cleachtais chomhoibritheacha maidir le comhfhorbairt áite. Is sócmhainn ríthábhachtach iad na páirtithe leasmhara spreagtha atá ann cheana, ar féidir a gcuid fuinnimh a thapú chun leasa fhrithpháirtigh trí shásraí agus tionscnaimh atá struchtúrtha agus maoinithe go slán ar mhaithe le leas eagraíochtúil agus sochaíoch marthanach.

### Aschuir agus torthaí:

Beidh torthaí inláimhsithe, ardcháilíochta le timpeallachtaí níos athléimní agus pobail rannpháirteacha mar thoradh ar thionscnaimh rathúla ag údaráis áitiúla agus ag an earnáil phoiblí maidir le múscailt feasachta, comhchruthú agus comhdhearadh. Beidh feabhsuithe soiléir ar leibhéil eolais agus scileanna, luamháin bheartais agus treoir, rud a chabhróidh le raon leathan páirtithe leasmhara an timpeallacht thógtha a phleanáil, a dhearadh, a chruthú agus a úsáid ar bhealach níos inbhuanaithe. Forbrófar cultúr a chuireann luach ar an raon iomlán de scileanna cruthaitheacha, nuálaíochta agus cumarsáide atá ag ailtirí spreagtha agus ag lucht saothair na timpeallachta tógtha.

# 1.1 Cultúr a chruthú ina gcuirtear luach ar ailtireacht

## Aidhm:

Trí cultúr ina gcuirtear luach ar ailtireacht, spreagfar agus gríosófar rannpháirtíocht na bpobal éagsúil maidir leis an timpeallacht thógtha a chothú, lena n-áirítear a oidhreacht seandálaíochta. Méadóidh sé leibhéil na gcomhpháirtíochtaí chun tabhairt faoi ghníomhartha comhleasa. Beidh rochtain ag páirtithe leasmhara tiomanta ar mhodhanna éagsúla cumarsáide chun suim a mhúscailt sa tábhacht a bhaineann le cáilíocht an dearaidh agus le heispéireas an úsáideora. Beidh struchtúir agus uirlisí ag cur chuige comhtháite chun breis luacha a bhaint as tionscadail seachas deisiúcháin chaipitil nó athnuachan, agus freisin chun scileanna intí a thógáil, feasacht a mhúscailt agus foghlaim ó thorthaí.

## Aschuir agus torthaí:

Bainfear úsáid as go leor modhanna chun eispéiris a roinnt agus lárnacht na timpeallachta maireachtála a léiriú, chomh maith lena cuid eolais, scileanna, cleachtais srl. chun cuidiú le rannpháirtíocht phobail i dtionscadail phraiticiúla um chomhfhorbairt áite a bhaineann leis an aeráid a spreagadh. Trí chultúr ina chomhtháthaítear smaointeoireacht ailtireachta, cuideofar le leathnú tionscnamh, agus le scéimeanna dámhachtainí agus líonraí atá ann cheana féin. Trí infheictheacht an phobail a mhéadú, déanfar an tuiscint a athrú ó bhonn agus ginfear rannpháirtíocht an phobail maidir le bealaí chun áiteanna a dhearadh, a dheisiú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Méadóidh comhthuiscint na leibhéil muiníne agus comhoibrithe idir grúpaí sainleasa, comhlachtaí poiblí agus pobail, tríd úsáid a bhaint as modhanna rannpháirtíochta maidir le comhfhorbairt áite. Níos mó feasachta faoin bhfíric go mbíonn cultúr ina gcuirtear luach ar ailtireacht chun leasa an chomhshaoil, na sochaí agus an gheilleagair.

# 1.2 Lucht saothair na hearnála poiblí a chumhachtú

## Aidhm:

Ní mór don earnáil phoiblí an cur chun feidhme de go leor éileamh athraitheach, casta agus idirnasctha a ghlacadh. Ní chuirtear acmhainní ar fáil d'eagraíochtaí i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail na tionchair a bhfuiltear ag súil leo maidir le hathrú aeráide, athghiniúint uirbeach agus straitéisí geilleagair chiorclaigh, nó modhanna nua rannpháirtíochta poiblí, chomh maith le feidhmeanna rialála a chomhlíonadh.

Is éard atá i gceist le cumasú ná tacair scileanna na n-ailtirí agus na ngairmeacha gaolmhara a bharrfheabhsú agus glacadh le samhlacha cruthaithe um rannpháirtíocht agus cleachtais, chun cur le hacmhainn agus le cumais eagraíochtúla, as a dtiocfaidh torthaí níos fearr don eagraíocht. Cuireann malartú struchtúrtha faisnéise agus leibhéil mhéadaithe rannpháirtíochta deiseanna ar fáil chun idirghníomhú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme creataí um pleanáil, soláthar, rialú tógála agus creataí rialála eile um thimpeallacht thógtha agus scaipeadh níos tráthúla agus níos spriocdhírithe d'fhaisnéis nua. Leis an gcur chuige seo, tacaítear leis an mbéim NIO ar ionaid sármhaitheasa a fhorbairt, lena gcuirfear acmhainn ar fáil i dtaobh an saineolas atá de dhíth i ndáil le seachadadh tionscadail caipitil.

## Aschuir agus torthaí:

Úsáid níos fearr agus níos éifeachtaí a bhaint as scileanna boga chomh maith le scileanna tionscadail na n-ailtirí agus na ngairmithe comhshaoil tógtha eile. Leathnófar leis seo an meas atá ann ar cheannaireacht áitiúil, earnála agus náisiúnta na timpeallachta tógtha. Rannchuideoidh oibrithe na hearnála poiblí le raon deiseanna taighde agus oideachais agus malartaithe faisnéise agus bainfidh siad leas astu freisin, rud a chuirfidh ar a gcumas comhoibriú ar choistí agus sainghrúpaí comhairleacha téamacha (m.sh. ar fhoirgnimh stairiúla; painéil athbhreithnithe dearaidh), agus tionscnaimh um breisoiliúint / forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Tacóidh gníomhartha le cineálacha cur chuige coláisteacha agus malartuithe eispéiris m.sh. treoirthionscadail a reáchtáil, feabhas a chur ar acmhainn dhinimiciúil thacair sonraí GIS (córas faisnéise geografaí) nó triail a bhaint as meastóireachtaí iar-áitíochta.

Féachfaidh ceannairí agus cinnteoirí le struchtúir eagraíochtúla optamacha agus cumas oibriúcháin a chruthú chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní atá ann cheana féin. Má éiríonn leis seo, méadóidh sé infheictheacht ailtirí na hearnála poiblí Éireannacha ar leibhéal idirnáisiúnta, i bhforbairt beartais, i dtaighde agus i malartú dea-chleachtas. Méadóidh sé na deiseanna chun réitigh a roinnt le haghaidh comhdhúshláin deartha, bainistíochta agus oibriúcháin timpeallachta tógtha agus beidh sé ina bhord díospóireachta chun comhoibriú a fheabhsú, m.sh. rannpháirtíocht chomhpháirteach i dtionscadail a thionscnamh srl.

# Gníomh cur chun feidhme na chéad chéime:

## Líonra malartaithe faisnéise fíorúil san earnáil phoiblí a chruthú.

Líonra fíorúil malartaithe faisnéise údaráis áitiúil agus poiblí agus earnála a chruthú chun tuairisciú soiléir agus comhsheasmhach le páirtithe leasmhara a chumasú maidir le beartais, cláir, treoracha agus deiseanna agus dúshláin atá ag teacht chun cinn ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

### Aschur:

Seirbhís rochtana úsáideoirí ar líne le haghaidh malartú faisnéise agus naisc idir údaráis; scaipeadh nuashonruithe AE, náisiúnta agus earnála agus fóram le haghaidh malartú faisnéise m.sh. maidir le dea-chleachtais agus réamhaisnéisí earnála.

### Toradh:

Soláthróidh fóram ar líne bonn eolais chun comhlachtaí a chur ar an eolas maidir le nuashonruithe AE atá ag teacht chun cinn um thimpeallacht thógtha ar thionscnaimh ailtireachta agus nascfaidh sé le treoir dea-chleachtais ón leibhéal Eorpach i measc páirtithe leasmhara na hearnála poiblí.

Trí fhóram, cuirfear modh ar fáil d'úsáideoirí na hearnála poiblí chun idirghníomhú lena chéile maidir le dea-chleachtais agus saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme creataí rialála pleanála, rialaithe tógála agus timpeallachta tógtha eile. Cuirfear sásra ar fáil le haghaidh aiseolais ingearach le rialtóirí ar shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme beartais agus reachtaíochta. Cabhróidh réamhfhógra maidir le forbairtí rialála agus beartais réamhtheachtacha le comhlachtaí poiblí chun acmhainn oibriúcháin agus riachtanais cumais a thuar. Méadóidh sé na deiseanna chun réitigh a roinnt le haghaidh comhdhúshláin deartha, bainistíochta agus oibriúcháin timpeallachta tógtha agus beidh sé ina bhord díospóireachta chun comhoibriú a fheabhsú.



Ceardlann deartha rannpháirtíochta, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann le Seirbhís Óige Bhóthar na gCloch agus an t-ailtire Muhammad Achour, 2021. Grianghraf le Paul Sherwood. Cóip déanta le caoinchead Fhondúireacht Ailtireachta na hÉireann



Teach Cúirte Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath, le Seirbhísí Ailtireachta Oifig na nOibreacha Poiblí. Buaiteoir ghradam RIAI, 2017. Grianghraf le Ros Kavanagh




Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, comhairliúchán Ceantair Chultúir, 2020 don tionscadal Reimagine le Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, faoi stiúir Pasparakis Friel Architects. Grianghraf le Paul McGuckin. Cóip déanta le caoinchead Fhondúireacht Ailtireachta na hÉireann





Iontaobhas Cathartha Bhaile Átha Cliath, 18 Cé Urumhan, Baile Átha Cliath. Athchóiriú le Kelly and Cogan Architects. Buaiteoir, Gradam Oidhreachta Eorpaí (Europa Nostra Award) 2021. Grianghraif le hIontaobhas Cathartha Bhaile Átha Cliath / Ros Kavanagh, Cóip déanta le caoinchead Iontaobhas Cathartha Bhaile Átha Cliath

# Réimse Gnímh 2: Clár Oibre Cáilíochta a Shocrú.

2

## Clár oibre cáilíochta a shocrú chun inbhuanaitheacht a bhaint amach

### Aidhm:

Le clár oibre cáilíochta a comhaontaítear go náisiúnta chun an timpeallacht thógtha san am atá thart, an timpeallacht thógtha reatha agus an timpeallacht thógtha sa todhchaí a bhainistiú, a chosaint agus a fhorbairt, cuirfear cáilíocht deartha, seachadta agus feidhmíochta in úsáid chun cinn, de réir na gcleachtas is fearr agus is inbhuanaithe atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn. Cinnteoidh clár oibre cáilíochta go ndéanfar próisis rialaithe agus caiteachas poiblí a bhaineann leis an timpeallacht thógtha a mheas de réir riachtanais cháilíochta atá intomhaiste go hoibiachtúil.

Déantar idirdhealú idir clár oibre cáilíochta agus comhlíonadh na gceanglas rialála, toisc go bhfuil tairseach pas/teipthe i gceist le comhlíonadh. De réir a chéile agus ó ghlacadh clár oibre cáilíochta, beidh tionchar ag ionchais cháilíochta a bhaineann le beartas AE agus náisiúnta atá ag forbairt ar leasuithe ar chaighdeáin rialála.

### Aschuir agus torthaí:

Cinnteacht mhéadaithe i measc na ngníomhaithe go léir um timpeallacht thógtha maidir leis na hionchais cháilíochta atá ag páirtithe leasmhara ríthábhachtacha amhail cliaint, rialtóirí, tairgeoirí (seirbhísí gairmiúla agus conraitheoirí), forbróirí, soláthraithe táirgí agus an pobal, srl. Beidh comhthuiscint ar thoisí cháilíocht na timpeallachta ailtireachta agus tógtha ann sa dioscúrsa earnála agus sa réimse poiblí trí chláir feasachta.

# 2.1 Critéir cháilíochta deartha náisiúnta oibiachtúla agus cuimsitheacha a shocrú agus a chur i bhfeidhm

## Aidhm:

Riachtanais cháilíochta timpeallachta tógtha atá infheidhmithe go náisiúnta a leagan síos agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ag tarraingt ar thosaíochtaí idirnáisiúnta, Eorpacha agus Éireannacha. Déanfaidh siad cur síos agus tomhas oibiachtúil ar thoisí agus cáilíochtaí a bhaineann le hailtireacht, leis an timpeallacht thógtha agus le dearadh tírdhreacha, le seachadadh, le feidhmíocht agus le húsáid, chun inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach. Le critéir den sórt sin, cuirfear feabhas ar cháilíocht fhoriomlán toisc go mbeadh an cumas ag gach páirtí ag gach céim athbhreithniú oibiachtúil a dhéanamh de bharr toisí na cáilíochta.

## Aschuir agus torthaí:

Cuirfear feabhas ar dhearadh agus cur chun feidhme na hailtireachta agus na timpeallachta tógtha trí chritéir cháilíochta náisiúnta agus gníomhaíochtaí treorach a chur i bhfeidhm. Cabhróidh critéir cháilíochta le seachadadh chuspóirí Thionscadal Éireann 2040, Tithíocht do Chách agus an Plean Gnímh don Aeráid agus tacóidh siad le gach páirtí leasmhar chun inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch ghearrthéarmach agus fhadtéarmach den dul chun cinn agus de na torthaí a thomhas chomh maith le measúnú a dhéanamh ar aschuir na gconarthaí tionscadail aonair. Is straitéis riosca struchtúrtha chun costas cáilíochta a laghdú é cur i bhfeidhm na gcritéar cáilíochta dearaidh freisin. Is é seo an costas a bhaineann le bearta rialaithe cáilíochta atá riachtanach chun an cháilíocht bheartaithe a bhaint amach i dtionscadal / plean / clár, ina bhféadtar baoil ó theipeanna sláinte agus sábháilteachta a bheith san áireamh sa timpeallacht thógtha.

# Gníomh cur chun feidhme na chéad chéime:
## 2. Critéir Náisiúnta Cáilíochta Dearaidh

Critéir cháilíochta dearaidh náisiúnta oibiachtúla agus cuimsitheacha a fhoilsiú i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, le cur i bhfeidhm ar gach céim de dhearadh, tógáil, bainistíocht, úsáid, caomhnú, athúsáid agus díchóimeáil na timpeallachta tógtha.

### Aschur:

Tábla de chritéir cháilíochta deartha oibiachtúla chomhaontaithe agus táscairí gaolmhara, ina dtugtar achoimre de cháilíocht deartha náisiúnta agus Eorpach agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus ina ndéantar tagairt dóibh (Davos, 2021; An Coimisiún Eorpach, 2021; ICOMOS, 2020). Leis na critéir, ligfear do mheastóireacht agus tuairisciú comhsheasmhach a dhéanamh ar chomhlíonadh na cáilíochta atá beartaithe ag gach céim de shaolré an fhoirgnimh nó na háite agus a chomhpháirteanna.

### Toradh:

Neartóidh na critéir cáilíocht an tsoláthair phoiblí trí fheidhmiú mar thástáil oibiachtúil ar an gcóimheas costais is cáilíochta a bhfuil cur síos air sa Treoir um Sholáthar Poiblí (2014).

Dara céim: cur i bhfeidhm na gcritéar náisiúnta cáilíochta (féach Tábla 2)

# 2.2 Dearbhú cáilíochta um chaiteachas thimpeallacht thógtha poiblí

## Aidhm:

Féadtar dearbhú cáilíochta a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil / réigiúnach / earnála trí fhorbairt a dhéanamh ar bheartais ailtireachta ar aon dul leis an gclár oibre cáilíochta náisiúnta agus le tosaíochtaí an bheartais seo. Tacóidh dearbhú cáilíochta le deiseanna do nuálaíocht dearaidh. Spreagfaidh sé úinéirí/caomhnóirí foirgneamh na hearnála poiblí chun stoc foirgneamh an Stáit a choinneáil i ndea-riocht san fhadtéarma, lena n-áirítear foirgnimh stairiúla agus eastáit, ag baint úsáide as uirlisí seanbhunaithe ar nós pleananna bainistíochta caomhantais. Laghdóidh sé caiteachas inseachanta ar fhoirgnimh nua in ionad athchóireáil a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana féin.

Le dearbhú cáilíochta, tabharfar tús áite do bhailiú sonraí ar stoc foirgneamh, ar shaintréithe mapála, ar riocht agus ar úsáid agus ar anailísiú fhianaise na timpeallachta tógtha, chun dul i ngleic le tacaí sprice chun aghaidh a thabhairt ar áitribh fholmha fhadtéarmach, tearcúsáid agus tréigean, samhlacha athchóirithe droch-chumtha a sheachaint, an fearann poiblí a uasghrádú de réir a chéile i gcomhréir le treoir an Lámhleabhair Deartha maidir le Bóithre agus Sráideanna agus deireadh a chur leis an ngá atá le dúbailt caiteachais chun teip nó faillí a leigheas. Ba cheart samhlacha maoinithe stáit agus riachtanais soláthair a dhearadh chun drochthionchar neamhbheartaithe ar cháilíocht na timpeallachta tógtha, ar thírdhreacha cultúrtha agus ar an gcomhshaol nádúrtha a sheachaint.

## Aschuir agus torthaí:

Beidh an Stát cinnte go bhfuil leas inbhuanaithe marthanach comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch ag baint le caiteachas comhshaoil tógtha na hearnála poiblí, rud a chuireann nuálaíocht agus cáilíocht chun cinn, ag cruthú agus ag deisiú na sócmhainní caipitiúla agus úsáid eile á baint astu. Leanfaidh foirgnimh agus áiteanna ar aghaidh ag feidhmiú chomh héifeachtach agus a bheartaítear iad do na glúnta tá le teach, ag cuimsiú athruithe ar chuspóir nó ar fheidhm agus a bheith seasmhach ó thaobh éifeachtaí an athrú aeráide

# 2.3 Dearbhú cáilíochta ar phróisis rialála timpeallachta tógtha

## Aidhm:

Tá cuspóirí agus ceanglais ar leith ag na creataí rialála (pleanáil, rialú foirgníochta, lena n-áirítear rialáil lucht saothair, táirgí foirgníochta, dramhaíl tógála). Bíonn tionchar acu go léir ar cháilíocht a bhaint amach ar fud na sraithe iomláine de phróisis chasta lena rialaítear tionscadal tógála ó thionscnamh agus pleanáil go críoch agus ag céimeanna athúsáide/deireadh ré.

Ba cheart naisc cháilíochta struchtúracha idir na próisis rialála sin a dhearadh agus a thástáil, lena n-áirítear trí thagairt a dhéanamh do na critéir cháilíochta náisiúnta, ar mhaithe le torthaí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha do na páirtithe leasmhara go léir. Ba cheart tacaíocht a thabhairt do threoir agus do chur i bhfeidhm cáilíochta agus ba cheart róil mhonatóireachta cáilíochta a leithdháileadh ar leibhéal an údaráis áitiúil. Déanfar é a neadú tuilleadh trí fhoirne baile ildisciplíneacha a chruthú le sraitheanna scileanna cuí, a chomhoibreoidh agus a chomhordóidh ar gach gné de chosaint uirbeach, bainistíocht, forbairt agus rannpháirtíocht phobail.

## Aschuir agus torthaí:

Trí phróisis aistrithe cáilíochta, tabharfar dearbhú do pháirtithe leasmhara nach ndéantar ionchais feidhmíochta reatha agus na todhchaí (oiriúnacht don fheidhm san fhadtéarma) ná ceanglais rialála pas/teiptha amháin ach an oiread a dhearadh ach go ndéantar monatóireacht orthu trí gach céim rialála.



Plás Sheoirse, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath le DLR Architects agus A2 Architects. Buaiteoir ghradam RIAI, 2019, Maireachtáil - Inbhuanaitheacht Scéimeanna Tithíochta. Grianghraf le Marie-Louise Halpenny

# Réimse Gnímh 3: Eolas a Ghiniúint.

3

## Feabhas a chur ar an mbonn fianaise trí thaighde, oideachas agus malartú eolais

### Aidhm:

Tá tacaíocht do thaighde agus nuálaíocht riachtanach chun timpeallacht thógtha atá lán-inbhuanaithe agus ciorclach a chruthú agus a chothabháil, agus chun tacú le rannpháirtíocht na hÉireann i gcláir agus i dtionscadail taighde Eorpacha um thimpeallacht thógtha. Faoi láthair, ní thugtar tosaíocht don ailtireacht agus don timpeallacht thógtha i sruthanna taighde ná i saoráidí taighde Éireannacha. Tá sé seo de bharr costas na ndeiseanna maoinithe féideartha, agus cruthaíonn sé riosca do sheachadadh rathúil na gclár náisiúnta, mar Tithíocht do Chách agus an Plean Gnímh don Aeráid.

Déanann comhlachtaí tríú agus ceathrú leibhéal taighde agus tá tionscnaimh taighde curtha ar bun ag roinnt institiúidí gairmiúla, ach níl aon treo náisiúnta beartais ná saoráid taighde ann agus níl rochtain lárnach ar aschuir taighde ailtireachta agus timpeallachta tógtha i stór taighde, rud a chuireann srian lena n-infheictheacht agus lena n-úsáid. Níl na riachtanais eolais a bhaineann le gnéithe deartha agus seachadta uile na timpeallachta tógtha sainaitheanta go fóill ar bhealach comhordaithe. I staidéar scóipe taighde a rinne an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, arna mhaoiniú ag Beartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015 (neamhfhoilsithe, 2017) leagadh amach an cás reatha agus na bearta molta, atá fós bailí.

### Aschuir agus toradh:

Le hinfheistíocht i saoráid taighde agus tástála ailtireachta agus timpeallachta tógtha agus le roghnú sruthanna maoinithe tosaíochta, cuirfear go mór le hinfhaighteacht an eolais a bheidh mar bhonn agus thaca ag cinntí timpeallachta tógtha. Méadófar an dóchúlacht go mbainfear amach na torthaí beartaithe trí thionscadail taighde agus anailíse a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Le fócas taighde agus tástáil náisiúnta, méadófar rannpháirtíocht i dtionscadail taighde Eorpacha um thimpeallacht thógtha, agus scaipfear an eolais a dtagann uathu. Trí chultúr taighde, ginfear freagraí nuálacha agus líonraí nua de dhearthóirí, de lucht déanta beartas, de chomhlachtaí earnála poiblí, d'oideachasóirí, de thaighdeoirí agus de léiritheoirí.

# 3.1 Seirbhís náisiúnta taighde ailtireachta agus timpeallachta tógtha a bhunú

## Aidhm:

Aonán taighde buan, struchtúrtha agus líonraithe le haghaidh sonraí agus riachtanais deartha, seachadta agus feidhmíochta ailtireachta agus timpeallachta tógtha a shainaithint, a bhailiú, a anailísiú, a thionscnamh agus a thuar, a thacóidh le beartais an rialtais agus a cheadóidh dul chun cinn a thomhas i gcoinne táscairí ábhartha. Soláthróidh sé fianaise chun tacú le caighdeáin deartha agus feidhmíochta agus dea-chleachtais AE agus idirnáisiúnta maidir leis an timpeallacht thógtha.

Tacóidh taighde le pleananna áitiúla agus earnála ar nós pleananna forbartha áitiúla agus réigiúnacha. Tríd an taighde, deimhneofar éifeachtúlacht réitigh dhigiteacha sa suíomh Éireannach, mar shamhaltú faisnéise tógála nó bogearraí deartha intleachta saorga. Tacóidh taighde den sórt sin le ceapadh beartais um chomhdhlúthú uirbigh lena nglactar táscairí Eorpacha agus SDG maidir le maireachtáil inbhuanaithe uirbeach, lena dtabharfar tosaíocht d'úsáid acmhainní atá ann cheana agus don choincheap baile 10 nóiméad.

Méadóidh aonán taighde an acmhainneacht le haghaidh rannpháirtíochta náisiúnta i dtionscadail taighde AE agus idirnáisiúnta maidir le hailtireacht agus leis an timpeallachta thógtha. Déanfaidh sé an bonn fianaise thuas a chur in iúl agus a scaipeadh, m.sh. trí réadlann, chun bonn taca a chur faoi dhea-chleachtais chun tacú le comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear údaráis phleanála maidir le hathghiniúint bailte, oiriúnú aeráide, srl. a chur chun feidhme. Samhlacha úsáideacha le breithniú ná Teagasc, an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia agus an Bord Taighde Sláinte.

## Aschuir agus toradh:

Trí tháirgeadh agus cothabháil de shruthanna sonraí atá infheidhmithe agus inrochtana go náisiúnta ina gcuimsítear tíopeolaíochtaí foirgnimh stairiúla agus nua-aimseartha, raon aoiseanna, ábhar, feidhmíochta, srl., cuirfear feabhas ar an acmhainneacht le haghaidh anailíse leanúnach a dhéanamh ar shonraí timpeallachta tógtha chun eolas a chur ar fáil do chinntí beartais agus dearaidh tógála agus áite sa todhchaí. Ligfear do shamhaltú faisnéise foirgnimh stairiúla a ghlacadh. Cuirfear treoir ar fáil don Tonn Athchóirithe, don bheartas comhdhlúthaithe uirbigh agus do chur chun feidhme Thús Áite do Lár an Bhaile. Méadófar taighde tráchtála ar dhearadh timpeallachta tógtha agus táirgí foirgníochta nuálacha, lena n-áirítear tionscadail AE. Feabhsófar cáilíocht na gcinntí pleanála chun cinn. Déanfar gnéithe d'fheidhmíocht na bhfoirgneamh a thomhas, ar fhoirgnimh iad nach ndéantar faireachán orthu faoi láthair maidir le feidhmíocht fuinnimh chorpraithe iarbhír, rud a chumasóidh measúnú saolré iomlán ar fhoirgnimh atá ann cheana féin agus ar fhoirgnimh atá beartaithe. D'fhéadfadh aonán nó réadlann taighde oibriú ar bhonn uile-Éireann.

# Gníomh cur chun feidhme na chéad chéime:

## 3. Anailís a dhéanamh ar riachtanais taighde ailtireachta agus timpeallachta tógtha agus riachtanais sonraí

Anailís a dhéanamh ar riachtanais taighde ailtireachta agus timpeallachta tógtha agus ceanglais sonraí agus  ceanglais raon feidhme eintitis: rialachas, acmhainní, teorainneacha oibríochtaí taighde agus raon na n-áiseanna riachtanacha [m.sh. stór taighde, cumas tástála]

### Áireofar leis seo:

- Foinsí taighde atá ann cheana a mhapáil agus bearnaí a anailísiú
- Leithead agus doimhneacht na riachtanas taighde a shainaithint
- Ceanglais shonraí na hailtireachta agus na timpeallachta foirgnithe a thiomsú; agus
- Modheolaíochtaí taighde agus feithiclí cumarsáide oiriúnacha a shainaithint, chomh maith le hailíniú le háiseanna reatha agus molta

### Aschur:

Athbhreithniú anailíse agus tuarascáil scóipe taighde le moltaí.

### Torthaí:

Forbhreathnú cuimsitheach ar riachtanais taighde dhearadh agus ar sheachadadh na timpeallachta tógtha maidir le struchtúir, modheolaíochtaí agus sásraí cistithe atá ann faoi láthair, bonn eolais a thabhairt do rialachas, infheistíocht agus feidhm an eintitis bheartaithe taighde, agus ailíniú barrmhaith le heintitis taighde agus chistithe atá ann cheana, le húsáideoirí seirbhísí agus tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta Eorpacha agus náisiúnta i ndáil leis an timpeallacht thógtha.

Dara céim: Bunús dlí a cheapadh, a mholadh agus a fhoirmiú don eintiteas taighde a bhfuil ceanglais rialachais agus bainistíochta faisnéise aige (féach Tábla 2)

# 3.2 Cumas oideachais na timpeallachta tógtha agus malartú eolais a fheabhsú

## Aidhm:

Cáilíocht, maoirseacht agus athbhreithniú a chórasú i gcláir oideachais agus oiliúna timpeallachta tógtha fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Déanfaidh acmhainn fheabhsaithe soláthar oideachais agus oiliúna timpeallachta tógtha a chosaint amach anseo chun soláthar seasta cumais agus acmhainne a chinntiú go háirithe i bhfianaise na hathghiniúna uirbí, digiteacha, ciorclachta agus castachtaí agus dúshláin aeráide, nach bhfuil chomh nochta do dhálaí foircneacha timthriallacha agus do shaincheisteanna a bhaineann le struchtúir fostaíochta tógála.

Níl aon fhóram ann faoi láthair le haghaidh plé trasearnála agus malartú eolais ar ábhair a bhaineann le dearadh, seachadadh, feidhmíocht agus bainistiú na timpeallachta tógtha. Cabhróidh a leithéid d'fhóram le hobair Ghrúpa Earnála Foirgníochta Project Ireland 2040; an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm, agus feabhas a chur ar an bpoitéinseal comhoibrithe le tionscnamh Circuléire, srl.

## Aschur agus toradh:

Lárionad náisiúnta barr feabhais d'oideachas agus oiliúint timpeallachta tógtha, le fócas ar scileanna traidisiúnta agus ciorclacha. Cinnteofar leis seo ailíniú leanúnach idir riachtanais oideachais agus riachtanais inniúlachta reatha agus réamh-mheasta agus comhlánóidh sé na hionaid barr feabhais earnála atá beartaithe le haghaidh Tionscadal Éireann 2040 agus an Tionscadal Tógáil Dhigiteach. Bainfear leas as cumais dhigiteacha chun rochtain fheabhsaithe ar eolas agus ar oideachas a chur ar fáil agus chun tacú le hardáin faisnéise. Tacóidh ceannaireacht earnála le sármhaitheas ag gach céim den oideachas agus den oiliúint fhoirmiúil agus le forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil.

Méadófar deiseanna do chomhoibriú idirdhisciplíneach trí fhóram malartaithe eolais struchtúrtha ar an timpeallacht thógtha d'institiúidí gairmiúla timpeallachta tógtha, d'ionadaithe an tionscail tógála agus táirgí agus d'údaráis na hearnála poiblí (lárnach, áitiúil, réigiúnach, earnála) m.sh. chun dul i ngleic le bearnaí scileanna agus neamhréireanna. Méadófar feasacht ar bhacainní coitianta, feabhsófar an acmhainneacht maidir le dearadh tionscnamh agus comhdhálacha FGL a roinnt agus feabhsófar an acmhainneacht le haghaidh comhoibrithe phoiblí/phríobháidigh i dtionscadail taighde agus forbartha arna gcistiú ag an Aontas Eorpach.

Cuirfear feabhas ar naisc idir leasanna deartha agus seachadta, m.sh. uaillmhian an gheilleagair chiorclaigh a mheaitseáil le réitigh. Tabharfar ardán do chumarsáid roinnte ar ábhair choiteanna m.sh. trí fhoilsiú, trí thaispeántas agus trí chur chun cinn. Cuirfear feabhas ar scaipeadh faisnéise teicniúil ar ailtireacht, an timpeallacht thógtha agus an tírdhreach agus cuirfidh sé ar chumas níos mó páirtithe leasmhara cur le tuarascálacha ar Staid na hÉireann (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Innealtóirí Éireann), srl.

.

**YEAR 6**
Colin's bench

"My bench is in the centre of the buildings, it's nice and bright, a nice place to sit.

Between the two gardens here, especially during the summer it's full of light.

This space is very communal I suppose ... there's people sitting everywhere. This is where the main flow of students comes through.

**YEAR 5**
Adam's bench

"My bench (...) there's about 10 of us. I quite like this area. Out there it's manic especially during break and lunch. When you come in here all you can hear is the noise.

I quite like this bench. I've been sitting here for nearly three years now. It's quiet. The people beside us and across from us we all know each other. It's like a little neighbourhood you could nearly call it at this stage."

**YEAR 6**
Aoife's bench

"This is my bench ... A bit messy at the moment, it was someone's birthday.
I like sitting here because there's so much light in this area. And it's close to the shop and the toilets, so it's in the middle of the school. And there's a radiator at the back... it does get cold sometimes.

A lot of people sit on the radiators because there's not as many benches as there are students."



**YEAR 2**
Anna's bench

"This is the bench where my friends and I sit. It's where we can always find each other.

It's one of the darker spots in the school. Most of the more respected older students will get to sit in the brightest areas, the nicest benches in the school."

Areas full of light from the atriums are usually taken by the older students (...) That's what everyone aspires to.

**YEAR 2**
Emma's stairs

"My group... we sit at the top of the stairs...for Christmas we are going to put tinsel up on the bars.


It's near the bathrooms. You can see people walking by, and if they are friends that don't sit on your stairs they can stop and say hi... there's plenty of room for everyone."

We talk about everything (...) This is kind of our quiet space, but also noisy.









Pobalscoil Naomh Bréanainn, Biorra, Contae Uíbh Fhailí, plean bainistithe caomhantais le John McLaughlin Architects agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste Queen's University Belfast. Buaiteoir ghradam RIAI 2021 agus faighteoir dheontas taighde 'Keeping it Modern' ó Fhondúireacht Getty. Arna chur ar taispeáint i gCartlann Ailtireachta na hÉireann, Baile Átha Cliath. Grianghraif agus líníochtaí le Peter agus Mary Doyle, Ros Kavanagh agus JMLA

# Cén chuma a bheidh ar rathúlacht an Bheartais Náisiúnta um Ailtireacht?

- Cuirtear luach poiblí ar ailtireacht ardchaighdeáin, le haitheantas pobail ar na bealaí cruthaitheacha, nuálacha agus measúla a fhreastalaíonn sé ar dhaoine, ar an áit agus ar an bpláinéad
- Tá feasacht agus léirthuiscint leathan ar chaighdeán na hailtireacht Éireannaí in Éirinn agus san Eoraip agus ar an difríocht is féidir leis a dhéanamh maidir le sochaithe inbhuanaithe a bhfuil teacht aniar iontu a chothú
- Cuirtear luach intreach sochaíoch ar chultúr agus ar oidhreacht chultúrtha
- Glacann cinnteoirí na hearnála poiblí agus príobháidí leis an tábhacht a bhaineann le gach gné den cháilíocht – gnéithe sóisialta agus comhshaoil chomh maith le gnéithe eacnamaíocha, agus gnéithe doláimhsithe den chomhshaol mar aon le gnéithe inláimhsithe de
- Tugann ceannairí ar gach leibhéal tosaíocht do thorthaí ailtireachta ardchaighdeáin, agus fios acu go dtéann na dtorthaí sin chun leasa an dúlra agus na sochaí agus go bhfeabhsaíonn siad an bonn eolais trí chultúr feabhsúcháin leanúnaigh
- Déantar bailte agus lárionaid uirbeacha a chlaochlú go timpeallachtaí maireachtála bríomhara, cuimsitheacha agus ilghnéitheacha, rud a ghineann feasacht ar dea-chleachtais maidir le hailtireacht agus le comhfhorbairt áite agus ar a dtábhacht do shláinte agus folláine an duine
- Téann foirgnimh agus áiteanna atá neodrach ó thaobh carbóin de agus atá dearfach ó thaobh na haeráide de, chun leasa an chomhshaoil agus feabhsaíonn siad deiseanna fostaíochta áitiúla agus nuálaíochta tráchtála
- I measc na dtionscadal um chomhfhorbairt áite agus tionscadal tógála aonair agus cláir tá athchóiriú comhoibríoch ar éiceachórais agus ar ghnáthóga chomh maith le meas níos fearr orthu
- Oibríonn an pobal/pobail thiomanta agus rannpháirteach le húdaráis chun críche coitinne: déantar naimhde a iompú ina n-abhcóidí agus ábhair imní a iompú go feasacht agus rannpháirtíocht réamhghníomhach, agus tríd úsáid a bhaint as uirlisí tugtar cuidiú do rannpháirtíocht i bpróisis chun torthaí foriomlána níos fearr a bhaint amach
- Tá feabhas leanúnach ar an mbonn scileanna le feiceáil ar fud na róil go léir, le lúba aiseolais ingearacha agus cothrománacha féinchothaithe ina roinntear eolas agus ina scaiptear dea-chleachtais



An Ríocht, Scoil Chríost Rí, Scoil Náisiúnta do Bhuachaillí i Luimneach, le Drake Hourigan Architects. Buaiteoir ghradam RIAI, 2019. Grianghraf le Donal Murphy

# Appendices.




"What are some words that might be helpful to give a sense of focus and priority to an RIAI and DHLGH submission?" Néal focal arna ghiniúint ag an gComhrá faoi Bauhaus Eorpach Nua de chuid RIAI agus RTRAO le Yvonne Farrell, Shelley McNamara agus Orla Murphy, 29 March 2021, arna éascú le Chris Chapman, Change Exploratory

Cloich na Coillte, Contae Chorcaí, tograí maidir le faoiseamh tuile. Íomhá le caoinchead Aonad Chur i bhFeidhm na dTionscadal Caipitil, Comhairle Contae Chorcaí






Taispeántas ailtireachta Free Market ar camchuairt i mBaile na Lorgan, Co. Mhuineachán in 2019. Buaiteoir ghradam RIAI, 2020. Grianghraf le Paul Tierney



Free Market, Pailliún Náisiúnta na hÉireann ag Venice Biennale 2018. Buaiteoir ghradam RIAI, 2020. Grianghraf le Ste Murray




IAF Reimagine Tamhlacht, Contae Bhaile Átha Cliath: 'Melt the Walls', Babhta Moltóireachta Poiblí, 2019. Grianghraf le Ste Murray. Cóip déanta le caoinchead Fhondúireacht Ailtireachta na hÉireann

# Aguisín 1:
# Príomhchéimeanna I Dtreo Chur Chun Feidhme

Leagtar amach sa liosta seo a leanas raon leathan riachtanas earnála atá catagóirithe i réimsí gníomhaíochta ón gcomhairliúchán poiblí agus na próisis chomhairliúcháin idir-rannach ar tugadh fúthu in 2020 agus 2021. Cuireadh leis an anailís agus leis an mionscagadh seo trí bheartais, pleananna agus cláir náisiúnta agus Eorpacha atá ag teacht chun cinn.

Is liosta tosaigh é an liosta seo agus féadfaidh an bord seachadta beartais agus an grúpa saineolaithe cur leis nó é a athbhreithniú de réir mar a fhorbraítear an clár um chur i bhfeidhm. Féadfar roinnt réimsí gnímh agus gníomhaíochtaí a bheachtú tuilleadh nó a oiriúnú d'acmhainneacht agus d'inniúlacht na príomheagraíochta nó dá riachtanais bhainistíochta.

## 1. Luach a chur agus Cumhacht a thabhairt

Luach a chur ar ailtireacht, cumhacht a thabhairt do dhaoine: athrú cultúir a chothú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht

1.1: cultúr a chothú ina gcuirtear luach ar ailtireacht

1.2: lucht saothair na hearnála poiblí a chumhachtú

## 2. Clár Oibre Cáilíochta a Shocrú

Clár oibre cáilíochta a shocrú chun inbhuanaitheacht a bhaint amach

2.1: critéir cháilíochta náisiúnta oibiachtúla agus chuimsitheacha a leagan síos agus a chur i bhfeidhm [chun dearadh foirgnimh, áite, tírdhreacha agus timpeallacht mhaireachtála a thomhas, chomh maith lena seachadadh agus feidhmíocht, cáilíocht agus seasmhacht comhshaoil a thomhas]

2.2: dearbhú cáilíochta um chaiteachas thimpeallacht thógtha poiblí

2.3: dearbhú cáilíochta ar phróisis rialála timpeallachta tógtha

## 3. Eolas a Ghiniúint

Feabhas a chur ar an mbonn fianaise trí thaighde, oideachas agus malartú eolais

3.1: seirbhís náisiúnta taighde ailtireachta agus timpeallachta tógtha a bhunú

3.2: cumas oideachais na timpeallachta tógtha agus malartú eolais a fheabhsú

# Liosta de na príomhghníomhartha agus céimeanna

## Gníomhartha cur chun feidhme na chéad chéime

Tábla 1

| 1 | Téacs tag. | Réimse gnímh | Clár gnímh | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1.2.1 | Luach a chur agus Cumhacht a thabhairt | Cultúr a chothú ina gcuirtear luach ar ailtireacht | | | |
| | **Céim** | | **Aschur** | **amlíne** | **I gCean-nas** | **Príomhpháirtithe leasmhara** |
| | Líonra fíorúil malartaithe faisnéise údaráis áitiúil agus poiblí agus earnála a chruthú chun tuairisciú soiléir agus comhsheasmhach le páirtithe leasmhara a chumasú maidir le beartais, cláir, treoracha agus deiseanna agus dúshláin atá ag teacht chun cinn ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. | | Seirbhís rochtana úsáideoirí ar líne le haghaidh malartú faisnéise agus naisc idir údaráis; scaipeadh nuashonruithe AE, náisiúnta agus earnála agus fóram le haghaidh malartú faisnéise m.sh. maidir le dea-chleachtais agus réamhaisnéisí earnála | R4 2022 | RTRÁO; RCPA (NIO); OPR; OOP; GBRÁ, CCAA | RCAC; gach ranna agus comhlachtaí poiblí a bhfuil frea-grachtaí as an timpeal-lacht thógtha orthu |
| 2 | **Téacs tag.** | **Réimse gnímh** | **Clár gnímh** | | | |
| | 2.1.1 | Clár oibre cáilíochta a shocrú | Critéir cháilíochta deartha náisiúnta oibiachtúla agus cuimsitheacha a shocrú agus a chur i bhfeidhm | | | |
| | **Céim** | | **Aschur** | **amlíne** | **I gCean-nas** | **Príomhpháirtithe leasmhara** |
| | Critéir cháilíochta dearaidh náisiúnta oibiachtúla agus cuimsitheacha a fhoilsiú i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, le cur i bhfeidhm ar gach céim de dhearadh, tógáil, bainistíocht, caomhnú, athúsáid agus díchóimeáil na timpeallachta tógtha. | | Tábla de chritéir cháilíochta deartha oibiachtúla chomhaontaithe agus táscairí gaolmhara, ina dtugtar achoimre de cháilíocht deartha náisiúnta agus Eorpach agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus ina ndéantar tagairt dóibh | R4 2022 | OOP | RTRÁO; RCAC; Ranna agus comhlachtaí poiblí a bhfuil freagrachtaí as an dtimpeallacht thógtha orthu; institiúidí gairmiúla; institiúidí acadúla |
| 3 | **Téacs tag.** | **Réimse gnímh** | **Clár gnímh** | | | |
| | 3.1.1 | Eolas a ghiniúint | Seirbhís náisiúnta taighde ailtireachta agus timpeallachta tógtha a bhunú | | | |
| | **Céim** | | **Aschur** | **amlíne** | **I gCean-nas** | **Príomhpháirtithe leasmhara** |
| | Anailís a dhéanamh ar riachtanais taighde ailtireachta agus timpeallachta tógtha agus ceanglais sonraí agus raon feidhme ceanglais eintitis: rialachas, acmhainní, teorainneacha oibríochtaí taighde agus raon na n-áiseanna riachtanacha [m.sh. stór taighde, cumas tástála] | | Athbhreithniú anailíseach agus tuarascáil scóipe taighde le moltaí | R4 2022 | RTRÁO | RCPA; RCAC; RBATNE; CCAC; ÚAO; SOLAS; OOP; OPR; GCC; ESRI; ÚFIÉ; RIA; GFT; GBRÁ/CCMA; institiúidí acadúla; institiúidí gairmiúla; CIF; IGBC |

# Catagóirí gnímh agus limistéir ghnímh (lch.54)

**Meas a léiriú agus cumasú** (lch. 55)

**Clár cáilíochta a leagan amach** (lch. 61)

**Eolas a ghiniúint** (lch. 67)

- Cultúr a chothú ina bhfuil meas ar ailtireacht
- Fórsa oibre na hearnála poiblí a chumasú
- Anailís a dhéanamh ar riachtanais taighde agus sonraí maidir le hailtireacht agus an timpeallacht thógtha
- Seirbhís taighde náisiúnta maidir le hailtireacht agus an timpeallacht thógtha a bhunú
- Acmhainn oideachas agus malartú eolais maidir leis an timpeallacht thógtha a fheabhsú
- Caighdeán caiteachais phoiblí ar an timpeallacht thógtha a ráthú
- Caighdeán próisis rialála maidir leis an timpeallacht thógtha a ráthú
- Critéir cáilíochta deartha náisiúnta atá oibiachtúil agus cuimsitheach a leagan amach agus a chur i bhfeidhm

# Aschur na chéad chéime

- Líonra malartaithe faisnéise na hearnála poiblí ar líne
- Critéir cáilíochta deartha náisiúnta agus táscairí gaolmhara
- Tuarascáil scóipe ar thaighde ina dtugtar moltaí

# Cineálacha gníomhartha sa dara céim (treoraithe ag an mbord soláthair)

**Bunús fianaise:**
taighde feabhsaithe, bailiú sonraí, anailís, formáidiú agus foilsiú

**Comhroinnt eolais:**
comhdhálacha, seimineár, taighde, oideachas agus oiliúint, teimpléid, treoirlínte, sraitheanna straitéisí

**Rannpháirtíocht:**
cumarsáid a dhéanamh agus eolas a scaipeadh trí líonraí, fóraim agus moil eolais ar líne

**Feabhsú rialála:**
riachtanais, meicníochtaí, beartais, prótacail, treoir, soláthar seirbhísí

**'Foghlaim trí bheith ag déanamh':**
tacaíocht do thrialacha, do mhúnlaí, do chláir phíolótacha agus do chás-staidéir

# Liosta de na príomhghníomhartha agus céimeanna

## Gníomhartha cur chun feidhme na dara céime (arna stiúradh ag an mBord Seachadta)

Tábla 2

<table>
<tr><td rowspan="9">1</td><td>Téacs tag.</td><td>Réimse gnímh</td><td colspan="3">Clár gnímh</td></tr>
<tr><td>1.1</td><td>Luach a chur agus Cumhacht a thabhairt</td><td colspan="3">Cultúr a chothú ina gcuirtear luach ar ailtireacht</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cuspóirí NPA</td><td colspan="3">Táscairí ratha</td></tr>
<tr><td colspan="2">Inbhuanaitheacht<br>Cáilíocht<br>Ceannaireacht<br>Cultúr</td><td colspan="3">Léiríonn faisnéis inrochtana, phraiticiúil a oireann do raon leathan grúpaí úsáideoirí, bealaí comhair chun cáilíocht áiteanna áitiúla a mhéadú;<br><br>Braistint mhéadaithe ar chomhchuspóir idir catagóirí na bpáirtithe leasmhara maidir le torthaí cáilíochta a chomhaontú agus a bhaint amach d'úsáideoirí uile na hailtireachta agus na timpeallachta maireachtála;<br><br>Pléití poiblí níos doimhne agus níos leithne faoi shaincheisteanna agus réitigh na hailtireachta agus na timpeallachta maireachtála (lena n-áirítear ailt fhada ó na meáin agus anailís chriticiúil);<br><br>Tuiscint níos fearr ar an ailtireacht mar chontanam, ag nascadh an lae atá inniu ann leis an am atá thart agus an todhchaí, agus chun foghlaim ó na réitigh tógála ísealfhuinnimh agus na scileanna praiticiúla a bhaineann le traidisiúin san am atá thart chun cabhrú le ciorclaíocht agus inbhuanaitheacht a chothú.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Céimeanna i dtreo na torthaí inmhianaithe a sheachadadh</td><td>Aschur(aschuir) f(h)éideartha</td><td>I gCeannas</td><td>Príomhpháirtithe leasmhara</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ócáid bhliantúil NPA a reáchtáil chun dul chun cinn agus aschuir ó eagraíochtaí comhpháirtíochta a chur i láthair, chun an beartas a scaipeadh agus a chur in iúl</td><td>Reáchtáiltear nuashonrú beartais bliantúil mar chomhdháil / seimineár faisnéise poiblí</td><td>RTRÁO agus OOP</td><td>RCAC; RIAI; An Chomhairle Ealaíon; IAF; an Chomhairle Oidhreachta; TCAGSM / Éire Ildánach; RBATNE;</td></tr>
<tr><td colspan="2">Modúil 'múscailt feasachta' foghlama ar feadh an tsaoil a cheapadh in ailtireacht agus cáilíocht na timpeallachta foirgnithe, bunaithe ar tháscairí cáilíochta dearaidh náisiúnta</td><td>Sraith aonad oiliúna agus modúl arna gceapadh ag páirtithe leasmhara i gcomhpháirt, le hábhar sainoiriúnaithe do dhéimeagrafaic ar leith</td><td>RTRÁO; TCAGSM (Éire Ildánach); An Chomhairle Ealaíon; IAF;</td><td>OPR; Údaráis áitiúla agus réigiúnacha; comhlachtaí gairmiúla timpeallachta tógtha; ENRanna comhshaoil; eagraíochtaí sochaí sibhialta (m.sh. Bailte Slachtmhara)</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ábhar ar ailtireacht agus ar an timpeallacht thógtha a mhéadú in aonaid foghlama na n-ábhar ealaíne agus teicniúil ag an gcéad agus an dara leibhéal le forbhreathnú inbhuanaitheachta, lena n-áirítear. coincheapa mar an chathair chiorclach agus an baile 10 nóiméad; breisoiliúint do mhúinteoirí tacaíochta</td><td>Tuarascáil athbhreithnithe, ag cur síos ar riachtanais eagraíochtúla agus mhaoinithe chun ailtireacht mhúscailte feasachta agus ábhar foghlama na timpeallachta beo a chuimsiú i gcuraclam na scoile; moltaí maidir le bearnaí a líonadh a áireamh chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe go dtí 2030</td><td>RTRÁO; An Chomhairle Ealaíon; IAF</td><td>Ionaid Oideachais Chumann na Múinteoirí; Múinteoirí Teicneo;</td></tr>
</table>

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Feabhas a chur ar chumas na n-údarás áitiúil maidir le rannpháirtíocht chruthaitheach agus chultúrtha trí ailtireacht a áireamh mar fhoirm ealaíne laistigh de ról Oifigeach Ealaíon an ÚA; tacú le socrúcháin am-shonracha na gcumarsóirí ailtire in údaráis phoiblí san Oifig Ealaíon | Sraith mholtaí maidir le sásraí rannpháirtíochta ailtireachta a dhearadh agus a acmhainniú laistigh d'Oifigí Ealaíon na n-údarás áitiúil a bhfuil sainchúram cruthaitheachta, athrú aeráide, comhtháthú agus cumarsáide acu; tabhairt faoi threoirthionscadal socrúcháin ailtire | GBRÁ; An Chomhairle Ealaíon; IAF | RTRÁO; RFTP; RCAC; |
| | Acmhainn ildisciplíneach oibrithe foirne na n-údarás áitiúil a fhorbairt, m.sh. tacú le hardáin dhigiteacha agus le huirlisí áitiúla ar líne le haghaidh faisnéise inrochtana ar shamhlacha maireachtála inbhuanaithe bailte agus athghiniúna; sineirgí a mhéadú idir Foirne Cruthaitheacha agus foirne beartais agus oibríochtaí na n-údarás áitiúil (m.sh. pleanáil; iompar; athghiniúint; tithíocht); | Athbhreithniú ar chleachtais oibre ildisciplíneacha reatha na n-údarás áitiúil le moltaí chun sreabhadh faisnéise tras-rannach ar an ealaín, an cultúr agus an timpeallacht thógtha agus tionscadail chomhoibríocha a bharrfheabhsú, lena n-áirítear cás-staidéir dea-chleachtais | LGMA/CCMA/ CCAA | RTRÁO; OPR; RTCEGSM |
| | Tacú le modhanna rannpháirtíochta dea-chleachtais atá ann cheana féin agus cur leo le modhanna breise atá dírithe ar dheiseanna sainiúla comhéadain um chomhfhorbairt áite idir an saoránach agus an t-údarás áitiúil, m.sh. pleananna forbartha, scéimeanna athghiniúna, tionscnaimh um Thús Áite do Lár an Bhaile | Treoir údaráis áitiúil agus réigiúnach ar rannpháirtíocht saoránach gníomhach i bhfeidhmeanna rialála agus dea-chleachtais um chomhfhorbairt áite, lena n-áirítear trí bhealaí cruthaitheacha agus nuálaíocha, ag léiriú samhlacha m.sh. Éire Ildánach Gníomhú ar son na hAeráide, Engage with Architecture, Fab Lab Limerick agus Reimagine | RTRÁO, | LGMA, OPR, GFT, IAF, |
| | An beartas seo a scaipeadh, chomh maith leis an tuarascáil AE I dtreo cultúir chomhroinnte ailtireachta trí d an gClár Éire Ildánach, trí líonra Foirne Cruthaitheacha na n-údarás áitiúil agus trí bhealaí cumarsáide comhlachtaí seirbhíse poiblí | Clár scaipthe agus cumarsáide, ina bhfuil beartas ailtireachta agus oiliúna cleachtais agus aonaid oiliúna d'oiliúnóirí cruthaithe mar acmhainní agus taispeántais ar líne, a oireann do sheachadadh ar líne don phobal agus chun FGL na foirne ag comhlachtaí áitiúla agus poiblí a chomhlánú. | RTCEGSM (Éire Ildánach) | RTRÁO; OPR; an Chomhairle Oidhreachta; An Chomhairle Ealaíon; |
| | Teacht ar aontú ar chatagóirí de chritéir dearaidh agus mheastóireachta agus modhanna cumarsáide a oireann do gach scéim dámhachtana a bhaineann leis an timpeallacht thógtha agus cur chun cinn gaolmhar (taispeántais taistil, foilseacháin dámhachtainí sr;.) ar mhaithe le feasacht a mhúscailt; aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht na n-údarás pleanála agus na foirne pleanála i scéimeanna dámhachtainí ailtireachta; feabhas a chur ar infheictheacht ailtireacht na hÉireann i scéimeanna dámhachtainí AE agus idirnáisiúnta | Foireann uirlisí measúnaithe ar cháilíocht na hailtireachta agus na timpeallachta maireachtála, arna chruthú go comhoibríoch ag urraitheoirí agus eagraithe scéimeanna dámhachtainí; scéim dámhachtainí nua OOP agus ATR agus/nó cuimsiú catagóirí breise i scéimeanna atá ann cheana trína n-aithnítear tacaíocht d'ailtireacht ardchaighdeáin; comhlachtaí dámhachtana a lorg agus tacú le hiontrálacha Éireannacha ar dhámhachtainí Bauhaus Nua Eorpacha agus ar dhámhachtainí Mies van der Rohe agus iarratasóirí rathúla a chur chun cinn sna meáin phríomhshrutha agus ar líne | Comhlachtaí dámhachtainí; OOP; RIAI; RTRÁO; An Chomhairle Ealaíon; IAF | RTRÁO; GBRÁ/CCAA; ENRanna; eagraíochtaí sochaí sibhialta; Bailte Slachtmhara |

<table>
<tr><td></td><td colspan="2">An ailtireacht a fheabhsú agus a leabú mar fhoirm ealaíne; m.sh. ailtireacht a chur chun cinn mar fhoirm ealaíne i sruthanna maoinithe ealaíon; tacú le Beartas Ailtireachta na Comhairle Ealaíon, Ag Tacú le hAiltireacht (2022)</td><td>Comhaontú maidir le bealaí sonracha chun cur chun cinn na hailtireachta mar fhoirm ealaíne a mhéadú leis an RTCEGSM (lena n-áirítear an Chomhairle Ealaíon, institiúidí cultúrtha náisiúnta)</td><td>RTRÁO, An Chomhairle Ealaíon RTCEG-SM</td><td>RIAI, Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta</td></tr>
<tr><td>2</td><td>Téacs tag.</td><td>Réimse gnímh</td><td colspan="3">Clár gnímh</td></tr>
<tr><td></td><td>1.2</td><td>Luach a chur agus Cumhacht a thabhairt</td><td colspan="3">Lucht saothair na hearnála poiblí a chumhachtú</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">Cuspóirí NPA</td><td colspan="3">Táscairí ratha</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">Inbhuanaitheacht<br>Cáilíocht<br>Ceannaireacht<br>Cultúr</td><td colspan="3">Cur chuige náisiúnta comhordaithe, le réiteach níos tapúla ar shaincheisteanna agus ar bhacainní ag úsáid réitigh chruthaitheacha agus phraiticiúla deartha agus seachadta;<br>Eagraíochtaí earnála poiblí réamhghníomhacha freagrúla, ag leithdháileadh acmhainní go solúbtha ar thosaíochtaí timpeallachta tógtha ar bhealach tráthúil;</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">Céimeanna i dtreo na torthaí inmhianaithe a sheachadadh</td><td>Aschur(aschuir) f(h)éideartha</td><td>I gCeannas</td><td>Príomhpháirtithe leasmhara</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">Clár oibre ceannaireachta maidir le hailtireacht na hearnála poiblí agus na timpeallachta tógtha a shocrú, chun cuspóirí agus straitéisí iomlánaíocha maidir le cáilíocht agus inbhuanaitheacht na timpeallachta tógtha a chomhaontú agus a fheidhmiú ar fud na seirbhíse poiblí, chun tacú le pleanáil spásúlachta agus bainistíocht acmhainní nádúrtha agus bainistíocht maoine eagraíochta; ina theannta sin chun tacú le deiseanna le haghaidh fáis ceannaireachta ailtireachta san earnáil phoiblí trí struchtúir a chur ar bhonn foirmiúil le haghaidh malartú faisnéise ingearach agus cliathánach</td><td>Prótacal, le haontú ag comhlachtaí ábhartha san earnáil phoiblí, ina leagfar amach paraiméadair agus cuspóirí chlár oibre um ailtireacht na seirbhíse poiblí agus cháilíocht na timpeallachta tógtha chun tacú leis an aeráid agus inbhuanaitheacht, lena n-áireofar ceanglais chiorclach maidir leis an timpeallacht thógtha m.sh. cúram d'fhoirgnimh stairiúla;<br>Comhlachtaí sínithe le sásraí cumarsáide idir-údaráis a cheapadh chun pleanáil, dearadh, soláthar, seachadadh, bainistíocht, caomhnú, athghiniúint agus dúshláin fuinnimh a phlé (féach freisin 3.2).</td><td>OOP (Ailtire Stáit)</td><td>RCPA; RCAC; RTRÁO agus Ranna agus comhlachtaí poiblí a fhostaíonn ailtirí agus comhairleoirí timpeallachta tógtha; GBRÁ/CCAA; institiúidí gairmiúla um thimpeallacht thógtha;</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">Acmhainní ailtireachta reatha na hearnála poiblí agus struchtúir foirne a mhapáil (gach ról lena n-áirítear feidhm phleanála); ceanglais ailtireachta na hearnála poiblí a shoiléiriú chun beartais, pleananna agus cláir náisiúnta maidir leis an timpeallacht tógtha agus an aeráid a chur chun feidhme; i measc na róil tá an tAiltire Stáit agus ailtirí na hearnála poiblí agus róil bheartais agus chur chun feidhme a theastaíonn le haghaidh ailtireachta agus cosanta chomhfhorbairt áite, bainistíocht agus forbairt; soiléiriú a dhéanamh ar ról an oifigigh chaomhnaithe agus athchuspóra atá beartaithe</td><td>Tuarascáil ina bhfuil forbhreathnú ar uimhreacha, gráid agus dáileadh geografach na seirbhísí reatha san earnáil phoiblí a bhaineann le hailtireacht; moltaí maidir le struchtúr eiseamláireach do sheachadadh seirbhísí ailtireachta barrmhaithe ar fud na hearnála poiblí (lena n-áirítear oifigeach caomhantais agus athchuspóra atá leagtha síos sa Chlár don Rialtas), meastachán a dhéanamh ar riachtanas i ndáil le ceanglais agus beartais rialála náisiúnta/earnála/áitiúla, pleananna agus cláir agus oibleagáidí eagraíochtúla leanúnacha;</td><td>RTRÁO; OOP; GBRÁ/CCMA/CCAA/AACO</td><td></td></tr>
</table>

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Scrúdú a dhéanamh ar acmhainn ailtireachta reatha i gcomhlachtaí poiblí pleanála spásúlachta agus riachtanais cumais a shainaithint | | Athbhreithniú, le moltaí maidir le comhtháthú saineolais ailtireachta laistigh d'fheidhmeanna pleanála spásúlachta lena n-áirítear leibhéil optamach, dáileadh agus speisialtóirí, m.sh. oidhreacht ailtireachta, measúnú saolré srl. | RTRÁO | ABP, OPR, GBRÁ/CCMA/ CCAA |
| | Gníomhartha forbartha acmhainneachta don earnáil phoiblí ó thuarascáil na Foirne Gnímh um Thacú le Sármhaitheas de chuid NIO a bhaineann le hailtireacht agus oidhreacht thógtha a chur chun cinn | | Tacaíocht a thabhairt do ghníomhartha ó thuarascáil na Foirne Gnímh um Thacú le Sármhaitheas, lena n-áirítear uimh.3, is é sin, Cur le ról an Ailtire Stáit in Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le soláthar seirbhísí comhairleacha don Rialtas agus do Ghníomhaireachtaí Stáit maidir le riachtanais tógála agus réadmhaoine, lena n-áirítear cúram i leith foirgnimh oidhreachta atá faoi úinéireacht phoiblí agus a bhfuil úsáid phoiblí á baint astu | RCPA (NIO); OOP | Ranna agus comhlachtaí poiblí |
| | Tacú le rolladh amach treoirthionscadail idirdhisciplíneacha agus cláir agus modhanna eiseamláireacha san earnáil phoiblí ag baint úsáide as uirlisí critéar cáilíochta náisiúnta agus Eorpacha, ag baint úsáide as saineolas ailtireachta agus caomhantais intí | | Clár píolótach de thrialacha comhlachtaí poiblí, píolótaí, cás-staidéir ag baint leasa as dea-chleachtais; eiseamláirí rathúla a fhoilsiú lena gcuirtear fheabhas ar seachadadh seirbhíse, lena n-áirítear treoir maidir le huirlisí a ghlacadh, a scálú agus a oiriúnú, a chlúdaíonn contanam na timpeallachta tógtha stairiúil, reatha agus todhchaí | RTRÁO | DCAC; OOP, FSS, GFT, GBRÁ/CCMA/ CCAA/AACO |
| 3 | **Téacs tag.** | **Réimse gnímh** | **Clár gnímh** | | |
| | 2.1 | Clár Oibre Cáilíochta a Shocrú | Critéir cháilíochta náisiúnta oibiachtúla agus cuimsitheacha a shocrú agus a chur i bhfeidhm | | |
| | **Cuspóirí NPA** | | **Táscairí ratha** | | |
| | Inbhuanaitheacht<br>Cáilíocht<br>Ceannaireacht<br>Cultúr | | Socraítear critéir cháilíochta dearaidh oibiachtúla arna gcomhaontú ar bhonn náisiúnta i bpleananna, cláir agus tionscadail le táscairí cáilíochta lena ligtear do thorthaí a thomhas<br><br>Comhtháthaítear critéir cháilíochta agus táscairí cáilíochta i gceanglais, i dtreoir agus in uirlisí eile ar mhaithe le comhsheasmhacht cur chun feidhme agus laghdú ar mhinicíocht leasúcháin iar-thionscadail.<br><br>Cumas feabhsaithe chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht chur chun feidhme Thionscadal Éireann 2040, Tithíocht do Chách agus na dTionscnamh um Thús Áite do Lár an Bhaile | | |
| | **Céimeanna i dtreo na torthaí inmhianaithe a sheachadadh** | | **Aschur(aschuir) f(h)éideartha** | **I gCeannas** | **Príomhpháirtithe leasmhara** |
| | Treoir a ullmhú maidir le hionchorprú na gcritéar náisiúnta cáilíochta dearaidh i gcláir, i bpleananna agus i mbeartais timpeallachta tógtha, lena n-áirítear oibreacha caipitil | | Téacs a chumadh lena ionchorprú i mbeartas agus treoir náisiúnta agus earnála, le comhairle maidir le critéir agus táscairí cáilíochta a shocrú agus a mheas ag gach céim den ailtireacht agus bainistíocht agus forbairt na timpeallachta thógtha ó chéim mheasúnaithe roghanna go meastóireacht iar-áitíochta. | RTRÁO | RCPA (OGP); Ranna agus comhlachtaí poiblí; GBRÁ/ CCMA |

<table>
<tr><td rowspan="9">4</td><td>Téacs tag.</td><td>Réimse gnímh</td><td colspan="3">Clár gnímh</td></tr>
<tr><td>2.2</td><td>Clár Oibre Cáilíochta a Shocrú</td><td colspan="3">Dearbhú cáilíochta um chaiteachas thimpeallacht thógtha poiblí</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cuspóirí NPA</td><td colspan="3">Táscairí ratha</td></tr>
<tr><td colspan="2">Inbhuanaitheacht<br>Cáilíocht<br>Ceannaireacht<br>Cultúr</td><td colspan="3">Le samhlacha maoinithe stáit agus riachtanais soláthair, tugtar tacaíocht do mheastóireacht iomlánaíoch ar cháilíocht trasna an chaiteachais chaipitil agus reatha a bhaineann leis an timpeallacht thógtha agus bheo le torthaí feabhsaithe láithreacha agus fadtéarmacha don chomhshaol, don chliant agus don tsochaí;<br><br>Bainistíocht níos éifeachtaí agus dírithe ar thorthaí ar an stoc foirgneamh poiblí agus ar na tírdhreacha cultúrtha, ag baint úsáide as acmhainní a fuarthas le hoidhreacht, rud a threisíonn ómós áite agus féiniúlachta;<br><br>Tacaíochtaí méadaithe do réitigh phraiticiúla a fheabhsaíonn cáilíocht na timpeallachta tógtha agus maireachtála agus a fheabhsaíonn malartú faisnéise</td></tr>
<tr><td colspan="2">Céimeanna i dtreo na torthaí inmhianaithe a sheachadadh</td><td>Aschur(aschuir) f(h)éideartha</td><td>I gCeannas</td><td>Príomhpháirtithe leasmhara</td></tr>
<tr><td colspan="2">Meastóireacht a dhéanamh ar chistiú díreach agus indíreach ar an timpeallacht thógtha náisiúnta agus sásraí soláthair chun cuspóirí luach ar airgead atá beartaithe a mheas i gcoinne torthaí iarbhíra (arna dtomhas le critéir náisiúnta cáilíochta dearaidh)</td><td>Athbhreithniú ina bhfuil moltaí maidir le ceanglais neartaithe incháilitheachta agus measúnaithe a chur chun feidhme i ndáil le sásraí maoinithe agus soláthair chun torthaí ardchaighdeáin intomhaiste a bhaint amach</td><td>RTRÁO, OOP</td><td>RCPA (OGP); R/Airgeadas; GBRÁ</td></tr>
<tr><td colspan="2">Roghanna maoinithe nuálaíocha agus hibrideacha a chur chun cinn do thionscadail neamhthráchtála na timpeallachta tógtha stairiúil</td><td>Doiciméad treorach chun feasacht a mhéadú ar shamhlacha maoinithe do thionscadail athghiniúna na timpeallachta thógtha stairiúla agus eiseamláirí de na dea-cleachtais maidir le maoiniú agus athúsáid laistigh de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh le haghaidh athúsáide sóisialta agus cultúrtha</td><td>RTRÁO</td><td>TU Baile Átha Cliath</td></tr>
<tr><td colspan="2">Tacú le hOifig na nOibreacha Poiblí (Oifig an Ailtire Stáit) leis an OGP agus le Coiste Conarthaí Tógála an Rialtais chun úsáid beart toradh-dhírithe atá ann cheana a mhéadú i measc comhaltaí poiblí, e.g. comhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta; comórtais ailtireachta, agus cleachtais bheaga a chuimsiú; agus i bhforbairt uirlisí beartaithe, e.g. conarthaí caomhantais; soláthar glas lena n-áirítear dearadh le haghaidh díchóimeála agus forbairt méadrach i leith costáil saolré, chun cion carbóin tionscadal tógála a thomhas agus a dheimhniú</td><td>Conradh caomhantais oibreacha poiblí foilsithe leis an OGP agus ar fáil do gach údarás conarthach i ndiaidh athbhreithniú an OOP ar thriail; treoir ón OGP maidir le beartais soláthair agus chonarthacha chun tacú le cáilíocht ailtireachta agus inbhuanaitheacht i soláthar oibreacha caipitil, chun iad a thomhas agus chun cur leo; treochlár agus treoir dearaidh maidir le soláthar glas a fhoilsiú (CAP 2021, lch. 121); forbairt méadrach costála saolré agus anailíse le OGP i gcomhar le IGBC</td><td>RCPA (OGP); OOP</td><td>RTRÁO; GFT</td></tr>
<tr><td colspan="2">Teimpléid luachála iar-áitíochta chaighdeánaithe a cheapadh le húsáid ag údaráis chonarthacha chun torthaí feidhmíochta tionscadail tógála a rianú</td><td>Sraith de theimpléid mheastóireachta iar-áitíochta caighdeánacha atá ar fáil agus treoir le húsáid ag údaráis phoiblí</td><td>OOP</td><td>RTRÁO; RCPA (OGP); GBRÁ</td></tr>
</table>

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Tabhairt faoi léarscáil sruth luacha Barainní de chatagóirí dramhaíola i bpróisis deartha agus seachadta na timpeallachta tógtha; moltaí a dhéanamh ón gcleachtadh mapála ar fheabhsuithe téamacha agus próisis; m.sh. acmhainneacht leasaithe rialála agus/nó nuálaíocht dhigiteach chun próisis agus torthaí a fheabhsú | Tuarascáil athbhreithnithe ina ndéantar cur síos agus ag mapáil ar shreabhadh reatha na ngníomhartha agus na gcéimeanna i slabhra luacha na timpeallachta tógtha, le hathruithe molta chun gach catagóir dramhaíola a dhíbhlocáil / a bhaint ar mhaithe le cáilíocht agus éifeachtúlacht próisis fheabhsaithe | RTRÁO, | OOP, RCPA (OGP), OPR, GBRÁ; institiúidí gairmiúla agus comhlachtaí ionadaíocha earnála; institiúidí acadúla |
| | Acmhainn tacar sonraí GIS náisiúnta a leathnú agus a fheabhsú chun feidhmíocht an eastáit phoiblí a shainaithint, a shaintréithriú agus a thomhas, lena n-áirítear an timpeallacht thógtha stairiúil agus tírdhreacha cultúrtha; Tacaíocht a thabhairt do comhlachtaí na hearnála poiblí (e.g. OGP, LDA) chun inbhuanaitheacht agus tionchair aeráide ag an timpeallacht tógtha agus ar an timpeallacht thógtha a thomhas (m.sh. bunachair shonraí a úsáid ina gcumhdaítear carbón corpraithe, costais saolré, ábhair, oidhreacht chultúrtha srl.); chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le costais charbóin na forbartha, uasghrádú teirmeach / torthaí iarfheistithe srl. cuir i gcás | Sraith de shraitheanna curtha leis na hardáin GIS atá ann cheana ina léirítear suíomh, cineál, aois, riocht srl. na bhfoirgneamh stairiúil atá faoi úinéireacht phoiblí;<br><br>Raon leathnaithe de cheanglais bhailithe agus tuairiscithe sonraí comhlachtaí poiblí, chun an bonn fianaise beartais a fheabhsú, le bonnlíne agus méadracht feidhmíochta agus táscairí aeráide, trína rianaítear leibhéil agus treochtaí inbhuanaitheachta na timpeallachta tógtha, lena n-éascaítear díriú ar thacaí, eolas ar riocht maoine chun áitribh fholmha agus thréigthe a laghdú, agus sláinte áiteanna a chur in iúl | RTRÁO, RCPA ( OGP agus aonad sonraí oscailte); GFT; GBRÁ | OPR; GCC; ESRI; IGBC; Gach comhlacht poiblí a bhfuil freagrachtaí as an timpeallacht thógtha air; |
| | Foilsiú agus úsáid beartas ailtireachta ag comhairlí cathrach agus/nó cruinnithe réigiúnacha a chur chun cinn agus tacú le malartú eolais idir lucht déanta beartas ailtireachta in údaráis na hÉireann agus de chuid an Aontais Eorpaigh | Beartais ailtireachta cathrach/réigiúin arna dtiomsú ag údaráis áitiúla/ réigiúnacha chun cáilíocht bhainistíocht na timpeallachta tógtha a dhaingniú lena n-áirítear pleanáil chun cinn agus bainistíocht réadmhaoine, agus spreagadh a thabhairt do chomhoibriú cruthaitheach le pobail agus leis an Aontas Eorpach. | RTRÁO; OOP | Údaráis áitiúla agus réigiúnacha |
| | Imscrúdú a dhéanamh ar ghlacadh le tionscnaimh chomhoibritheacha taighde dearaidh agus ar chomórtais táirgí chun forbairt dearaidh nuálaíoch a spreagadh ar ábhair dhearfacha, saor ó charbóin agus dearadh comhpháirteanna le haghaidh díchóimeála i soláthar poiblí agus príobháideach | Tuarascáil le moltaí maidir le comórtais dearaidh agus táirgí a ionchorprú sa CWMF, ina dtugtar achoimre ar na sásraí a oibríodh le haghaidh tionscnaimh chomhchosúla i stáit eile an Aontais Eorpaigh | RTRÁO, OOP; RCPA (OGP) | Institiúidí gairmiúla agus comhlachtaí earnála; institiúidí acadúla; |
| | Treoir um dea-chleachtas a cheapadh chun cás-staidéir ar an timpeallacht thógtha a fhoilsiú agus a thaispeáint | Teimpléid agus treoir maidir le foilsiú agus taispeántais le húsáid ag comhlachtaí poiblí chun tionscadail a thaifeadadh agus a scaipeadh, lena n-áirítear foilsiú ar líne agus taispeántais intí nó taistil | OOP, RTRÁO, | Gach comhlacht poiblí a sholáthraíonn foirgnimh |

| 5 | Téacs tag. | Réimse gnímh | Clár gnímh | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 2.3 | Clár Oibre Cáilíochta a Shocrú | Dearbhú cáilíochta ar phróisis rialála timpeallachta tógtha | | |
| | **Cuspóirí NPA** | | **Táscairí ratha** | | |
| | Inbhuanaitheacht<br>Cáilíocht<br>Ceannaireacht<br>Cultúr | | Déantar naisc cháilíochta a chomhtháthú agus a mhonatóiriú trasna creataí rialála, rud a fhíoraíonn agus a rianaíonn 'oiriúnacht don fheidhm' ag gach céim ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil;<br>Glacadh leathan uirlisí saolré a léiríonn go soiléir inbhuanaitheacht trí tháscairí sonraithe a thomhas;<br>Feasacht agus úsáid leathan a bhaint as treoirdhoiciméid, a shoiléiríonn agus a thugann comhairle maidir le dea-chleachtas i ndáil leis an timpeallacht thógtha stairiúil a chosaint, a bhainistiú agus a fhorbairt;<br>Fócas náisiúnta ar shainaithint agus ar mheasúnú tírdhreacha mar fhianaise chun tacú le cáilíocht na pleanála chun cinn | | |
| | **Céimeanna i dtreo na torthaí inmhianaithe a sheachadadh** | | **Aschur(aschuir) f(h)éideartha** | **I gCeannas** | **Príomhpháirtithe leasmhara** |
| | Critéir náisiúnta um cháilíocht agus geilleagar ciorclach a ionchorprú agus sásraí fíoraithe (tógtha ó 2.1) de réir mar is ábhartha laistigh de chreataí rialála um thimpeallacht tógtha agus treoir reachtúil | | Téacs rialaithe agus treorach comhordaithe le haghaidh ionchuir in athbhreithnithe ar an Acht agus Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt amach anseo; Acht agus Rialacháin um Rialú Foirgníochta; Rialachán Táirgí Foirgníochta; rialacháin Conarthaí Foirgníochta; Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir Dramhaíola) [Dramhaíl C&D], srl., agus treoir reachtúil ghaolmhar | RTRÁO; OOP | RCAC, RIAI; GCC; comhlachtaí um thimpeallacht thógtha san earnáil phoiblí agus phríobháideach |
| | Scrúdú a dhéanamh ar chuimsiú Oifig na nOibreacha Poiblí mar chomhairleoir reachtúil ar reachtaíocht agus ar rialacháin a dhéanann difear do cháilíocht dearaidh sa timpeallacht thógtha, agus mar chomhairlí maidir le cláir bhonneagair. | | Tuairisciú chun breac-chuntas a thabhairt ar thuillteanais na tairisceana agus céimeanna a mholadh | RTRÁO | GBRÁ; OPR; RCPA; OOP |
| | Úsáid na n-uirlisí inbhuanaitheachta agus samhaltaithe spásúlachta ag údaráis phleanála a shainaithint agus a mhapáil, a sheachadann torthaí ailtireachta dearfacha, lena n-áirítear maidir le hoidhreacht ailtireachta agus an geilleagar ciorclach. | | Tuarascáil athbhreithnithe ar úsáid na n-uirlisí inbhuanaitheachta agus samhaltaithe spáis le haghaidh na dtorthaí ailtireachta is fearr laistigh den chóras pleanála, ag léiriú cás-staidéir dea-chleachtais agus ina bhfuil moltaí ar mhodhanna corpraithe i bpróisis phleanála agus forbartha réamhbhreathnaí. | RTRÁO; OPR | GBRÁ/CCMA/CCAA/AACO |


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Úsáid na hearnála poiblí ar Chreat-Leibhéal/Leibhéil an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn chun feabhas a chur ghlacadh le huirlisí saolré, trína ndéantar dearadh foirgneamh inbhuanaithe agus cleachtas tógála a thomhas, lena n-áirítear príomhshruthú laistigh de phróisis rialála dearbhuithe táirgí comhshaoil agus áiritheoirí carbóin eile agus roghnú na n-uirlisí barrmhaithe le haghaidh measúnú saolré ar fhoirgnimh a tógadh go traidisiúnta; Comhairliúchán le páirtithe leasmhara a reáchtáil maidir le huirlisí inbhuanaitheachta sonracha a ionchorprú i gcreataí rialála | Sraith náisiúnta d'uirlisí measúnaithe inbhuanaitheachta dearaidh agus tógála chun feidhmíocht chomhshaoil saolré, sláinte agus compord, agus costas, luach agus riosca a bhaineann leis an gcomhshaol tógtha traidisiúnta, nua-aimseartha agus beartaithe a fhíorú; le moltaí maidir leis na modhanna optamacha ionchorprú i gcreataí rialála pleanála agus forbartha | RTRÁO; RCPA (OGP); | RCAC; OOP; GFT; OPR; SEAI; institiúidí gairmiúla; comhlachtaí san earnáil tógála; IGBC |
| | Tacú le táirgeadh Taifead Náisiúnta ar struchtúir agus limistéir atá faoi chosaint na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, chun bunachar sonraí mapála comhtháite dinimiciúil a chruthú le haghaidh bainistíocht ghníomhach riosca agus cáilíochta, lena dtugtar tacaíocht d'athghiniúint uirbeach agus tuaithe agus le bainistíocht réadmhaoine. | Bunachar sonraí Taifead Náisiúnta na Struchtúr Cosanta agus na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta bunaithe ar GIS, ina bhfuil comhéadain náisiúnta agus údaráis phleanála le ciseal atá inrochtana don phobal | RTRÁO; RCPA (aonad sonraí oscailte); | GBRÁ |
| | Measúnú ar shaintréithe an tírdhreacha náisiúnta a dhéanamh (lena n-áirítear tréithriú tírdhreacha stairiúla);<br><br>Dréacht-treoir phleanála reachtúil ar mheasúnú ar shaintréithe an tírdhreacha;<br><br>Tacú leis an GCC chun treoir SEA a tháirgeadh maidir le meastóireacht a dhéanamh ar shaintréithe an tírdhreacha agus na hoidhreachta cultúrtha (lena n-áirítear oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta) chun táscairí tionchair sainiúla agus oibiachtúla a áireamh | Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha Náisiúnta (creat sonraí agus mapa carachtar GIS idirghníomhach, idir-inoibritheach le córais sonraí úsáide talún atá ann cheana); treoir reachtúil um measúnú carachtar tírdhreacha agus treoir um tháscairí tírdhreacha um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a fhoilsiú (le comhtháthú i dtreoirlínte SEA do chomhthionóil réigiúnacha agus d'údaráis phleanála; dréacht, 2021) | RTRÁO; RCPA (aonad sonraí oscailte); GCC; | RCAC; BIÉ; GBRÁ/CCMA; ranna rialtais; institiúidí gairmiúla timpeallachta tógtha agus eagraíochtaí ionadaíocha; |
| | Treoir reachtúil a fhoilsiú maidir le forbairt inbhuanaithe na timpeallachta tógtha stairiúla lena n-áirítear athúsáid struchtúir chosanta do chóiríocht chónaithe (cf. gníomh Tithíocht do Chách 20.2); critéir maidir le foirgnimh ar scála mór agus ar mhórscála i gceantair uirbeacha stairiúla; srl. | Doiciméid reachtúla um phleanáil chun cinn agus um bhainistíocht forbartha [neamhspleách nó san áireamh in athbhreithniú ar threoir phleanála reachtúil atá ann cheana]; | RTRÁO | GBRÁ / CCMA; |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Samhlacha dea-chleachtais um chomhfhorbairt áite a chur chun cinn ar fud na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, ag tarraingt ar: critéir cháilíochta náisiúnta atá beartaithe; Athbhreithniú Dearaidh RIAI; critéir cháilíochta deartha OMC an Choimisiúin Eorpaigh; Prionsabail Cháilíochta Eorpacha ICOMOS (2020); modh plean caomhantais (ICOMOS na hAstráile) | | Cur chuige dea-chleachtais a scaipeadh maidir le hathghiniúint uirbeach, deisiú agus athchóiriú carachtar ar mhaithe le céimeanna feabhsaithe dearaidh agus forfheidhmithe agus tairbhí comhshaoil agus sóisialta intomhaiste ó thionscnaimh um chomhfhorbairt áite | RTRÁO; OOP; RIAI | OPR; GFT; GBRÁ/CCMA; |
| 6 | **Téacs tag.** | **Réimse gnímh** | **Clár gnímh** | | |
| | 3.1 | Eolas a Ghiniúint | Seirbhís náisiúnta taighde ailtireachta agus timpeallachta tógtha a bhunú | | |
| | **Cuspóirí NPA** | | **Táscairí ratha** | | |
| | Inbhuanaitheacht<br>Cáilíocht<br>Ceannaireacht | | Laghdaítear an spleáchas ar thoimhdí nó ar shonraí páirteacha mar fhoinse náisiúnta inrochtana saineolais taighde agus aschuir atá deimhnithe ó thaobh cáilíochta;<br>Cumas méadaithe maidir le bailiú iomlánaíoch sonraí, taighde, anailís agus moltaí;<br>Le haschuir thaighde, cuirtear feabhas ar cháilíocht na cinnteoireachta ar an timpeallacht thógtha ar bhonn náisiúnta;<br>Maoinítear líon méadaithe na dtionscadal taighde ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh le héifeacht iartheachtacha ar an mbonn eolais | | |
| | **Céimeanna i dtreo na torthaí inmhianaithe a sheachadadh** | | **Aschur(aschuir) f(h)éideartha** | **I gCeannas** | **Príomhpháirtithe leasmhara** |
| | Togra a cheapadh don aonán taighde de réir riachtanas | | Struchtúr foirmiúil dlí, rialachais agus maoinithe | RTRÁO | R/AIRGEADAS; RCPA; RBATNE; |
| | Clár taighde ilbhliantúil a chostáil agus a aontú | | Saoráid fhisiciúil bunaithe a mbeadh clár taighde, modhanna maoinithe agus príomhfhoireann i bhfeidhm inti | RTRÁO | R/AIRGEADAS; RCPA; RBATNE; |
| 7 | **Téacs tag.** | **Réimse gnímh** | **Clár gnímh** | | |
| | 3.2 | Eolas a Ghiniúint | Feabhas a chur ar chumas oideachais na timpeallachta tógtha agus ar mhalartú eolais | | |
| | **Cuspóirí NPA** | | **Táscairí ratha** | | |
| | Inbhuanaitheacht<br>Cáilíocht<br>Ceannaireacht<br>Cultúr | | Cur chuige críochnúil, trasdisciplíneach i leith dearbhú cáilíochta in oideachas agus oiliúint timpeallachta tógtha (leibhéil 5-10 CNC; gach cineál slí bheatha), bunaithe ar lúba aiseolais / malartú eolais;<br>Freagraí solúbtha ar fud na tíre lena dtugtar aghaidh ar bhearnaí scileanna sainaitheanta agus neamhréireanna i ngairmeacha deartha agus seachadta timpeallachta tógtha agus róil cheannaireachta / bhainistíochta;<br>Méadú ar líon na mac léinn (lena n-áirítear iarchéime), printíseach agus faoi oiliúint, rud a léiríonn déimeagrafaic shóisialta reatha;<br>Faisnéis ábhartha áitiúil, náisiúnta agus AE a scaipeadh go héifeachtúil, go tráthúil, go cothrománach agus go hingearach chun tacú le cleachtas timpeallachta tógtha ar ardchaighdeán san earnáil phoiblí;<br>Rannpháirtíocht dhinimiciúil ón earnáil phoiblí-phríobháideach a chuireann tosaíochtaí coiteanna téamacha agus próisis chun cinn trí ghrúpaí, comhdhálacha, imeachtaí, foilseacháin agus seachadadh FGL | | |

| | Céimeanna i dtreo na torthaí inmhianaithe a sheachadadh | Aschur(aschuir) f(h)éideartha | I gCeannas | Príomhpháirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| | Lárionad sármhaitheasa náisiúnta a bhunú le haghaidh oideachas agus oiliúint ailtireachta agus timpeallachta tógtha, le naisc fhoirmiúla leis an eintiteas taighde thuas agus le soláthraithe oideachais agus oiliúna breis agus tríú leibhéal; le feidhmeanna m.sh. cláir breisoiliúna oiliúnóra a sholáthar, aonad imscrúdaithe foirgnimh thraidisiúnta agus mol scileanna a áireamh (chun scileanna traidisiúnta suímh agus feidhmiú scileanna digiteacha a chur i bhfeidhm i gcaomhnú, m.sh. samhaltú faisnéise foirgnimh stairiúla); cláir scileanna na hÉireann a nascadh le tosaíochtaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, m.sh. Tonn Athchóirithe, Bauhaus Eorpach Nua; agus roghanna gairme ailtireachta agus timpeallachta tógtha a léiriú | Lárionad tiomnaithe, neamhspleách nó laistigh d'institiúid acadúil cheannródaíoch, le fócas náisiúnta, sa todhchaí ar eolas agus scileanna ailtireachta agus timpeallachta tógtha le haghaidh inbhuanaitheachta (comhshaoil, sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch), lena n-áirítear píolótach a dhéanamh ar tharchur aschur taighde ón aonán taighde le hinstitiúidí acadaimh agus athbhreithniú lena ionchorprú in athbhreithnithe curaclaim | RTRÁO, OOP | RBATNE, RCPA (OGP), OPR, SOLAS, ÚAO, ÚFIÉ, IGBC |
| | Réimsí a shainaithint a dteastaíonn maoirseacht agus athbhreithniú cáilíochta uathu maidir le torthaí teagaisc san ailtireacht agus sa timpeallacht thógtha in institiúidí tríú leibhéal agus breisoideachais, le fócas ar riachtanais agus dúshláin eolais agus scileanna atá ag teacht chun cinn (m.sh. digiteach, geilleagar ciorclach) agus modhanna praiticiúla seachadta. | Cruthú coistí maoirseachta / painéil d'ionadaithe gairmiúla institiúide timpeallachta foirgnithe a idirghníomhaíonn le hionadaithe oideachais agus oiliúna chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar thorthaí foghlama agus treoir a thabhairt ó réamhaisnéis na hearnála-scileanna | RIAI; OOP | Institiúidí gairmiúla timpeallachta tógtha; scoileanna ailtireachta, innealtóireachta, pleanála agus suirbhéireachta (lena n-áirítear tírdhreach, oidhreacht agus timpeallacht nádúrtha) |
| | Cláir bhreise Acadamh Scileanna Tráchtála a cheapadh chun breisoiliúint a chur ar údaráis phoiblí | Sraith de chláir oiliúna modúlacha agus tionscnaimh FGL ar thosaíochtaí téamacha timpeallachta tógtha d'ionadaithe údarás conarthach arna n-oibriú ag an Acadamh Scileanna Tráchtála | RCPA; RIAI; SCSI | RTRÁO; GBRÁ; OPR; tionóil réigiúnacha; institiúidí gairmiúla |
| | Fóram agus líonra malartaithe eolais earnála fíorúla a chruthú | Líonra ar líne chun nuashonruithe AE, náisiúnta agus earnála a scaipeadh m.sh. Bauhaus Eorpach nua agus fóram malartaithe m.sh. ar dhea-chleachtais i sainiúlachtaí reatha nó atá ag teacht chun cinn amhail dearadh uirbeach agus caomhnú foirgneamh, agus réamhaisnéisí earnála agus foilseacháin agus tionscadail eile maidir leis an gcomhshaol tógtha a scaipeadh | RTRÁO; OPR; OOP; GBRÁ, CCAA; institiúidí earnála; [srl.] | Comhlachtaí poiblí a bhfuil freagrachtaí timpeallachta tógtha orthu, eagraíochtaí ionadaíocha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil tógtha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhálacha ildisciplíneacha bliantúla a eagrú chun comhairle agus dea-chleachtais a scaipeadh san ailtireacht, san oidhreacht thógtha, i gcomhfhorbairt áite agus i dtírdhreach ag ailtirí na hearnála poiblí agus na n-údarás áitiúil atá ar thús cadhnaíochta agus atá ag teacht chun cinn. | Féilire bliantúil de chomhdhálacha speisialaithe, ildisciplíneacha ar ábhair tosaíochta le himeachtaí foilsithe piar-athbhreithnithe | RTRÁO & OOP i gcomhpháirt mar chomhchathaoirligh ar bhord seachadta an NPA | Institiúidí gairmiúla timpeallachta tógtha; scoileanna ailtireachta, innealtóireachta, pleanála agus suirbhéireachta (lena n-áirítear tírdhreach, oidhreacht agus timpeallacht nádúrtha) |
| | Bunachar sonraí dinimiciúil aschuir taighde agus eolais ar fhoirgnimh agus ar bhailte traidisiúnta agus samhail phróifílithe a chur le chéile agus a úsáid chun samhlacha dea-chleachtais a mholadh d'athghiniúint bhailte, ag cabhrú le hinfheistíocht agus le cur chun feidhme SDG (m.sh. Comhpháirtíochtaí Bailte na hAlban agus tionscnaimh na hAlban, Scéim Athnuachana na Limistéar Caomhantais agus An Clár Oidhreachta & Áite) | Mol eolais, trína nasctar faisnéis, bunachar sonraí taighde agus samhlacha dea-chleachtais d'athghiniúint foirgneamh traidisiúnta agus ceantair uirbeacha in Éirinn agus áiteanna inchomparáide, chun comhlánú a dhéanamh don tionscnamh um Thús Áite do Lár an Bhaile | RTRÁO; RFTP | GBRÁ |
| | Údaráis phoiblí a spreagadh chun úsáidí ailtireachta, oideachais agus cultúrtha 'idir an dá linn' a éascú i bpreabionaid, m.sh. spásanna taispeántais agus léirithe, saotharlanna maireachtála, i bhfoirgnimh bailte stairiúla tearcúsáidte, arna n-oibriú ag aonáin sheachbhrabúis | Treoir ghearr d'údaráis phoiblí maidir le tacú le himeachtaí agus le taispeántais feasachta ailtireachta, cultúir agus oideachais i bhfoirgnimh lár an bhaile nach bhfuil á n-úsáid go poiblí, le léaráidí de na modhanna a úsáidtear i gcás-staidéir rathúla | RTRÁO | GBRÁ/CCMA/CCAA/AAACO; OPR; institiúidí acadúla agus oiliúna; An Chomhairle Ealaíon; IAF; Éire Ildánach; grúpaí sochaí sibhialta |

# Aguisín 2: **Straitéis Feidhmiúcháin**




**1. Leag amach fís an-láidir**

Déan insint straitéiseach a chomhchruthú trí phlean oibre, lena bhfuil fís an-láidir, spriocanna sonraithe agus abhcóideacht ar son dearcadh oscailte, trína gcothaítear malartú eolais agus feabhsú leanúnach

**2. Tabhair raon leathan páirtithe leasmhara le chéile**

Déan rannpháirtíocht fhorleathan a spreagadh trí raon leathan daoine a bhfuil tuairimí agus riar scileanna éagsúla acu a thabhairt le chéile agus cluas éisteachta a thabhairt dóibh, trína gcruthófar lúb leanúnach aiseolais ar bhonn náisiúnta

**3. Comhpháirtíochtaí agus cláir oibre a chur ar bun**

Déan taighde ar fhreagairtí comhchoiteanna ar dhúshláin shochaíocha trí mhodh an chomhoibrithe idirdhisciplínigh agus tacaigh le hailtirí léargas nua a ghiniúint

**4. Sraitheanna straitéisí agus treoracha a chur i dtoll a chéile mar acmhainní comhchoiteanna**

Cuir acmhainní comhchoiteanna i dtoll a chéile amhail critéir, sraitheanna straitéisí agus treoracha ar ardchaighdeán d'fhonn torthaí dearaidh agus seachadta maidir le háiteanna, spásanna agus foirgnimh a fheabhsú agus feasacht agus tuiscint a mhúscailt

**5. Lúba aiseolais a chur ar bun agus eolas nua a scaipeadh**

Feidhm phraiticiúil a léiriú trí shamplaí, staidéir agus cláir phíolótacha a chur i láthair an tsaoil ina léirítear dea-éifeachtaí na hailtireachta maithe ar an aeráid, ar an dúlra, ar an ngeilleagar, ar shláinte agus ar fholláine

**6. Ceachtanna a fhoghlaim trí bheith ag déanamh agus ag athbhreithniú**

Cumasaigh infheistíochtaí straitéiseacha i gcomhfhorbairt áite ardchaighdeáin ar scála agus de chineál atá ar aon dul le huaillmhian bheartais, a dhéanann deiseanna eile maoinithe náisiúnta agus AE a ghiaráil agus a chruthaíonn luach trí chaipiteal sibhialta

## Cur chun feidhme an bheartais seo

Is é sprioc an chláir forfheidhmithe go gcuirfidh gach páirtí leasmhara ailtireachta agus timpeallachta tógtha le feabhsú leanúnach an choirp eolais. Beidh torthaí gníomhaíochta an chláir ina mbloic thógála chun an sprioc seo a bhaint amach. Beidh gach ceann acu mar chuid den phróiseas níos leithne chun tionchar an eolais agus an tsaineolais ailtireachta a leathnú agus a dhoimhniú, ar mhaithe le leas na sochaí agus an chomhshaoil.

Áirítear ar phríomhchuspóirí an chreata rialachais agus cur chun feidhme:

1. Feasacht a chothú ar an mbeartas seo agus a chuspóir cumasúcháin, agus na tairbhí a bhaineann leis a léiriú ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha agus na sochaí
2. Comhdhearcadh trasearnála a thógáil maidir leis an bhfís beartais, na cuspóirí agus na spriocanna trí phríomh-pháirtithe leasmhara a bheith ag comhaontú comhchuspóir
3. Struchtúr comhpháirtíochta beartais agus cláir oibre a chruthú chun gníomhartha tosaíochta a dhíriú, a thionscnamh, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú
4. Dearadh gníomhaíochta, réiteach fadhbanna agus acmhainní a chineachadh chuig comhpháirtíochtaí beartais a bhfuil taithí phearsanta acu ar na saincheisteanna ábhartha
5. Sásraí aiseolais a dhearadh agus tuairisc a thabhairt ar éifeachtacht fhorfheidhmiú an bheartais ar fud an rialtais agus earnáil na timpeallachta tógtha
6. Tiomantas a thabhairt d'athbhreithnithe trí bliana ar an straitéis, clár oibre agus méadracht/táscairí chun eolas a thabhairt don chlár oibre trí bliana ina dhiaidh sin.

Beidh go leor eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla páirteach i ndearadh agus i seachadadh an chláir chur chun feidhme. Beidh sé bunaithe ar chomhghuaillíocht leathan ailtireachta a chur le chéile a dhéanfaidh ionadaíocht ar an ngréasán casta, idirnasctha de bheartas comhshaoil tógtha, oibríochtaí, córais oideachais, deartha agus seachadta agus eagraíochtaí abhcóideachta agus cumarsáide. Mar gheall ar an gcastacht choibhneasta seo, tá sé ríthábhachtach go léireoidh an creat rialachais ceapadh beartais san fhadtéarma agus go rannchuidíonn sé leis trí naisc a dhaingniú le tionscnaimh náisiúnta eile ar nós Tionscadal Éireann 2040, an Plean Gnímh don Aeráid, Tithíocht do Chách, an beartas um Thús Áite do Lár an Bhaile, Oidhreacht Éireann 2030 agus Cultúr 2025.

Don cur chun feidhme, tá gá le rannpháirtíocht ar leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san earnáil phoiblí chomh maith le slógadh earnálacha éagsúla, eagraíochtaí idirghabhála, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus sochaí níos leithne na hÉireann. Ba cheart go mbeadh comhpháirtíochtaí agus modhanna comhoibrithe lúfar, chun freagairt sa bhealach is fearr a oireann do gach imthoisc. Méadóidh comhpháirtíochtaí tras-earnála tuiscint, cruthóidh siad cuspóir coiteann agus cruthóidh siad caidrimh.

# Prionsabail maidir leis an mbeartas seo a chur chun feidhme

## Ár gcultúr a shaibhriú trí ailtireacht a chomhtháthú

- Cuirfidh an NPA luach na hailtireachta mar chuid de chultúr na hÉireann in iúl, mar fhórsa dearfach a léiríonn agus a mhúnlaíonn sochaithe agus a thacaíonn le féiniúlachtaí agus luachanna daoine.
- Cuirfidh an NPA cultúr cinnteoireachta fianaise-bhunaithe chun cinn a dhíreoidh ar riachtanais daoine, áite agus phláinéid, toisc gurb é dearadh don chomhshaol agus don tsochaí an t-aon bhealach le geilleagar inbhuanaithe a chruthú.
- Molfaidh an NPA úsáid níos leithne comhbhá cruthaitheach, cuir chuige comhoibritheach, agus saineolas dearadh agus ábhar chun tuiscint a mhéadú ar na naisc doroinnte idir an timpeallacht nádúrtha, ailtireacht, pleanáil spásúlachta agus folláine an duine.

## Daoine a chumhachtú tríd an ailtireacht

- Beidh luach ag an NPA ar eolas idirdhisciplíneach ar an timpeallacht thógtha agus tógfaidh sé caidreamh marthanach arna chruthú ag cuspóir coiteann
- Déanfaidh an grúpa comhairleach forfheidhmithe i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara cur chun feidhme an NPA a thomhas, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú
- Cuirfear an NPA i bhfeidhm ar aon dul le beartais chultúrtha agus ailtireachta na hEorpa agus na hÉireann a thugann tús áite do chur chuige atá dírithe ar dhaoine agus atá bunaithe ar cháilíocht maidir le cinnteoireacht ailtireachta.

## Freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn tríd ailtireacht

- Beidh an NPA ina bheartas beo, a bheidh oiriúnaithe agus freagrúil do riachtanais arna gcur in iúl ag taighde reatha agus fianaise atá ag teacht chun cinn ar fud na n-earnálacha agus na leibhéil ar fad, ar mhaithe le comhleas.
- Úsáidfear prionsabail cháilíochta agus bharainneacha chun díriú ar riachtanais ailtireachta an chomhshaoil, na sochaí agus an gheilleagair agus úsáidfear próisis éifeachtúla agus éifeachtacha chun oibriú i dtreo iad a chomhlíonadh.
- Déanfar réimsí chur chun feidhme tosaíochta an NPA a athbhreithniú de réir mar a thugann páirtithe leasmhara sa timpeallacht thógtha tosaíocht do ghníomhartha, iad a bheachtú, a dhearadh agus a chur chun feidhme go comhoibritheach, ag teacht le dea-chleachtais agus ag tacú le beartais, rialacháin agus riachtanais timpeallachta tógtha.
- Cuirfidh gach céim as a chéile de chur chun feidhme NPA le lúb aiseolais faisnéise agus ceannaireachta, a scaipfear ar go leor bealaí ó pháipéir thaighde agus treoir go hardáin ar líne agus na meáin shóisialta.

**Déanfar athruithe ar threoir nó ar thosaíocht le linn na tréimhse cur chun feidhme a mheas de réir na bprionsabal sin.**



Plás Nano De Nógla, Corcaigh le Jack Coughlan Architects. Buaiteoir ghradam RIAI, 2020.
Grianghraf le f22 Photography

# Aguisín 3: **Straitéis Chumarsáide**

## Straitéis don bheartas seo a chur in iúl

Tabharfaidh an straitéis chumarsáide treoir do phobail, d'úsáideoirí, do chliaint foirgníochta, d'údaráis phoiblí, do ghairmithe timpeallachta tógtha, do chonraitheoirí agus d'oideachasóirí chun freastal ar an dúshlán an-chasta deartha agus cumarsáide atá leagtha amach sa bheartas seo agus i bpleananna eile don chomhshaol tógtha. Is gnó ríthábhachtach é fís agus dul chun cinn an Bheartais Náisiúnta um Ailtireacht a chur in iúl do na páirtithe leasmhara go léir. Ní mór dó raon leathan daoine aonair agus eagraíochtaí a spreagadh chun róil a ghlacadh i gcur i bhfeidhm an bheartais, dul chun cinn a léiriú agus a thomhas agus na haschuir agus na torthaí a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara go léir.

Bainfidh na cuir chuige cumarsáide leas as saineolas aonad cumarsáide na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ar straitéisí cumarsáide seanbhunaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta go léir. Áireofar ar riachtanais chumarsáide sheasta tuarascáil bhliantúil ina míneofar dul chun cinn agus eisíocaíocht cistí.

Samhlaítear gur chóir an réamhrá tosaigh agus an straitéis um múscailt feasachta faoin mbeartas seo a dhearadh go cúramach le príomhpháirtithe leasmhara, chun fís, cuspóirí agus gníomhartha an Bheartais Náisiúnta um Ailtireacht a chur chun cinn. Sa straitéis, leagfar béim ar ról an bheartais d'údaráis phoiblí agus pobail araon chun tacú leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta, Cultúr 2025 agus Oidhreacht Éireann 2030 chun a spéis agus a dtacaíocht láithreach a bhailiú.

Tá comhábhair na straitéise cumarsáide seo cosúil leo siúd a úsáidtear i gcleachtadh bainistíochta athruithe: éisteacht, plé, léiriú, malartú agus éisteacht arís; chun comhthuiscint agus comhleas a aimsiú agus eagla a laghdú, muinín agus spreagadh a chothú do na chéad ghníomhartha amhail eiseamláirí, tionscadail phíolótacha, trialacha agus tionscnaimh mhionscála.

Beidh cumarsáid le go leor catagóirí de pháirtithe leasmhara i gceist leis na gníomhartha beartais – iad siúd a bhfuil a ngairmeacha beatha acu sa timpeallacht thógtha; iad siúd atá, a bhí nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcliant (poiblí nó príobháideach) agus iad siúd a bhfuil suim acu ann, iad siúd a bhfuil tuairim acu faoin ailtireacht nó faoina gceantar áitiúil féin.

Cabhróidh na céimeanna de feasacht-mian-eolais-cumais-treisiú ar a dtugtar an t-acrainm ADKAR, a úsáidtear i go leor eagraíochtaí, chun cuspóirí an bheartais seo a chur in iúl. Trí úsáid a bhaint as ADKAR, díreoidh an straitéis ar na hábhair imní is mó atá ag saoránaigh féachaint conas is féidir le hailtireacht athruithe dearfacha a dhéanamh ar

scála áitiúil, cosúil le Tús Áite do Lár an Bhaile, nó coincheap na cathrach laistigh de 15 nóiméad.

Tá gach catagóir de pháirtithe leasmhara chomh tuillteanach lena chéile maidir le fios a bheith acu cá n-oireann siad le cur chun feidhme an bheartais agus spreagtar iad le páirt a ghlacadh.

- Pobal / léirmheastóir: beidh an t-eolas ginearálta, ag múscailt feasachta ar luach na hailtireachta agus an dearaidh sa timpeallacht thógtha trí na meáin shóisialta/ar líne, feachtais chur chun cinn, cás-staidéir ghearr nó tionscnaimh rannpháirteacha arna n-oibriú le maoiniú NPA.
- Cliant: uathu siúd a bhfuil baint ghairmiúil acu le foirgnimh a sholáthar go saoránaigh phríobháideacha atá ag smaoineamh ar shíneadh tí, tá an fhaisnéis faisnéiseach faoi na buntáistí a bhaineann le cáilíocht, le dearthóirí agus le tógálaithe inniúla a fhostú agus na cineálacha cur chuige atá le breithniú chun tosaíocht a thabhairt do cháilíocht ailtireachta agus rath a thomhas ó na chéad chéimeanna de thionscadal féideartha maidir le coimisiúnú an fhoirgnimh chríochnaithe.
- Gairm: faisnéis mhionsonraithe theicniúil a shoiléiríonn lárnacht an dearadh spásúlachta agus cur chuige iomlánaíoch, na buntáistí a bhaineann le modhanna oibre comhoibritheacha idir ailtirí agus gairmithe eile i dtimpeallachtaí tógtha ó chéimeanna tosaigh an bhreithmheasa ar roghanna; na céimeanna de phróisis soláthair phoiblí nó eile agus ceannaireacht na bhfoirne bainistíochta tionscadal.

Bainfidh an beartas úsáid as cur chuige tomhaiste, mealltach, comhsheasmhach agus rannpháirteach trí na meáin chlóite agus dhigiteacha, chun moltaí a lorg ag gach céim agus léiriú nuair a glacadh le tuairimí agus inar comhtháthaíodh iad sa chur chun feidhme.

Beidh trédhearcacht faoin dul chun cinn ina chloch choirnéil de na ceanglais tuairiscithe bhliantúla, chun an dul chun cinn atá á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a thaispeáint agus chun deacrachtaí nó bacainní a léiriú.

Beidh na bealaí cumarsáide ceangailte leis an ardán malartaithe eolais atá beartaithe, chun go bhféadfar gach cineál faisnéise agus doiciméad a uaslódáil, ó thionscadail eolaíochta saoránach / iarrachta dáilte go tuarascálacha ina leagtar amach taighde teicniúil casta ónár n-ollscoileanna is mó le rá, le huirlisí éisteachta dóibh siúd a fhéadfaidh, seachas sin a mhothú go bhfuil siad eisiata agus moil aiseolais do chineálacha grúpaí sainleasa.

# Aguisín 4: Gluais, Giorrúcháin Agus Tagairtí

## Gluais de roinnt téarmaí ailtireachta

**Ailtireacht** - is freagra deartha í ar riachtanas an duine maidir le foscadh, arna shloinneadh mar léiriú beo ar chultúr agus mar chuid lárnach d'fhéiniúlacht an duine. D'fhéadfadh raon scálaí bheith i gceist le hailtireacht agus leis an dearadh, amhail sonraí an fhoirgnimh – cosúil le hanla dorais – an foirgneamh, an tsráid agus fiú scála tírdhreacha, baile nó cathrach.

**Oidhreacht ailtireachta** - is éard atá i gceist leis seo ná léiriú thar a bheith luachmhar ar shaibhreas agus ar éagsúlacht na struchtúr agus na dtírdhreach deartha den am atá caite, ní hamháin ar mhóréachtaí ealaíne ach freisin ar shaothair laethúla na gceardaithe, a ghnóthaigh carachtar agus suim ar leith trína gcáilíocht intreach, toisc go bhfuil siad fós le feiceáil agus go bhfuil aithne ag daoine orthu. (Treoirlínte um Oidhreacht Ailtireachta a Chosaint, 2011)

**Taighde ailtireachta** - is imscrúdú é seo ar eolas nó ar smaointe nua nó feabhsaithe faoi dhearadh don timpeallacht thógtha agus cuimsítear ann éagsúlacht fo-dhisciplíní lena n-áirítear, mar shampla, teicneolaíocht tógála, staidéir ar iompar comhshaoil agus stair na hailtireachta.

**Baukultur** - is focal Gearmánach é a dhéanann cur síos ar ghníomhaíocht dhaonna a athraíonn spásanna agus an timpeallacht mhaireachtála ar bhealach dearfach, lena n-áirítear foirgnimh atá ann cheana féin – lena n-áirítear an oidhreacht thógtha – chomh maith le foirgnimh chomhaimseartha, bonneagar, spásanna poiblí agus tírdhreacha. Tagraíonn sé freisin do nósanna imeachta pleanála fadbhreathnaitheacha maidir le pleananna, cláir agus tionscadail timpeallachta tógtha amach anseo. Tagraíonn Baukultur do nósanna imeachta agus do bhealaí pleanála ar thaobh amháin agus ar an taobh eile modhanna tógála, athúsáide agus athearraíochta a bhaint, lena nglactar le scileanna tógála traidisiúnta agus áitiúla chomh maith le teicnící nuálacha (féach OMC, 2021, lch.123).

**Timpeallacht thógtha** - suim na struchtúr agus an bhonneagair i spásanna agus in áiteanna, ina bhfuil daoine ann i gcóngaracht agus atá á chruthú acu go gníomhach agus rud a mbíonn tionchar aige ar shaol agus ar iompar daoine

**Taighde cleachtais chruthaithigh** - is cineál taighde acadúil é ina n-ionchorpraítear gné cleachtais sa mhodheolaíocht agus san aschur taighde (féach OMC, 2021, lch.124).

**Oidhreacht chultúrtha** - Is sraith acmhainní é a fuarthas le hoidhreacht ón am atá thart a bhraitheann daoine mar léargas agus mar léiriú ar a gcuid luachanna, creidimh, eolas agus traidisiúin a bhíonn ag athrú de shíor (féach Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa, 2005, Airteagal 2).

**Córas Cáilíochta Davos Baukultur** - Is ionstraim é chun measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí Baukultur in áiteanna tríd úsáid á baint as ocht gcritéar (féach https://davosdeclaration2018.ch/quality-system/)

**Táscairí cáilíochta dearaidh** – is uirlisí iad seo lena gcuirtear ar chumas gach páirtí a bhfuil spéis acu ann cáilíocht dearaidh tionscadal tógála agus áite a mheas ag gach céim de na céimeanna pleanála, deartha, tógála agus áitíochta; áirítear orthu sin Córas Cáilíochta Davos Baukultur, an bhileog mheasúnachta I dTreo Cultúir Chomhroinnte Ailtireachta agus sraith straitéisí Táscaire Cáilíochta Dearaidh an RA. Leagtar amach táscairí cáilíochta dearaidh uirbeacha sa Lámhleabhar Deartha um Cháilíocht Tithíochta (2022).

**Tírdhreach** – is ionann tírdhreach agus limistéar, mar a aithníonn daoine é, ar tháinig a charachtar chun cinn de thoradh gníomhaithe agus idirghníomhaithe tosca nádúrtha agus/nó daoine. (Alt 1, Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa, 2000)

**Bauhaus Nua Eorpach** – is tionscnamh cruthaitheach agus idirdhisciplíneach é seo a nascann an Comhaontú Glas don Eoraip lenár saol laethúil agus leis na spásanna maireachtála atá againn. Le Bauhaus Nua Eorpach, iarrtar ar gach Eorpach todhchaí a shamhlú agus a mhúnla le chéile, todhchaí atá inbhuanaithe agus ionchuimsitheach agus atá tarraingteach dár súile, dár n-intinn agus dár n-anam.

**Timpeallacht mhaireachtála** - comhdhéanamh cothromaithe de na timpeallachtaí saorga agus nádúrtha, lena n-áirítear spásanna lasmuigh agus laistigh (féach OMC, 2021, lch.125).

**Pobail chliste** - is réigiúin iad ina n-oibríonn saoránaigh, rialtais, cuideachtaí agus institiúidí le chéile le réitigh nuálacha teicneolaíochta chun cáilíocht na beatha a fheabhsú trí sheirbhísí níos fearr a chur ar fáil.

Is í **Pleanáil spásúlachta** an mhodheolaíocht a úsáidtear chun moltaí d'fhorbairt áiteanna ar scálaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chomhordú, trí chuspóirí agus gníomhaíochtaí a leagan síos i bpleananna forbartha a úsáidtear chun cláir agus tionscadail a mheasúnú, agus é mar aidhm acmhainní a úsáid ar bhealach inbhuanaithe

Is é **Dearadh uirbeach** an próiseas comhoibríoch, ildisciplíneach a bhaineann le dearadh agus múnlú gnéithe fisiceacha foirgneamh, sráideanna agus spásanna agus a n-idirghaolmhaireachtaí, ar scála na gcomharsanachtaí, na mbailte agus na gcathracha (féach Lámhleabhar um Dhea-Chleachtas sa Dearadh Uirbeach, 2009 agus Lámhleabhar um Dhearadh Miondíola, 2012, lch. vi).

# Aguisín 4:

# Liosta na ngiorrúchán a úsáidtear sa bheartas seo

**AACO:** Cumann na nOifigeach Caomhantais Ailtireachta

**ABP**: An Bord Pleanála

**CCAA**: Cumann na Ailtirí Cathrach agus Contae

**CCMA**: Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae

**CIF**: Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta

**FGL**: Forbairt ghairmiúil leanúnach

**CWMF**: Creat Bainistíochta um Oibreacha Caipitiúla

**RCAC**: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

**RBATNE**: An Roinn Breisoideachas agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

**RTRÁO**: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**RCPA**: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**RFTP**: An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

**GCC**: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**ESRI**: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

**GIS**: córais faisnéise geografaí

**ÚAO**: An tÚdarás um Ard-Oideachas

**FSS**: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**IAF**: Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann

**IGBC**: Comhairle Tógála Glas na hÉireann

**ICOMOS**: An Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Láithreáin

**GFT**: An Ghníomhaireacht Forbartha Talún

**GBRÁ:** Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

**NEB**: Bauhaus Eorpach Nua

**ENR**: eagraíocht neamhrialtasach

**NIO**: An Oifig Náisiúnta Infheistíochta

**OGP**: Oifig Soláthair an Rialtais

**OMC**: Modh Oscailte Comhordaithe [sásra AE chun beartas idir-rialtasach a dhéanamh]

**OPR**: Oifig an Rialtóra Pleanála

**OOP**: Oifig na nOibreacha Poiblí

**RIAI**: Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

**RIA**: Acadamh Ríoga na hÉireann

**SCSI**: Cumann Shuirbhéirí Cairte na hÉireann

**ÚFIÉ**: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

**RTCEGSM**: An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin

**BIÉ**: Bonneagar Iompair Éireann

SFIanna na Náisiún Aontaithe: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

**URBACT**: Clár um Chomhar Críochach Eorpach

# Beartais maidir le hailtireacht agus an timpeallacht thógtha agus foilseacháin ghaolmhara

## Foilseacháin beartais ailtireachta na hÉireann:

Áiteanna do Daoine: Doiciméad Plé an Bheartais Náisiúnta ar Ailtireacht (2019)

Tuarascáil ar Chomhairliúchán an Bheartais Náisiúnta ar Ailtireacht (2021)

Beartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015. I dTreo Todhchaí Inbhuanaithe: Cáilíocht a Chur ar Fáil laistigh den Timpeallacht Thógtha (2009)

Beartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015. Tuarascáil Bhliantúil 2009-2010

Beartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015. Tuarascáil Bhliantúil 2011-12

Beartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015. Tuarascáil Bhliantúil 2013-15

Gníomhú ar son na hAiltireachta (2002)

## Beartais Creata Náisiúnta

Creat Pleanála Náisiúnta an Tionscadail Éire 2040 (Rialtas na hÉireann, 2018)

Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 (Rialtas na hÉireann, 2021)

Leasú Soláthair Tógala

Frámaíocht Bhainistíochta d'Oibreacha Caipitiúla

An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 (Rialtas na hÉireann, 2021)

Tithíocht do Chách (Rialtas na hÉireann, 2021)

Tús Áite do Lár an Bhaile (Rialtas na hÉireann, 2022)

Straitéis don Gheilleagar Ciorclach (Rialtas na hÉireann, 2021)

Oidhreacht Éireann 2030 (Rialtas na hÉireann, 2022)

Cultúr 2025, Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an bhliain 2025 (Rialtas na hÉireann, 2020)

Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn 2015-2025 (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2015)

## Treoirfhoilseacháin an Rialtais

Lámhleabhar Deartha um Thithíocht Ardchaighdeáin (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2022)

Traidisiún Beo, straitéis chun ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha a fheabhsú (Rialtas na hÉireann, 2021).

Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, 2019)

Treoirlínte maidir le Forbairt Uirbeach agus Airde Foirgneamh (An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, 2018)

Tithe a Chur Ar Ais in Úsáid (An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, 2018)

Pleananna Limistéar Áitiúil, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2013)

Lámhleabhar um Pleananna Limistéir Áitiúil (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2013)

Treoirlínte Pleanála Miondíola (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012)

Treoirlínte um Oidhreacht Ailtireachta a Chosaint (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2011)

Sraith Chomhairle (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2007 – anois)

An Todhchaí a Mhúnlú – cás-staidéir ar oiriúnú agus athúsáid i dtimpeallachtaí uirbeacha stairiúla (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2012)

Grúpa na hEarnála Tógála – Nuálaíocht a Fhorbairt (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 2020)

Ag Tacú le Sármhaitheas – Tionscadal Caipitil agus Athbhreithniú ar Acmhainneacht Seachadta an Chláir

(An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 2021)

Tuarascáil na Foirne Gnímh um Thacú le Sármhaitheas (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 2021)

Tograí Beartais do Bhailte na hÉireann (An Chomhairle Oidhreachta, 2015)

Tógáil do Chách: Cur chuige dearaidh uilíoch (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012)

Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh stairiúla a fheabhsú (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2022)

I bhfolach díreach os ár gcomhair – Luathfhoirgnimh uirbeacha a shainaithint, a dheisiú agus a athúsáid (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2022)

## Ionadaithe ghrúpa comhairleach an Bheartais Náisiúnta ar Ailtireacht:

Oifig na nOibreacha Poiblí: Oifig an Ailtire Stáit

An Roinn Oideachais, An tAonad Pleanála agus Tógála

Eastáit FSS: Príomhchomhairleoir Ailtireachta

Cumann Ailtirí Cathrach agus Contae

Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

Scoil na hAiltireachta, a bhfuil ionadaíocht déanta uirthi ag Scoil na hAiltireachta, Ollscoil Luimnigh

An Chomhairle Ealaíon

An Chomhairle Oidhreachta

Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann

## Naisc Ábhartha

An Clár Éire Ildánach

Cartlann Ailtireachta na hÉireann

Circuléire

An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch

## Tionscnaimh Eorpacha agus Idirnáisiúnta a bhaineann le beartas ailtireachta

## An Coimisiún Eorpach

Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an mBauhaus Eorpach Nua (2021)

Conclúidí ón gComhairle maidir le cultúr, ailtireacht ar ardchaighdeán agus timpeallacht thógtha ina bpríomhghnéithe den tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua (2021)

I dtreo cultúr comhroinnte ailtireachta – infheistiú i dtimpeallacht thógtha ardchaighdeáin do gach duine (2021)

Cairt Nua Leipzig. 2020

Clár Gnó Uirbeach don AE. 2016

Clár Gnó Nua Eorpach don Chultúr. 2018

Plean Oibre don Chultúr 2019-2022. 2018

Creat Gníomhaíochta Eorpach maidir leis an Oidhreacht Chultúrtha, 2019

Idirghníomhú idir Oidhreacht, Ailtireacht Comhaimseartha agus Dearadh (2015)

## An Fóram Eorpach maidir le Beartais Ailtireachta

Suirbhé ar Bheartais Ailtireachta san Eoraip. 2012

Conclúidí maidir le hAiltireacht: machnamh a dhéanamh; An Fóram Eorpach ar Bheartais Ailtireachta (2013)

An Todhchaí a Mhúnlú – fóram ar ailtireacht: an méid a chuireann cultúr le forbairt inbhuanaithe, comhdháil agus comhthionól ginearálta EFAP, nótaí rapóirtéara; Baile Átha Cliath (2013)

## Comhairle na hEorpa

Coinbhinsiún Tírdhreacha Chomhairle na hEorpa. (2000)

Coinbhinsiún ar Luach na hOidhreachta Cultúir don tSochaí (Coinbhinsiún Faro) (2005)

Coinbhinsiún um Oidhreacht Ailtireachta na hEorpa a Chosaint (1985)

## Na Náisiúin Aontaithe

Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide (1992)

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (2015)

Urban Maestro (UN-Habitat)

## Naisc eile

Comhairle Ailtirí na hEorpa: beartais ailtireachta an AE

Dearbhú Davos 'I dTreo Baukultur ardchaighdeáin don Eoraip' (2018)

Córas Cáilíochta Baukultur Davos (2021)

ICOMOS Prionsabail Cáilíochta Eorpacha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar Oidhreacht Chultúir (2020)

Comhpháirtíocht Cláir Oibre Uirbigh ar an nGeilleagar Ciorclach, Lámhleabhar ar athúsáid inbhuanaithe chiorclach a bhaint as spásanna agus foirgnimh (2019)

Bento, J. Laopoulou, T., Spatial design leadership; the role, instruments and impact of state architect (or similar) teams in fostering spatial quality and a place-making culture across five European states (Scoil Pleanála UCL Bartlett, 2019)

Grianghraif ar an gClúdach Cúil – Ceanncheathrú ESB, Baile Átha Cliath le Grafton Architects agus O'Mahony Pike Architects, á tógáil, 2020. Grianghraif le Grafton Architects, cóip déanta le caoinchead Grafton Architects.

Arna ullmhú agus arna dhearadh ag M-CO
www.mco.ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Department of Housing, Local
Government & Heritage
www.gov.ie/housing